

# Naisc Chóra, Trádáil Chóir: Acmhainn Teagaisc Faoin Afraic

*Le haghaidh rang 5 agus 6*


Tom Larkin, Liz Morris, Conall O'Caoimh,
Penelope Muzanenhamo, Barbara Wilson, Barbara O'Toole

*Institiúid Oideachais Marino agus Proudly Made in Africa*

Institiúid Oideachais MARINO Institute of Education
Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

PROUDLY MADE IN AFRICA

*2018*

*An grianghraf ar an gclúdach: ag obair le pónairí caife i monarcha MIA i Madagascar*
*© MIA Foodie*

Réamhrá: 4

An pacáiste seo a úsáid: 4

Forbairt an phacáiste: 6

Buíochas: 6

Gníomhaíocht roghnach: Réamhchleachtadh comhair: 8

**AONAD 1: AN MÉID A FHEICEANN MUID, AN MÉID ATÁ AR EOLAS AGAINN:** 10

**Gníomhaíocht 1:** Cad is eol dúinn faoin Afraic? 10

**Gníomhaíocht 2:** Réamhthuairimí faoin Afraic a cheistiú: 13

**Gníomhaíocht 3(i):** Fíormhéid na hAfraice: 18

**Gníomhaíocht 3(ii):** Cén áit san Afraic?: 23

**AONAD 2: TÁIMID GO LÉIR NASCTHA LE CHÉILE:** 26

**Gníomhaíocht 1:** Dearcthaí agus steiréitíopaí: 26

**Gníomhaíocht 2(i):** Íomhá amháin, an iliomad dearcthaí: 30

**Gníomhaíocht 2(ii):** Foghlaimímis tuilleadh 32

**Gníomhaíocht 3:** Foghlaimímis faoi thíortha na hAfraice: 35

**Gníomhaíocht 4:** Éire agus an Afraic: cultúr agus ceangail: 40

**AONAD 3: TRÁDÁIL AGUS IDIRSPLEÁCHAS:** 50

**Gníomhaíocht 1:** Iomaíocht nó comhar?: 50

**Gníomhaíocht 2:** Idirspleáchas agus domhandú: 57

**Gníomhaíocht 3:** Idirspleáchas agus trádáil – an Afraic agus Éire: 62

**Gníomhaíocht 4:** Ó Shíol go Siopa: 67

**Gníomhaíocht 5:** Ó pháirc go fiontar: fiontar beag - gnó mór: 72

**AONAD 4: FÉADAIMID A BHEITH CÁIRÉISEACH:** 88

**Gníomhaíocht 1:** Slí bheatha: tá níos mó i gceist leis ná pá a shaothrú: 88

**Gníomhaíocht 2:** Roghanna tomhaltóirí: 94

**Gníomhaíocht 3:** An fhoghlaim a roinnt / a athbhreithniú 101

# RÉAMHRÁ

Cuireadh an acmhainn oideachais forbartha seo ***Naisc Chóra, Trádáil Chóir: Acmhainn Teagaisc faoin Afraic*** le chéile chun tacú le múinteoirí bunscoile ábhair faoin domhan mór a theagasc agus saoránacht domhanda a fhorbairt i dtaca le hábhair den churaclaim amhail Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus eile.

Déantar scrúdú ann ar ábhair éagsúla, idirspleáchas agus domhandú, cuir i gcás, caidrimh thrádála agus roghanna tomhaltóirí, i bhfoclaíocht atá éasca do pháistí agus trí raon modheolaíochtaí gníomhacha agus rannpháirteacha atá ceaptha chun cuidiú le páistí ceisteanna casta a thuiscint agus a phlé.

Tá an acmhainn roinnte i gceithre Aonad, agus i ngach ceann acu tá pleananna ceachta atá nasctha leis an gcuraclam, maille le gníomhaíochtaí do na daltaí agus bileoga eolais, agus nótaí eolais do mhúinteoirí ina bhfuil tagairtí le haghaidh tuilleadh faisnéise. I measc na modheolaíochtaí tá obair i ngrúpaí beaga, taighde, foghlaim ar bhonn fiosraithe, plé uile-ranga, gníomhaíochtaí róghlactha, tráth na gceist, obair thionscadail agus gníomhaíochtaí machnaimh.

In Naisc Chóra, Trádáil Chóir scrúdaítear ceisteanna a bhaineann le trádáil domhanda agus ag an am céanna cuirtear íomhá chun cinn de thíortha na hAfraice mar chomhpháirtithe comhionanna trádála agus eacnamaíocha.

Déanann sé an méid seo a leanas:

- Tacaíonn sé le forbairt na smaointeoireachta criticiúla agus an tomhaltachais eiticiúil i measc daltaí
- Ceistíonn sé réamhthuairimí faoi thíortha a bhféadfadh breathnú orthu mar fhaighteoirí cabhrach agus sin amháin
- Cuidíonn sé chun dul i ngleic le steiréitíopaí agus réamhthuairimí maidir leis an Afraic, trí rogha níos machnamhaí agus níos oideachasúla a chur i láthair ar chur chuige ‘na trí F’, mar a thugtar air sa Bhéarla: “fundraising, fasting, and having fun” (Bryan & Bracken, 2011, lch. 151), a d’fhéadfadh a bheith coitianta i scoileanna

## An pacáiste seo a úsáid

Molann na húdair go dtéann múinteoirí trí aonaid an phacáiste san ord ina bhfuil siad curtha i láthair, ós rud é go bhfuil gach gníomhaíocht ceaptha le cur leis an méid atá foghlamtha cheana féin ag na daltaí, agus é a dhoimhniú. D’fhéadfadh tairbhe áirithe a bheith ag baint le ceacht nó dhó a roghnú thall is abhus, ach d’fhéadfadh sé nach gcumasódh sé sin plé níos doimhne leis an ábhar.

**Aonad 1** Tosaíonn sé le réamhchleachtadh a spreagann an comhar i measc daltaí agus a chuireann dúshraith mhaith ar fáil. Dírítear san Aonad seo ar dhearcthaí na ndaltaí ar thíortha na hAfraice, agus cuidíonn sé leo a bheith níos eolaí ar na réamhthuairimí coiteanna atá ann faoin ilchríoch, a bhíonn bunaithe go minic ar eolas mícheart neamhiomlán.

**Aonad 2** Spreagtar daltaí chun a bheith níos criticiúla agus níos grinne trí scrúdú a dhéanamh ar íomhánna agus léirithe sna meáin. Aithníonn daltaí an iliomad nasc atá idir Éirinn agus an Afraic, ansin déanann siad a gcuid taighde féin ar thír san Afraic atá ceangailte le hÉirinn trí thrádáil, agus cuireann siad an taighde sin i láthair.

[1]Bryan, A. agus Bracken, M. (2011). Learning to read the world? Teaching and learning about global citizenship and international development in post-primary schools. Baile Átha Cliath: Coláiste Phádraig / Cúnamh Éireann.

**Aonad 3** Déantar scrúdú ar na naisc thrádála atá idir Éirinn agus an Afraic, cuirtear gníomhaíocht ionsamhlúcháin trádála i láthair, agus tugtar isteach coincheapa amhail 'slabhraí soláthair' agus 'slabhraí breisluacha'. Mínítear go bhfuil an brabús a fhaigheann feirmeoirí/ táirgeoirí san Afraic ó na hamh-ábhair i bhfad níos lú ná in áiteanna eile;
conas a thacaíonn Fairtrade le táirgeoirí, agus an chaoi a ndéantar difríocht mhór nuair is féidir leis na pobail feirmeoireachta iad féin amhábhar a phróiseáil. Léiríonn sraith cás-staidéar an chaoi a bhfuil fiontair áitiúla ag dul chun tairbhe do phobail.

**Aonad 4** Tacaíonn sé seo le tuiscint na bpáistí ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain trí chluiche atá bunaithe ar Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Daonna. San Aonad seo tugtar isteach coincheap an tomhaltachais eiticiúil agus breathnaítear ar roghanna tomhaltóirí, ionas gur féidir le daltaí an méid atá á fhoghlaim acu a chur i bhfeidhm ar a ngníomhartha agus roghanna féin sa saol laethúil.

Críochnaítear an pacáiste le smaointe do thionscadail a d'fhéadfaí a roinnt le pobal uile na scoile. Tá leathanach féinmheasúnaithe ann freisin ar ar féidir leis na daltaí taifead a choinneáil den mhéid atá á fhoghlaim acu ó ***Naisc Chóra, Trádáil Chóir.***

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna)

Is tacaíocht luachmhar í an acmhainn seo chun cuidiú le teagasc na SFInna agus foghlaim fúthu, go háirithe i dtaca leis na Spriocanna seo a leanas:

**Sprioc 1:** Deireadh leis an mBochtaineacht

**Sprioc 2:** Sláinte agus Folláine Mhaith

**Sprioc 8:** Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch

**Sprioc 10:** Éagothromaíochtaí Laghdaithe

**Sprioc 12:** Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

## Daltaí ó thíortha san Afraic

Más ón Afraic do roinnt de na daltaí i do rang, nó más rud é gur ón Afraic dá dtuismitheoirí, ní mór na gníomhartha in Aonad 1 agus 2 a láimhseáil ar bhealach a sheachnaíonn aon náire, go háirithe má tá tuairimí faoin Afraic ag cuid de na daltaí atá bunaithe ar thuiscint theoranta agus steiréitíopaí diúltacha.

Más amhlaidh, féadfaidh an acmhainn seo cuidiú le do dhaltaí go léir a bheith níos eolaí agus tuairimí níos cothroime a fhorbairt faoi dhaoine agus áiteanna i dtíortha san Afraic. Sa chás sin, is tábhachtaí fós na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh in ord.

## Téarmaíocht agus foclaíocht

D'fhéadfadh múinteoirí a bheith den tuairim go bhfuil cuid den téarmaíocht a bhaineann le trádáil dúshlánach do pháistí nach Gaeilge a máthairtheanga, nó do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu. Cé go bhfuil gníomhaíochta difreáilte i roinnt mhaith de na ceachtanna, bheadh sé úsáideach freisin míniú a thabhairt ar chuid de na téarmaí ag tús an cheachta.

## Naisc leis an gcuraclam

Tá na ceachtanna ábhartha i roinnt ábhair bhunscoile éagsúla: OSPS, Tíreolaíocht OSIE, Stair OSIE, Teanga, agus Matamaitic. Tá naisc leis an gcuraclam agus deiseanna comhtháthaithe mar chuid de gach ceacht. Agus é seo á scríobh, tá an Curaclam Teanga do ranganna sinsearacha á ullmhú, agus mar sin níl naisc chomhtháthaithe don ábhar sin curtha isteach. Beidh an Curaclam Teanga ar fáil in am trátha ag an nasc seo a leanas: **http://www.curriculumonline.ie/Primary**

## Forbairt an phacáiste

***Naisc Chóra, Trádáil Chóir: Acmhainn Teagaisc faoin*** – is comhthionscadal é de chuid Institiúid Oideachais Marino agus Proudly Made in Africa (PMIA), eagraíocht neamhbhrabúis lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a chruthaíonn bealaí inbhuanaithe chun an margadh do tháirgí Afracacha agus a dhéanann cur chun cinn ar an gcoincheap 'trádáil seachas cúnamh' agus ar a chleachtas.

Rinneadh leagan luath den phacáiste a thriail i mbunscoileanna i mBealtaine/Meitheamh 2016 ag: Elaine Haverty, Jessica Hughes, Eileen Keane, Paula Murphy, Laura O'Shaughnessy agus Lisa Whiston.

Tar éis iarratas rathúil chuig Cúnamh Éireann ar mhaoiniú ón Scéim na nDeontas um Oideachas Forbartha in 2017, tá eagarthóireacht agus athdhearadh déanta ar na hábhair.

Foilsíodh an leagan Béarla de ***Just Connections, Just Trade*** i 2018.

## Buíochas

Is mian leis na húdair buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas:

Institiúid Oideachais Marino as síolchistiú chun tacú leis an treoirthionscadal agus leis an gcur in eagar.

Vikki Brennan le Proudly Made in Africa as an gcomhairle agus aiseolas i ndáil leis an bpacáiste. The O'Brien Press Teo, Baile Átha Cliath, as an gcead sleachta a athchló as Olanna's Big Day, © Natasha Mac a'Bhaird, maisithe ag Ray Forkan, (2009) ISBN 9781847171719 Proudly Made in Africa as na cás-staidéir, grianghraif, agus sonraí trádála.

Olive Hogan, St Brigid's Primary School, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, as na naisc leis an gcuraclam.

Cúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála as an maoiniúchán chun tacú le hathbhreithniú agus heagarthóireacht an phacáiste.

**Aistriúchán 2021 le Shanna Ní Rabhartaigh agus Claire Dunne**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# AONAD 1

## AN MÉID A FHEICEANN MUID, AN MÉID ATÁ AR EOLAS AGAINN

# AONAD 1: RÉAMHCHLEACHTADH COMHAIR

Is gníomhaíocht fhisiciúil é seo, a mhaireann tuairim agus 30 nóiméad, agus a bhaineann le comhar grúpa chun tascanna a dhéanamh. Is bealach maith é chun tuiscint a fháil ar na gníomhaíochtaí sa phacáiste, ós rud é go dteastaíonn comhar idir na daltaí le haghaidh roinnt mhaith díobh. Is féidir tagairt a dhéanamh dó nuair atá plé á dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht domhanda idir tíortha, ar mhaithe leis an bpláinéad agus an cine daonna ar fad.

**An Príomh-choincheap:** Tá an comhar ríthábhachtach chun bheith i do bhall de ghrúpa, agus féadfaidh an grúpa ina iomláine níos mó ratha a bhaint amach a bhuí leis.

## An Curaclam

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS); Snáithe: Mise agus daoine eile; Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile;

***Cuspóir:***

- An iliomad bealaí briathartha agus neamhbhriathartha inar féidir le daoine cumarsáid a dhéanamh le chéile a iniúchadh agus a chleachtadh

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta;

***Cuspóir:***

- Bealaí a chleachtadh chun comhar a dhéanamh agus muintearas a fhorbairt

Corpoideachas; Snáithe: Cluichí; Snáithaonad: Cluichí a cheapadh agus a imirt;

***Cuspóir:***

- Cluichí a cheapadh agus a fhorbairt le grúpa beag

Corpoideachas; Snáithe: Cluichí; Snáithaonad: Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint;

***Cuspóir:***

- Tuiscint a fháil ar bhearta agus straitéisí lena n-úsáid i mionchluichí

## Toradh Foghlama

**Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:**

- Trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhoibritheach beidh daltaí in ann úsáid a bhaint as scileanna agus cuir chuige bunúsacha comhoibritheacha chun fadhb a réiteach.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Ós rud é go bhfuil spás de dhíth chun go mbeidh na daltaí in ann bogadh thart, d'fhéadfaí an cleachtadh a dhéanamh mar chuid de cheacht corpoideachais, nó cibé áit is féidir leis an múinteoir go leor spáis a aimsiú. Cé gurb é seo an chéad ghníomhaíocht, féadfaidh an múinteoir cinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh leis na ceachtanna sa phacáiste agus an ghníomhaíocht seo a dhéanamh nuair a fhaightear an deis.

**Na hábhair atá de dhíth:** Mála pónairí nó cathaoir in aghaidh na beirte, i lár an tseomra; rialacha na gníomhaíochta ar an gclár bán idirghníomhach nó ar smeach-chairt. Ceithre phíosa páipéir leis an tasc scríofa orthu, ceann in aghaidh gach grúpa.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Míniú
- Gníomhaíocht
- Plé

## Nós imeachta mionsonraithe

- Agus na daltaí i gcuid amháin den seomra, agus na málaí/cathaoireacha i lár an tseomra, inis don rang go bhfuil tasc le déanamh acu i ngrúpaí.
- Roinn suas i gceithre ghrúpa iad. Tabhair treoracha do gach grúpa ar phíosa páipéir, mar atá thíos.
- Abair leo nach bhfuil cead acu a dtreoracha a thaispeáint do na grúpaí eile.

| Grúpa a hAon | Grúpa a Dó | Grúpa a Trí | Grúpa a Ceathair |
|---|---|---|---|
| Cuir na málaí pónairí / cathaoireacha go léir i líne dhíreach | Cuir na málaí pónairí / cathaoireacha go léir i gciorcal | Cuir na málaí pónairí / cathaoireacha go léir i gcoirnéal amháin den seomra | Suigh ar mhála pónaire / ar chathaoir |

- Léigh na rialacha thíos os ard:

## Rialacha (le cur ar chlár bán idirghníomhach nó ar smeach-chairt)

1. Is é cuspóir na gníomhaíochta go leanfaidh gach grúpa na treoracha a fhaigheann siad.
2. Tá cead a bheith ag cogarnach, ach gearrfar pionós dhá nóiméad ar an ngrúpa má labhraítear os ard.
3. Níl cead aon teagmháil fhisiciúil a dhéanamh. Gearrfar pionós dhá nóiméad ar an ngrúpa má dhéantar teagmháil fhisiciúil.

**Gníomhaíocht:** Tar éis dóibh comhartha a fháil chun tosú, tugann na grúpaí faoina dtascanna.

- Breathnaigh ar an méid a thiteann amach. Tar éis 2 nóiméad nó mar sin, cuir an ghníomhaíocht ar sos.
- Abair leo gur gá dóibh bealach a aimsiú chun na tascanna go léir a chríochnú i gcomhar le chéile agus go bhfuil 5/6 nóiméad acu chun sin a dhéanamh. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil na rialacha go fóill i bhfeidhm.

**Plé:** Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun machnamh agus plé ar an ngníomhaíocht a spreagadh:

- Cad a tharla le linn na chéad nóiméid den ghníomhaíocht?
- Cén chaoi ar bhraith tú?
- Cad a tharla sa dara cuid den ghníomhaíocht?
- Ar críochnaíodh na tascanna go léir?
- Cén difear a rinne an treoir a tugadh tar éis 2 nóiméad?
- Cén fáth nach raibh na grúpaí ag obair i gcomhar ag an tús?
- An dtarlaíonn a leithéid san fhíorshaol? Samplaí?
- An féidir leis sin tarlú do ghrúpaí agus do thíortha chomh maith le daoine aonair?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an gcomhar?
- Cad a d'fhoghlaim tú ón ngníomhaíocht seo?

# AONAD 1: AN MÉID A FHEICEANN MUID, AN MÉID

## **Aonad 1 Gníomhaíocht 1:** Cad is eol dúinn faoin Afraic?

**An Príomh-choincheap: Íomhánna agus dearcthaí.** D'fhéadfadh sé nach bhfuil ach méid áirithe eolais ag na daltaí faoin Afraic, agus go bhfuil réamhthuairimí agus smaointe steiréitíopacha acu faoin gcuid sin den domhan agus na daoine atá ina gcónaí ann.

**An méid ama atá ag teastáil:** 30 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile;

***Cuspóir:***

- Foghlaim conas meas a bheith agat ar iléagsúlacht pobail agus a stíleanna maireachtála in áiteanna eile ar fud an domhain

OSIE; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide;

***Cuspóirí:***

- Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear eolas i láthair
- Iniúchadh a dhéanamh ar ról na meán clóite ó thaobh teachtaireachtaí a scaipeadh

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Ceisteanna a chumadh agus a chur faoin méid eolais agus an tuiscint atá acu féin agus ag an rang faoin Afraic.
- Steiréitíopaí agus teoiricí ginearálta a úsáidtear go minic faoin Afraic a shainaithint.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí focail agus frásaí diúltacha mar chuid den ghníomhaíocht seo, ós rud é gurb annamh a bhíonn léiriú dearfach sna meáin ar an Afraic agus ar mhuintir na hAfraice, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil na léirithe sin tar éis dul i gcion ar na daltaí. Sin é an fáth a n-iarrtar ar dhaltaí smaoineamh faoin áit as a dtagann na focail nó na frásaí atá úsáidte acu, agus ar a dhiúltaí nó a dhearfaí agus atá siad. Is cuid ríthábhachtach den ghníomhaíocht seo an plé tar éis an 'Tobsmaoinimh', agus beidh an taifead de mholtaí na ndaltaí ina bhonn tábhachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh níos faide anonn san acmhainn.

**Na hábhair atá de dhíth:** Clár bán idirghníomhach agus/nó smeach-chairt le marcóirí; léarscáil pholaitiúil den Afraic agus na tíortha ainmnithe uirthi.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Tobsmaoineamh: An Eoraip
- Tobsmaoineamh: An Afraic
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Tobsmaoineamh – An Eoraip

- Tarraing "léarscáil" gharbh den Eoraip – cruth mór don ilchríoch agus cruthanna níos lú don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn – nó taispeáin ceann, ar chlár bán idirghníomhach nó ar leathanach smeach-chairte/A1 ar an mballa. Scríobh **An Eoraip** ar an mbarr.
- Iarr focail nó frásaí a ritheann linn nuair a smaoiníonn muid ar 'An Eoraip'. Scairteann na daltaí amach iad agus scríobhann an múinteoir iad go tapa ar an 'léarscáil'. Breac síos ar a laghad 15-20 de na moltaí.
- Bain anuas/dún an leathanach.

### Tobsmaoineamh – An Afraic

- Mínigh go bhfuil muid chun staidéar a dhéanamh ar **an Afraic** agus gur gá dúinn an méid atá/nach bhfuil ar eolas againn faoi a fháil amach. Déan iarracht gan an focal 'ilchríoch' a úsáid ag an bpointe seo.
- Tarraing "léarscáil" gharbh den Afraic, nó taispeáin ceann, ar chlár bán idirghníomhach nó ar leathanach smeach-chairte. Scríobh **An Afraic** ar an mbarr.
- Ainmnigh beirt daltaí chun gach freagra a thugann an rang a bhreacadh síos ar a seal.
- Iarr ar an rang na focail agus/nó na híomhánna a ritheann leo nuair a smaoiníonn siad ar na focail 'an Afraic' a rá os ard.
- Is ceart iad sin a thaifeadadh gan aon trácht a dhéanamh.
- Bain anuas/dún leathanach na bhfreagraí taifeadta.

### Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna eile, chun plé ar an ngníomhaíocht a spreagadh:

**An Eoraip**

- Cuir liosta na hEorpa ar taispeáint. Iarr ar na daltaí breathnú ar an liosta. An bhfuil cuid mhór fíricí tíreolaíochta ann? An léiríonn sé cuid d'iléagsúlacht na hEorpa (51 thír): **https://www. countries-ofthe-world.com/countries-of-europe.html)**
- An raibh sé deacair focail a aimsiú chun cur síos ginearálta a dhéanamh ar an Eoraip?
- An dóigh leat go raibh sé deacair i ngeall ar a mhéad tíortha atá san Eoraip, gach ceann acu lena haeráid, tírdhreach, pobail, teangacha, bia, reiligiúin, cultúir srl. féin?
- Bain anuas/dún liosta na hEorpa.

**An Afraic**

- Cuir liosta na hAfraice ar taispeáint. Cad a thugann tú faoi deara faoi na focail agus na frásaí atá molta againn?
- An bhfuil fíricí tíreolaíochta ann?
- An bhfuil focail ann lena ndéantar cur síos?
- An féidir leat na focail a rangú i 3 chatagóir éagsúla: **diúltach, dearfach** agus **neodrach**, agus dath ar leith a chur le gach grúpa? (is féidir aon dath a úsáid)
- Déanann an múinteoir (nó dalta ainmnithe) líne a tharraingt faoi gach focal/frása sa dath ábhartha, nó ciorcal a tharraingt thart air. (Féadfaidh na daltaí ainmhithe fiáine a chur sa ghrúpa neodrach, dearfach nó diúltach, ach bíonn tuilte nó triomach diúltach i gcónaí).
- Déan athbhreithniú ar an liosta: Cad a thugann tú faoi deara? e.g. An bhfuil cuid mhór focail dhiúltacha ann i gcomparáid le focail dhearfacha? Cén fáth, meas tú?
- An bhfuil an liosta an-ghinearálta? An dteipeann air an iléagsúlacht a léiriú, e.g. An bhfuil fásaigh ann ach foraoisí agus tailte féaraigh fágtha ar lár? Aimsir the ach easpa tagairtí d'aimsir fhuar nó d'aimsir fhliuch?
- Cuir léarscáil na hAfraice ar taispeáint: mínigh gur ilchríoch í ina bhfuil 54 thír; tá líon cosúil leis sin san Eoraip.
- Cá bhfuair muid ár dtuiscint agus ár smaointe faoin Eoraip? Má bhaineann sé le hábhar – cén fáth a raibh sé deacair focail ghinearálta a úsáid chun cur síos ar an Eoraip ach nach raibh sé deacair iad a úsáid chun cur síos ar an Afraic?
- Cá bhfuair muid ár dtuiscint agus ár smaointe faoin Afraic?

**Measúnú:** Beidh taifead déanta ar fhreagraí na ndaltaí le linn na gníomhaíochta seo ar an gclár bán idirghníomhach agus/nó ar smeach-chairt. Nuair atá an pacáiste críochnaithe ag an rang, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht thuas a dhéanamh arís i leith na hAfraice agus na freagraí breactha síos ar cháipéis nua, b'fhéidir i ndath eile. Ansin d'fhéadfaí comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na freagraí ar an dá liosta ionas gur féidir na hathruithe ar eolas na ndaltaí faoin ilchríoch a fheiceáil.

# **Aonad 1 Gníomhaíocht 2:** Réamhthuairimí faoin Afraic a cheistiú

**An Príomh-choincheap:** Féadfaidh smaointe agus tuiscintí a bheith bunaithe go minic ar eolas neamhiomlán nó míchruinn; d'fhéadfadh sé sin a bheith fíor go háirithe i dtaca leis an Afraic. Ní mór do dhaltaí a bheith ar an eolas faoi sin agus a bheith níos eolaí.

**An méid ama atá ag teastáil:** 30-45 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile;

***Cuspóirí:***

- Tuiscint a fhorbairt ar idirspleáchas daoine i dtíortha eile agus daoine in Éirinn
- Foghlaim conas meas a bheith agat ar iléagsúlacht pobal agus a stíleanna maireachtála in áiteanna eile ar fud an domhain

### Comhtháthú

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta;

***Cuspóir***

- Eolas agus tuiscint a fháil ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide;

***Cuspóir***

- Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear eolas i láthair
- Iniúchadh a dhéanamh ar ról na meán clóite ó thaobh teachtaireachtaí a scaipeadh, na teicnící a úsáidtear, agus na cineálacha eolais a chlúdaítear

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Roinnt fíricí a lua atá curtha acu lena gcuid eolais faoin Afraic.
- A dtuairimí a chur in iúl faoi cheisteanna éagsúla a bhaineann leis an Afraic agus na fáthanna leis na tuairimí sin a mhíniú.
- Roinnt tuairimí coiteanna nó réamhchlaonta dá gcuid féin agus daoine eile faoin Afraic a cheistiú trí phlé a dhéanamh.

**Na hábhair atá de dhíth:** **Ráitis Fíor-Bhréagacha** (thíos) don mhúinteoir le léamh amach; 3 x leathanach A4 agus lipéad orthu le *Fíor, Bréagach nó Níl a Fhios Agam scríofa orthu.*

**Ráitis na Díospóireachta Siúil** (thíos); 3 x leathanach A4 agus lipéad orthu le *Aontaím, Ní Aontaím*, nó *Níl mé Cinnte* scríofa orthu, iad i líne ó thaobh amháin den seomra go dtí an taobh eile agus i lár an halla/seomra ranga.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Ráitis Fhíor-Bhréagacha
- Díospóireacht Siúil
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

**Ráitis Fhíor-Bhréagacha**

- Cuir na lipéid i líne ó thaobh amháin den seomra go dtí an taobh eile, le 'Níl a Fhios Agam' ar an urlár leath bealaigh síos an líne, agus líne soiléir ann chun siúl idir na lipéid.
- Meabhraigh do na daltaí an ghníomhaíocht Tobsmaoinimh a rinneadh roimhe. Mínigh go bhfuil muid chun tráth na gceist gearr a dhéanamh lenár n-eolas agus tuairimí faoin Afraic a thástáil.
- Léigh amach na ráitis ón mbileog Fhíor-Bhréagach, ceann ar cheann.
- Tar éis gach ráitis, is cóir do na daltaí áit a ghlacadh sa líne ag brath ar an méid a chreideann siad go bhfuil an ráiteas fíor nó bréagach. Mura bhfuil aon tuairim acu féadfaidh siad buile faoi thuairim a thabhairt nó seasamh sa lár.
- Léigh amach an freagra ceart roimh bhogadh ar aghaidh chuig an gcéad ráiteas eile.
- Ag an deireadh, cuir ceist orthu ar chuir aon cheann de na ráitis iontas orthu.
- Pléigh na fíricí a chuir iontas ar dhaltaí agus an fáth leis an iontas sin.

Tóg nó bain anuas na lipéid, agus tabhair faoin Díospóireacht Siúil:




**Ráitis Fhíor-Bhréagacha**

**1. An chéad bhandochtúir riamh a bhfuil eolas againn fúithi, is ón Afraic a tháinig sí.**

***Fíor:*** Merit Ptah ab ainm di, agus chleacht sí an leigheas san Éigipt tuairim agus 5,000 bliain ó shin.

**2. Ní thiteann sneachta san Afraic**

***Bréagach:*** Bíonn sé ag cur sneachta le linn an gheimhridh in áiteanna san Afraic Theas, agus i Leosóta i ndeisceart na hAfraice; tá ionaid sciála i Sléibhte Atlais i Maracó i dtuaisceart na hAfraice. Bíonn sneachta ar na sléibhte arda i gCéinia agus sa Tansáin.

**3. Níl teacht ag daoine i bpobail bhochta san Afraic ar ghutháin phóca, nó is beag teacht atá acu orthu.**

***Bréagach:*** Tá 1 bhilliún guthán in úsáid anois san Afraic, méadú mór ar an 130 milliún a bhí ann in 2007. Is mó an seans go bhfuil guthán póca ag teaghlaigh bhochta. Baineann teaghlaigh feirmeoireachta úsáid as gutháin phóca chun praghsanna barra a sheiceáil, rud a shábhálann cuid mhór airgid orthu.

**4. Is misinéirí ón Eoraip, Éireannaigh ina measc, a thug an Chríostaíocht chun na hAfraice ar dtús.**

***Bréagach:*** Bhí an Chríostaíocht san Éigipt chomh fada siar le 50 AD. Scaip sí ansin go dtí roinnt mhaith tíortha eile i dtuaisceart agus in oirthear na hAfraice. Níor cuireadh tús lena bunú in Éirinn go dtí tuairim agus 430 AD nuair a tháinig Naomh Pádraig.

**5. Is í an Afraic an ilchríoch is mó ar domhan.**

***Bréagach:*** is í an dara hilchríoch is mó ar domhan í. Is í an Áise an ceann is mó.

**6. Ní fhaigheann mórchuid na bpáistí san Afraic seans dul ar scoil.**

***Bréagach:*** Tá an ráta clárúcháin i mbunscoileanna san Afraic os cionn 90%. Fiú sna pobail bhochta, is mór an luach atá ar an oideachas agus déanann teaghlaigh a ndícheall a bpáistí a chur chun na scoile.

### Díospóireacht Siúil

**Nóta:** Sa ghníomhaíocht seo léann an múinteoir amach ráitis agus léiríonn na daltaí cibé acu an aontaíonn siad leo nó nach n-aontaíonn trí shiúl chuig áit roghnaíonn siad ar líne sa seomra. Ar an dóigh seo iarrtar ar dhaltaí tuairimí a chur in iúl seachas fíricí a lua, agus tugann sé deis dóibh a fheiceáil go bhfuil tuairimí agus smaointe éagsúla ag daoine faoin ráiteas amháin. Mar sin de, ní ceart don mhúinteoir iad a threorú i dtreo seasamh "inmhianaithe" nó "ceart" i dtaca leis na ráitis, ach ligean dóibh an cheist a phlé agus a chíoradh le chéile, agus a dtuairim thosaigh a athrú más mian leo. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú freisin dá ndéanfadh na daltaí taighde i ndiaidh na gníomhaíochta ar eolas a thacaíonn lena dtuairimí nó a cheistíonn iad.

Féadfaidh an múinteoir na comharthaí 'níl a fhios agam' agus 'níl mé cinnte' a bhaint freisin, má tá roinnt mhaith daltaí á n-úsáid in áit machnamh a dhéanamh ar na ráitis agus tuairimí a fhorbairt.

- Cuir leathanach A4 ag dhá cheann an tseomra, ceann amháin leis an lipéad 'Aontaím' air agus an ceann eile leis an lipéad 'Ní aontaím' air, agus bíodh líne shoiléir eatarthu.
- Agus na daltaí ina seasamh ar shiúl ón líne, mínigh dóibh conas a oibríonn díospóireacht siúil:
- Is ceart dóibh seasamh ag pointe ar an líne a léiríonn a mhéad a aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad le ráiteas faoin Afraic a léifidh tú amach.
- Is ceart dóibh a machnamh a dhéanamh ar an ráiteas agus ar an bhfáth lena seasamh. Féadfaidh siad seasamh sa lár má fheiceann siad go bhfuil argóint le déanamh i bhfabhar an ráitis agus ina choinne, nó mura bhfuil aon tuairim acu, i ndáiríre. Ba chóir dóibh smaoineamh dóibh féin seachas daoine eile a leanúint.
- Léigh an chéad ráiteas agus iarr ar na daltaí a n-áit a ghlacadh ar an líne.
- Nuair atá na daltaí go léir ag seasamh ar an líne, iarr ar dhalta amháin ar a laghad ón taobh 'Aontaím' agus duine ón taobh 'Ní aontaím', chomh maith le duine ón lár, an fáth lena seasamh a mhíniú. Nuair atá na fáthanna mínithe ag beirt nó triúr de na daltaí, féadfaidh tú ceist a chur ar athraíodh intinn aon duine agus ar mhaith leo a n-áit ar an líne a athrú ach cuir ina luí orthu nach gá d'éinne bogadh ós rud é go bhfuil sé de cheart ag gach duine a thuairim féin a bheith aige.
- Déan an méid sin le haghaidh gach ráitis.
- Nuair atá na ráitis thíos go léir léite agus freagraí tugtha orthu, iarr ar na daltaí suí síos arís agus críochnaigh an ghníomhaíocht le plé gearr.

## Ráitis na Díospóireachta Siúil

**Nótaí do Mhúinteoirí:** D'fhéadfadh sé gur mhaith leat roinnt den eolas nó an t-eolas go léir a thagann i ndiaidh na ráitis a thabhairt do na daltaí nuair atá a seasamh roghnaithe acu, agus nuair atá a bhfáthanna mínithe ag cuid acu. Nó d'fhéadfadh sé gur mian leat go díreach roinnt ceisteanna a chur orthu lena spreagadh, cuir i gcás "cad faoi thrádáil?" agus na sonraí a choinneáil go dtí go mbeidh siad ag déanamh taighde ar an Afraic.

**Ráiteas**

**1. Is iad na príomhnaisc atá ag Éirinn leis an Afraic go dtugann muid cúnamh do thíortha san Afraic trí charthanachtaí agus trí chlár cabhrach an rialtais, Cúnamh Éireann.**

**Eolas:** Is iomaí nasc eile atá ann: **a.** Tá **clár easpórtála mór chun na hAfraice** ag Éirinn, ceann atá ag dul i méid agus atá chun €24 bhilliún a bhaint amach faoi 2020; Tá cuideachtaí Éireannacha ag déanamh infheistíocht san Afraic mar **mhargadh easpórtála** le haghaidh earraí agus seirbhísí; **b.** Tá méadú tapa ag teacht ar naisc idir **gnólachtaí, ollscoileanna agus earnálacha eolaíochta agus nuálaíochta** na hÉireann agus na hAfraice. **c. I measc na n-iompórtálacha ón Afraic** go hÉirinn tá mianraí, táirgí bia, ábhair thógála, éadaí, etc. Tá **comhpháirtíocht thábhachtach nua san earnáil agraibhia** curtha ar bun anois chun tacú le forbairt agus trádáil idir Éirinn agus **an Afraic. d.** Tá **an-tóir ar an Afraic mar cheann scríbe turasóireachta** i measc mhuintir na hÉireann i ngeall ar a haeráid, a tírdhreacha agus a fiadhúlra, agus is í an **t-ilchríoch is gaire dúinn** í **e. Tá seacht "dTír Chomhpháirtíochta" ag Éirinn san Afraic**; trínár n-ambasáidí bíonn rialtas na hÉireann ag obair le rialtais sna tíortha sin chun feabhas a chur ar an oideachas agus an tsláinte, chun tacú le fás na trádála do phobail bhochta agus chun naisc thrádála a fhorbairt. Tá naisc speisialta trádála agus forbartha againn freisin le tuairim agus sé thír eile san Afraic Fho-Shahárach www.irishaid.ie. **f. Tá pearsanra as airm na hÉireann** ar postú i roinnt tíortha san Afraic mar choimeádaithe síochána, trí na Náisiúin Aontaithe. Agus ar ndóigh tá cuid mhór daoine ón **Afraic ina gcónaí agus ag obair in Éirinn,** agus **g.** cuid mhór **Éireannach ina gcónaí agus ag obair san Afraic.**

**Ráiteas**

**2. Níor cheart d'Eirinn cúnamh a thabhairt do thíortha san Afraic nó is ceart do leanbh féin a bhaisteadh ar dtús, nó 'charity begins at home' mar a deirtear sa Bhéarla.**

**Eolas: a. Fuair Éire í féin cúnamh** nuair a bhí sí níos boichte mar thír. Le linn an ghorta in 1845-7, fuair Éire cúnamh ó charthanachtaí agus pobail i dtíortha eile, an pobal Seactách i Meiriceá Thuaidh ina measc, agus fuair Éire cúnamh ón Aontas Eorpach 40 bliain ó shin chun infreastruchtúr a thógáil agus a dheisiú, bóthair agus droichid, cuir i gcás. **b. Tá Éire ar cheann de na tíortha níos saibhre** ar domhan. Má chuidíonn tíortha níos saibhre an bhochtaineacht agus an ocras ar domhan a laghdú, cruthaíonn sé sin **domhan níos cothroime agus níos sábháilte do chách. c.** Ní mór do thíortha tacú le chéile mar go bhfuil muid go léir inár gcónaí i n**domhan idirnasctha**. Is trí **thíortha a bheith ag obair i gcomhar le chéile mar chomhpháirtithe domhanda** amháin a éireoidh linn cuid de na fadhbanna is mó a réiteach, an t-athrú aeráide, cuir i gcás, nó coinbhleacht.

**Ráiteas**

**3. Téann an turasóireacht chun tairbhe do thíortha san Afraic.**

**Eolas:** Tá an-tóir ar an iliomad tíortha san Afraic mar chinn scríbe turasóireachta. Ach ní bhíonn aon suáilce gan a duáilce féin – go háirithe i bpobail bhochta san Afraic. **a. Buntáistí: Féadfaidh an turasóireacht** cuid mhór **airgeadra eachtraigh, atá go mór de dhíth**, a thabhairt isteach i ndollair agus in euronna i dtír atá i mbéal forbartha; **b. poist atá go mór de dhíth** a chur ar fáil in óstáin, in earnáil na turasóireachta, srl.; **c. deiseanna a thabhairt do shiopadóirí, do cheoltóirí agus d'ealaíontóirí** airgead a shaothrú, **d.** cuidiú chun **an fiadhúlra agus an comhshaol a chaomhnú**, gnéithe a mbíonn meas ag turasóirí orthu; **e.** tíortha a spreagadh chun **bóithre agus seirbhísí a fheabhsú** uisce agus cumhacht, cuir i gcás, a rachaidh chun tairbhe do chách.

**Míbhuntáistí: a.** Go minic, is faoi úinéireacht eachtrannach a bhíonn na hóstáin agus na cuideachtaí turasóireachta agus **fágann na brabúis an tír; b.** d'fhéadfadh na hoibrithe **a bheith íoctha go holc** i dtíortha nach bhfuil aon dlíthe ann lena gcearta a chosaint; **c.** I gcásanna áirithe, ní chuirtear seirbhísí sláintíochta agus bóithre ar fáil ach **ar mhaithe le turasóirí seachas na pobail go léir; d. d'fhéadfadh páistí airgead a thuilleamh** ag lorg déirce nó ag díol cuimhneachán **in áit a bheith ar scoil; e.** d'fhéadfadh daoine óga poist a ghlacadh do dhaoine **ar bheagán scileanna** mar fhreastalaithe nó glantóirí in áit ceird a fhoghlaim nó oideachas a fháil; má thiteann líon na dturasóirí ní bheidh aon chúl cinn acu ná aon dóigh chun airgead a shaothrú.

**É sin ráite**, le blianta beaga anuas tá tús curtha le tionscnaimh nua san Afraic, a bhfuil sé d'aidhm acu dul chun tairbhe do phobail áitiúla, mar shampla an turasóireacht eiticiúil, an turasóireacht phobail agus an turasóireacht éiceolaíoch. Féachann na tionscnaimh sin le ról níos mó a thabhairt do phobail áitiúla agus na buntáistí a roinnt ar bhealach níos cothroime leo, agus cuidiú chun an fiadhúlra agus an comhshaol a chosaint, ionas gur féidir leis an turasóireacht cuidiú chun daoine a chumasú in áit dúshaothrú a dhéanamh orthu.
Féach: **www.tourismconcern.org.uk**

### Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna eile, chun plé gearr ar an ngníomhaíocht a spreagadh:

- Ar bhain tú taitneamh as an ngníomhaíocht sin? Cén fáth? Cén fáth nár bhain?
- Cé chomh héasca is a bhí sé duit seasamh a roghnú? Cén fáth?
- Ar athraigh tú do thuairim i dtaca le haon cheann de na ráitis? Cén fáth?
- Cad a mhúineann cleachtaí den chineál seo dúinn faoin mbealach ina bhforbraíonn muid ár dtuairimí?
- Cén difear atá idir tuairimí agus eolas?
- Cad a imríonn tionchar ar ár dtuairimí sa saol laethúil?
- Cén fáth ar cheart fíricí agus eolas a bheith mar bhonn lenár dtuairimí?
- Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi aon cheann de na topaicí seo?

**Measúnú:** Breathnú agus taifeadadh an mhúinteora ar fhreagraí na ndaltaí ar gach ráiteas agus aon athrú a thagann ar a seasamh de réir mar a éisteann siad leis na daltaí eile. Breathnú agus taifeadadh an mhúinteora ar chumas na ndaltaí tuairim a chur in iúl agus na fáthanna leis a mhíniú.

### Gníomhaíocht Forleathnúcháin

1. Scríobhann na daltaí alt gearr faoin méid a d'fhoghlaim siad ón Díospóireacht Siúil agus cuireann siad ina bhFillteáin Féinmheasúnaithe agus Foghlama iad.
2. Déanann na daltaí, ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga, dhá ráiteas nó trí cinn a chumadh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh Díospóireacht Siúil amach anseo, nó a d'fhéadfaí a úsáid le rang eile.
3. B'fhéidir gur mhaith leat scéal Matthew Henson, taiscéalaí Afracach Meiriceánach a léamh sa leabhar *An Rás chuig an Mol Thuaidh*. Tá gníomhaíochtaí molta chun an scéal a iniúchadh leis an rang ar fáil sa phacáiste áiseanna *Free to Be Me* atá ar fáil ar **www.childrensbooksireland.ie.**

# **Aonad 1 Gníomhaíocht 3:** Fíormhéid na hAfraice:

**An Príomh-choincheap:** Imríonn léarscáileanna domhanda tionchar ar an dóigh a fheiceann muid an domhan. Cuireann siad íomhá chothrom ar fáil dúinn de thíortha ár pláinéid agus an áit ina bhfuil ár dtír féin i gcomparáid le tíortha eile. Tugann roinnt léarscáileanna íomhá dúinn atá curtha as a riocht áfach – go háirithe i dtaca le méid agus láthair. Ní mór do dhaltaí a bheith in ann an díchumadh sin a thuiscint agus a cheistiú, go háirithe i dtaca leis an Afraic.

**An méid ama atá ag teastáil:** 45 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE; Scileanna agus coincheapa: Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

***Cuspóirí:***

- Eolas a chur ar úsáid phraiticiúil a bhaint as léarscáileanna agus an úsáid sin a chleachtadh
- Léarscáileanna a chur i gcomparáid
- Feasacht a fhorbairt ar fhadhbanna a bhaineann le léarscáileanna a chur le chéile

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile;

***Cuspóir:***

- Staidéar a dhéanamh ar roinnt ghnéithe de thimpeallachtaí agus saol daoine atá in áit eile ar domhan

Matamaitic; Snáithe: Tomhais; Snáithaonad: Fad;

***Cuspóir:***

- Scálaí ar léarscáileanna a úsáid agus a léamh

**Comhtháthú:**

Ábhar: Matamaitic; Snáithe: Uimhreas; Snáithaonad: Oibríochtaí;

***Cuspóir:***

- Suimeanna , difríochtaí, torthaí agus líon uimhreacha iomlána a réamh-mheas

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Fíor-mhórchríoch thíortha san Afraic a chur i gcomparáid le tíortha san Eoraip, agus ilchríoch na hAfraice agus chur i gcomparáid le réigiúin eile ar domhan.
- Tús a chur le díchumadh ar Léarscáil Mercator a aithint.
- Fáthanna a mholadh leis an díchumadh ar léarscáileanna a úsáideadh go dtí le deireanas agus na himpleachtaí a bhaineann leis an díchumadh sin don bhealach a fhéachann muid ar an domhan, an Afraic go háirithe.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Bileog d'fhíricí a bhaineann le Léarscáileanna san áireamh.

**Na hábhair atá de dhíth:** atlas an t-idirlíon, rochtain ar an hipearnasc seo a leanas: **https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/1/10/True_size_of_Africa.jpg**; atlas in aghaidh an dalta nó gach péire/grúpa; an léarscáil True Size of Africa ar an gclár bán idirghníomhach nó méadaithe go A3 agus/nó fótachóipeáilte ar leathanaigh chun gur féidir leis na daltaí í a scrúdú go mion; dhá léarscáil bhalla ar a laghad den domhan: Mercator, agus Peters Projection agus léarscáil Domhanda Henricus Martellus Germanus, atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin Leabharlann Ollscoil Yale: **http://brbl-dl.library.yale.edu/vufind/Record/3435243**

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Obair léarscáile
- Gníomhaíocht Taighde agus Mhatamaitice bunaithe ar obair léarscáile
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### An domhan a mhapáil

Inis do na daltaí go bhfuil léarscáileanna den domhan in úsáid leis na mílte blianta, go mór mór chun cuidiú le longa ag iompar earraí agus daoine a mbealach a aimsiú go tíortha eile. Ach go minic bhíodh na sean-léarscáileanna míchruinn agus ní rabhthas in ann achair a thomhas ar bhealach níos cruinne go dtí an 18ú céad. Inis do na daltaí go mbeidh siad ag féachaint ar léarscáil ársa Henricus Martellus ó 1491, agus go bhféadfadh cuma aisteach a bheith air sa lá atá inniu ann; ina dhiaidh sin féachfaidh siad ar dhá léarscáil domhanda, a léiríonn dhá dhearcadh an-éagsúil ar an domhan, cé go bhfuil an dá cheann acu in úsáid sa lá atá inniu ann.

- Taispeáin léarscáil/teilgean Henricus Martellus do na daltaí agus tabhair am dóibh chun na tíortha éagsúla atá air a aithint – agus na tíortha atá fágtha ar lár.
- Iarr ar na daltaí Teilgean Mercator a scrúdú leis an gclár bán idirghníomhach agus/nó léarscáil mhór ranga Mercator. Inis dóibh gur cuireadh an léarscáil sin le chéile beagnach 450 bliain ó shin, ach go bhfuil sé go fóill in úsáid go forleathan. Iarr orthu díriú ar an léiriú den Afraic atá ar an léarscáil sin.
- Taispeáin léarscáil Peters Projection dóibh agus iarr orthu féachaint ar an léiriú den Afraic atá air. Inis dóibh gur cuireadh an léarscáil sin le chéile tuairim agus 40 bliain ó shin, agus go bhfuil úsáid níos forleithne á baint as de réir a chéile.
- Cuir ceist orthu cén léarscáil is inaitheanta dóibh.
- Iarr orthu na difríochtaí idir an dá léarscáil a aithint i dtaca le léiriú na hAfraice i gcomparáid le mórchríocha agus ilchríocha eile.
- Ina bpéirí agus/nó ina ngrúpaí, pléifidh na daltaí an méid a thugann siad faoi deara agus scríobhfaidh siad síos 3 dhifear idir léiriú na hAfraice ar léarscáil Peters agus an léiriú ar léarscáil Mercator. Déanfaidh na grúpaí a bhfreagraí a léamh amach nó a thaispeáint.

### Gníomhaíocht Taighde agus Mhatamaitice bunaithe ar obair léarscáile

Meabhraigh do na daltaí, más gá, gur féidir méid tíre nó mórchríche a thomhas i gciliméadair chearnacha (nó mílte). Úsáid ciliméadair don ghníomhaíocht seo. Is ceart do dhaltaí an obair a dhéanamh ina bpéirí.

- Iarr ar na daltaí achar na hÉireann i gciliméadar chearnacha a scríobh síos, ag úsáid atlais nó an idirlín. Iarr orthu meastachán a dhéanamh agus a scríobh síos ar cé mhéad uair a d'fhéadfaí Éire a chur isteach i mór-roinn na hAfraice.
- Is ceart dóibh achar na hAfraice a fháil amach agus a scríobh síos, agus cruinneas a meastachán a sheiceáil ansin le háireamhán nó roinnt fhada, agus an freagra ceart a scríobh síos.
- Scríobhfadh an múinteoir achar na hÉireann agus na hAfraice ar an mballa.
- Aimseoidh na daltaí méid na Stát Aontaithe agus cuirfidh siad i gcomparáid leis an Afraic é.
- Iarr ar na daltaí an tír is mó san Afraic a aimsiú, ag baint úsáid as a gcuid atlas, agus meastachán a dhéanamh ar a oiread níos lú – mar chodáin agus/nó mar chéatadáin – is atá Éire. Déanfaidh an múinteoir é a fhíorú agus a scríobh ar an mballa.
- Iarr ar gach péire tír éagsúil san Afraic a roghnú ó léarscáil Peters Projection. Is ceart dóibh méid na tíre sin a fháil amach agus é a chur i gcomparáid le hÉirinn. Déanfaidh gach péire cur i láthair don rang, ag léiriú áit na tíre ar an léarscáil agus a mhéid i gcomparáid le hÉirinn.
- Cuir ceist ar na daltaí cé mhéad tír atá sa Afraic, agus cé mhéad tír atá fágtha i ndiaidh dóibh tíortha a roghnú lena scrúdú.
- Tabhair cóip den bhileog eolais ***Fíormhéid na hAfraice*** do gach péire agus iarr orthu spás a aimsiú inar féidir leo Éire a tharraingt.
- Iarr orthu na tíortha go léir a d'fhéadfaí a chur isteach in achar na hAfraice a léamh amach agus cuir an liosta sin ar taispeáint (tá an liosta sa bhileog eolais).
- Cuir ceist ar na daltaí cad a mheasann siad de ***Fíormhéid na hAfraice***. Is ceart dóibh rud éigin atá foghlamtha acu faoin Afraic tríd an ngníomhaíocht seo a scríobh síos.

## Plé

Taispeáin léarscáil Mercator agus léarscáil Peters Projection arís.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna eile, chun plé a spreagadh ar an bhfáth a bhfuil dearcadh díchumtha Eoralárnach den domhan á thaispeáint ar léarscáil Mercator, agus conas a d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar an mbealach a fhéachann daoine ar an domhan agus ar áit a dtíre nó a n-ilchríoch ann. Cuir tús leis trí shamplaí a iarraidh agus a scríobh síos de na mórchríocha a bhí léirithe go cruinn, ar a laghad, ar an dá léarscáil. (Féach na samplaí thíos sna Nótaí do Mhúinteoirí). Ansin déan an méid seo a phlé:

- Cén fáth a mbeadh tíortha na hEorpa ag iarraidh iad féin a fheiceáil i gcroílár an domhain idir an 16ú agus an 19ú céad?
- Más rud é go bhfuil tíortha na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh tar éis iad féin a fheiceáil i gcroílár an domhain nó níos mó ná réigiúin eile, cén tionchar a d'fhéadfadh sé sin a imirt ar an mbealach a d'fhéach siad ar thíortha eile, nach raibh chomh 'lárnach' céanna?
- Go dtí le déanaí bhí léarscáil Mercator in úsáid i ngach scoil san Eoraip agus tá sé go fóill in úsáid i seomraí ranga in áiteanna i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa lá atá inniu ann.
- Ar chuir sé iontas ort a fháil amach go bhfuil SAM beagnach trí oiread níos lú ná an Afraic? An ndéanann sé aon difear don bhealach a fhéachann tú ar an domhan.

- Nuair atá léarscáileanna eile ar fáil lena roghnú, cén fáth, dar leat, a bhfuil teilgean Mercator, atá 450 bliain ar an bhfód, go fóill in úsáid go forleathan inniu mar léiriú ar an domhan?
- An dóigh leat go dtiocfaidh athrú air sin, agus más dóigh leat go dtiocfaidh, cén fáth?
- Scríobh síos rud éigin atá foghlamtha agat ón ngníomhaíocht seo.

**Measúnú:** Le breathnú an mhúinteora ar idirghníomhú na ndaltaí leis na léarscáileanna éagsúla, agus an pháirt a ghlacann siad sa phlé, chomh maith lena ráiteas foghlama féin, léireofar an méid atá foghlamtha.

**Nótaí do Mhúinteoirí: Bileog d'fhíricí a bhaineann le Léarscáileanna.**

Is teilgean comh-achair é **Léarscáil Domhanda Peters Projection 1974**. Is é an chiall atá leis sin go léirítear fíormhéid thíortha uile an domhain agus go dtaispeántar iad i gcoibhneas lena mórchríoch. Ní hamhlaidh atá ar leárscáileanna níos sine.

**Léarscáil Mercator**, a thug an cartagrafaí Pléimeannach Gerardus Mercator isteach in 1569, a bhí oiriúnach don loingseoireacht ach a úsáideadh go minic freisin le haghaidh léarscáileanna domhanda agus atá **go fóill in úsáid i roinnt seomraí ranga sa lá atá inniu ann**. Le teilgean Mercator, méadaítear méid na réigiún de réir a fhad ón meánchiorcal, agus mar sin de bíonn cuma i bhfad níos mó ar na réigiúin is faide ar shiúl ón meánchiorcal ná mar atá siad go hiarbhír.

**Méid iarbhír tíortha agus ilchríocha:**

Achar na hÉireann – tuairim agus 84,433 ciliméadar cearnach - $km^2$

Achar na Graonlainne – 2,071 $km^2$

Achar na hEorpa – tuairim agus 10.1 milliún $km^2$ agus achar SAM giota beag níos lú – 9.8 milliún $km^2$

Achar na hAfraice – 30.3 milliún $km^2$


**Sampla de dhícumadh Mercator**

*An Ghraonlainn:*

Tá an Afraic ceithre oiread déag (14) níos mó ná achar na Graonlainne, ach tá an chuma ar an dá mhórchríoch seo go bhfuil siad d'aon mhéid ar léarscáil Mercator. Tá an tSín ceithre oiread níos mó ná mórchríoch na Graonlainne, ach tá an chuma orthu go bhfuil siad d'aon mhéid.

Is iomaí díchumadh eile atá ar léarscáil Mercator.

# **Fíormhéid** na hAfraice




| TÍR | ACHAR x 1000 $km^2$ |
|---|---|
| An tSín | 9.597 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 9.629 |
| An India | 3.287 |
| Meicsiceo | 1.964 |
| Peiriú | 1.285 |
| An Fhrainc | 633 |
| An Spáinn | 506 |
| Nua-Ghuine Phapua | 462 |
| An tSualainn | 441 |
| An tSeapáin | 378 |
| An Ghearmáin | 357 |
| An Iorua | 324 |
| An Iodáil | 301 |
| An Nua-Shéalainn | 270 |
| An Ríocht Aontaithe | 243 |
| Neipeal | 147 |
| An Bhanglaidéis | 144 |
| An Ghréig | 132 |
| IOMLÁN | 30.102 |
| AN AFRAIC | 30.221 |

*Fíormhéid na hAfraice*
*© Creative Commons (Rochtain oscailte)*

I dteannta na gceisteanna sóisialta aitheanta a bhaineann leis an *neamhlitearthacht* agus an *neamhuimhearthacht*, is ceart a leithéid de choincheap agus *'neamhléarscáiltheacht'* a bheith ann freisin, a chiallódh *eolas geografach neamhleor.*

Rinneadh suirbhé ar pháistí scoile randamacha i Meiriceá inar tugadh deis dóibh buille faoi thuairim a thabhairt faoi dhaonra agus achar a dtíre. Ní mórán d'iontas é, ach is ábhar imní fós é, gur roghnaigh an tromlach *"1-2 billiún"* agus *"an tír is mó ar domhan"*, faoi seach.

Fiú i measc mic léinn ón Áise agus ón Eoraip, ba mhinic a bhí a meastacháin mícheart faoi fhachtóirí 2-3. Cuid den chúis leis sin is ea díchumadh mór theilgean na léarscáileanna is mó a úsáidtear (*Mercator*, mar shampla).

Is sampla ar leith é an míbhreithiúnas domhanda ar *fhíormhéid na hAfraice.* San íomhá aonair seo tá iarracht á déanamh scála ollmhór na hAfraice a léiriú, lena thaispeáint go bhfuil sé níos mó ná *SAM, an tSín, an India, an tSeapáin agus an Eoraip uile... iad go léir curtha le chéile!*

# **Aonad 1 Gníomhaíocht 4:** Cén áit san Afraic?

**An Príomh-choincheap:** Tuiscint níos fearr ar líon agus suíomh thíortha na hAfraice.

**An méid ama atá ag teastáil:** 30 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile;

*Cuspóir:*

- Staidéar a dhéanamh ar roinnt ghnéithe de thimpeallachtaí agus saol daoine atá in áit eile ar domhan

Tíreolaíocht OSIE; Scileanna agus coincheapa: Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafach;

- Eolas a chur ar úsáid phraiticiúil a bhaint as léarscáileanna agus an úsáid sin a chleachtadh

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Tíortha de chuid na hAfraice a bhfuil cloiste acu fúthu a aimsiú go cruinn ar léarscáil.
- Tíortha de chuid na hAfraice nach raibh cloiste acu fúthu roimhe a aithint.
- Ar a laghad 15 thír san Afraic a aithint agus a aimsiú go cruinn.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Leis an ngníomhaíocht seo cuirfear ar chumas daltaí eolas a chur ar roinnt tíortha san Afraic, agus cuirfear bonn ar fáil le haghaidh ceachtanna eile sa phacáiste. Foghlaimeoidh na daltaí faoin líon an-mhór tíortha éagsúla ar ilchríoch na hAfraice (54), cuid acu nach mbeidh cloiste acu fúthu roimhe, b’fhéidir. Is féidir an obair léarscáile a dhéanann siad a choinneáil agus cur leis de réir mar a théann siad tríd an phacáiste.

**Na hábhair atá de dhíth:** Clár bán idirghníomhach ar a bhfuil léarscáil pholaitiúil mhór den Afraic agus/nó léarscáil bhalla (pholaitiúil) den Afraic agus/nó atlais atá chun dáta, smeach-chairt agus marcóirí agus/nó doiciméad bán ar an gclár bán idirghníomhach, léarscáil bhán den Afraic (lch 27), cóipeáilte do gach péire daltaí.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Athchoimriú agus athchuimhneamh
- Obair léarscáile
- Measúnú

## Nós Imeachta Mionsonraithe

### Athchoimriú agus Athchuimhneamh

Sula dtaispeánann tú léarscáil pholaitiúil reatha den Afraic do na daltaí, iarr orthu a mhéad tíortha san Afraic agus is féidir leo a ainmniú. Déanta liosta díobh ar an gclár bán idirghníomhach/smeach-chairt.

- Iarr orthu féachaint ar an liosta agus a rá cé acu an bhfuil na tíortha i dtuaisceart/deisceart/iarthar/oirthear/lár na hAfraice; an oileáin iad? Scríobh na freagraí a thugtar in aice na dtíortha ar an liosta (T/D/I/O/L) agus cuir ar taispeáint é.
- Tabhair léarscáil bhán den Afraic do gach péire daltaí agus iarr orthu a n-ainmneacha a scríobh ar bharr nó ar chúl an leathanaigh.
- Is ceart dóibh a n-atlais a úsáid chun gach tír ar an liosta a aimsiú. Féadfaidh siad suíomh ceart na dtíortha a chur i gcomparáid leis an liosta ar an gcár bán/smeach-chairt agus na tíortha ar an liosta a chur ar an léarscáil bhán san áit cheart.
- Má bhíonn go leor ama acu, féadfaidh siad dath a chur ar na tíortha atá aitheanta acu. Is ceart an léarscáil seo a choinneáil go sábháilte, agus féadfaidh na daltaí aon tíortha eile faoina bhfoghlaimíonn siad le linn dóibh an pacáiste seo a úsáid a líonadh isteach, nó siombailí ábhartha e.g. bratach nó tráchtearra easpórtála, a chur leis de réir mar a fhoghlaimíonn siad tuilleadh. Is féidir na léarscáileanna a chur ar taispeáint de réir mar a leantar leis an bhfoghlaim, agus iad a úsáid chun an dul chun cinn a thomhas.

**Measúnú:** Cuirfidh na daltaí agus an múinteoir na freagraí a tugadh sular sheiceáil siad na léarscáileanna nó na hatlais a chur i gcomparáid leis na cinn a tugadh ina dhiaidh sin. Trína léarscáileanna bána a choinneáil agus a líonadh isteach de réir mar a théann siad tríd an bpacáiste, coinneoidh an múinteoir agus na daltaí taifead ar an bhfoghlaim sin. D'fhéadfaí léarscáil bhán a thabhairt dóibh arís ag deireadh an tionscadail chun léargas a fháil ar an líon tíortha is féidir leo a ainmniú agus a shuíomh gan úsáid a bhaint as atlais ná léarscáileanna.

### Gníomhaíocht Forleathnúcháin maidir le léarscáileanna

Chun tuilleadh oibre a dhéanamh ar léarscáileanna, téigh chuig an acmhainn teagaisc idirghníomhach ar líne seo a leanas de chuid Oxfam. Nasc agus cur síos:

**http://www.oxfam.org.uk/education/resources/mapping-our-world**

Oibríonn an suíomh gréasáin idirghníomhach seo le léarscáileanna agus cruinneoga chun an tuiscint atá ag foghlaimeoirí ar an domhan a athrú.

Tá gradam óir ón Geographical Association agus gradam BAFTA as an bhfoghlaim bunscoile gnóthaithe ag Mapping Our World, lena dtugtar deis d'fhoghlaimeoirí cruinne a leacú, léarscáil a thiontú ina cruinneog, agus teilgin léarscáile éagsúla a chumasc. Tá nótaí do mhúinteoirí ag gabháil leis na naoi ngníomhaíocht struchtúrtha agus tá siad ceaptha don rangfhoghlaim ar chlár bán idirghníomhach nó ar ríomhaire.



*Léarscáil den Afraic*

# AONAD 2:

## TÁIMID GO LÉIR NASCTHA LE CHÉILE

# AONAD 2: TÁIMID GO LÉIR NASCTHA LE CHÉILE

## **Aonad 2 Gníomhaíocht 1:** Dearcthaí agus steiréitíopaí

**An Príomh-choincheap:** Tá difríocht idir fíricí agus tuairimí, idir eolas agus dearcadh. Breithiúnais atá bunaithe ar steiréitíopaí maidir le daoine nó áiteanna, bíonn siad neamhiomlán agus míchruinn, toisc gur léiriú iad ar réamhthuairimí agus barúlacha seachas ar fhíricí, agus ní mór iad a cheistiú dá bhrí sin.

**An méid ama atá ag teastáil:** 45 nóiméad

## An Curaclam

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Oideachas na Meán Cumarsáide

***Cuspóir:***

- Iniúchadh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an mbealach a chuirtear eolas i láthair

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile

***Cuspóir:***

- Foghlaim conas meas a bheith agat ar iléagsúlacht pobail agus a stíleanna maireachtála sna háiteanna sin agus in áiteanna eile ar fud an domhain

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Samplaí de steiréitíopaí a aithint agus samplaí díobh a thabhairt, agus míniú a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil gá le heolas cruinn atá cothrom le dáta chun breithiúnais agus tuairimí faoi dhaoine agus áiteanna a fhorbairt.
- A ndearcthaí féin ar an Afraic a athbhreithniú agus a fhorbairt.
- Measúnú criticiúil a dhéanamh ar theoiricí ginearálta nó steiréitíopaí diúltacha a léiríonn daoine eile.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Sula gcuireann tú tús leis an gceacht seo, bailigh le chéile roinnt íomhánna d'Éirinn a úsáidtear go minic i scannáin agus i bhfógraí a bhaineann le hÉirinn – tá sé tábhachtach íomhánna ar leith d'Éirinn a sheachaint a d'fhéadfadh cur le steiréitíopaí diúltacha den tír, e.g. Íomhánna de mheisce, de dhroch-chaint agus d'aineolas.

**Na hábhair atá de dhíth:** Clár bán idirghníomhach agus/nó smeach-chairt le marcóirí; focail a bhaineann leis an Afraic a mhol na daltaí in *Aonad 1 Gníomhaíocht 1 An méid is eol dúinn faoin Afraic*; rogha íomhánna a cheanglaítear go minic le hÉirinn i litríocht turasóireachta, i bhfógraí, sna meáin (níl siad curtha ar fáil leis seo), léarscáil bhán A3 d'Éirinn (níl sí curtha ar fáil – is féidir cruth garbh d'Éirinn a tharraing agus a chóipeáil); Olanna's Big Day le Natasha Mac a' Bhaird (2009) le caoinchead The O'Brien Press – lch 5 curtha ar fáil leis seo (féach thíos) – leagan ar líne nó an leabhar féin.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Athchoimriú agus athchuimhneamh
- Plé
- Gníomhaíocht tobsmaoinimh
- Plé
- Obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

**Athchoimriú agus Athchuimhneamh**

- Taispeáin an bhileog smeach-chairte do na daltaí (nó an doiciméad atá stóráilte ar an gclár bán le linn an cheachta **Aonad 1 Gníomhaíocht 1** ***An Méid is eol dúinn faoin Afraic)*** ar ar taifeadadh eolas tosaigh na ndaltaí faoi ilchríoch na hAfraice.
- Iarr orthu smaoineamh ar conas a chuir na ceachtanna in Aonad 1 lena gcuid eolais, agus smaoineamh ar na focail a d'fhéadfadh siad a ghlaoch amach dá gcuirfí ceist orthu faoin Afraic, anois agus tuilleadh eolais faighte acu faoin ilchríoch.
- Taispeáin *Olanna's Big Day* do na daltaí ar an gclár bán/i gcóip chrua agus tabhair achoimre ghairid ar an scéal: *Tá cónaí ar Olanna agus a tuismitheoirí in Éirinn, ach tá teaghlach Olanna, seanmháthair Olanna, a Mama-Bayo ina measc, ina gcónaí sa Nigéir. Bíonn siad i dteagmháil lena chéile go rialta, ach tá Mama-Bayo fós cinnte go bhfuil éadaí teo ag teastáil ó Olanna chun í a chosaint ó aimsir na hÉireann.* Léigh amach leathanach 5 (féach thíos).
- Fiafraigh de na daltaí an gceapann siad go bhfuil an léiriú ar aimsir na hÉireann in Olanna's Big Day (lch. 5) cruinn nó fíor. Cén áit a bhféadfadh Mama-Bayo an smaoineamh sin a fháil?
- Pléigh an ról tábhachtach a imríonn aimsir na hÉireann in **íomhánna steiréitíopacha** na hÉireann. An gceapann siad go bhféadfadh 'aimsir fhliuch' nó 'drochaimsir' a bheith ar cheann de na híomhánna is steiréitíopacha den aeráid in Éirinn?
- An bhfuil an íomhá seo go hiomlán bréagach, go hiomlán fíor nó fíor go pointe? Mínigh nach féidir steiréitíopa ach a bheith fíor go pointe, agus gur minic a bhíonn siad bréagach. Mar sin, níor chóir ár mbreithiúnais agus tuairimí a bheith bunaithe ar steiréitíopaí.
- **Tobsmaoineamh** Iarr ar na daltaí ainmneacha 15-20 rud nó íomhá a ghlaoch amach a d'fhéadfaidís a chur i dtaispeántas chun Éire a léiriú do dhaoine nach raibh riamh sa tír. Scríobh a gcuid freagraí ar an gclár bán/smeach-chairt. Fiafraigh díobh an dtugann an bailiúchán focal seo léiriú maith ar Éirinn. Cad atá ar lár?

- Taispeáin do na daltaí rogha d'íomhánna ar líne/i gcóip chrua a úsáidtear go minic i scannáin agus i bhfógraíocht i dtaca le hoileán na hÉireann. Pléigh an chaoi a dtugann na híomhánna seo, a úsáideann gnólachtaí Éireannacha, comhlachtaí turas, Fáilte Éireann agus an Roinn Turasóireachta chun Éire a chur chun cinn, cé gur íomhánna dearfacha iad go ginearálta, léiriú ar Éirinn a bhíonn neamhréalaíoch, róshimplí agus as dáta go minic.

***Leipreacháin le potaí óir agus tuar ceatha, asail ag iompar ciseáin lán móna, tithe ceann tuí aoldaite, páirceanna glasa d'fhéar méith/cuibhrinn bheaga lán de charraigeacha le ballaí cloiche, Father Ted, prátaí, Tayto, seamróga, Naomh Pádraig, mná i ngúnaí fada glasa ag seinm na cláirsí, beannachtaí ar nós 'Top of the morning', 'There's a grand stretch in the evenings', arán donn, ispíní, seacláid Cadburys, Guinness, etc.***

- Agus na daltaí i mbeirteanna/grúpaí beaga, tabhair "léarscáil" bhán A3 do gach grúpa agus iarr orthu íomhánna agus focail a thaispeáint ar a léarscáil a cheapann siad a thugann an léiriú is cruinne ar Éirinn an lae inniu.
- Iarr ar na daltaí a gcuid léarscáileanna a thaispeáint agus measúnú a dhéanamh ar a gcuid léarscáileanna féin agus ar léarscáileanna a chéile maidir le cé chomh cruinn is atá an léiriú atá déanta acu ar Éirinn.
- Spreag iad le ceisteanna: An íomhánna dearfacha amháin atá léirithe acu? An bhfuil aon ghrúpa fágtha amach? An léirítear na daoine agus an saol i ngach cuid d'Éirinn sa lá atá inniu ann?
- Fiafraigh de na daltaí: An féidir steiréitíopaí a bheith dearfach chomh maith le diúltach? Cad is féidir linn a thuiscint ó na gníomhaíochtaí seo faoi steiréitíopaí?

### Plé

- Is féidir le steiréitíopaí tionchar a imirt ar an gcaoi a mbreathnaíonn muid ar dhaoine agus ar áiteanna eile. Tá sé tábhachtach ár steiréitíopaí féin agus steiréitíopaí daoine eile a cheistiú, agus go háirithe na cinn a léirítear sna meáin agus san fhógraíocht, atá ceaptha go príomha le hairgead a dhéanamh.
- Teastaíonn eolas atá cothrom le dáta agus cruinn uainn sula ndéanfar breithiúnais faoi dhaoine agus faoi thíortha eile, lena chinntiú go bhfuil ár dtuiscint agus ár dtuairimí bunaithe ar fhíricí seachas ar réamhthuairimí nó steiréitíopaí. Tá sé sin tábhachtach mar go mbíonn tionchar ag ár dtuairimí agus ár mbreithiúnais ar ár n-iompar agus ar ár ngníomhartha.

**Measúnú:** Déan comparáid idir na freagraí a thug na daltaí roimh, le linn agus i ndiaidh na gníomhaíochta seo.



*Sliocht as Olanna's Big Day, Leathanach 5*
*© The O'Brien Press*

*Mama-Bayo often sent something she had knitted for Olanna, like a warm cardigan, or a blanket. She sent a lot of scarves, too. Mama said that Mama-Bayo was worried about the cold weather in Ireland and wanted Olanna to be nice and warm. Olanna loved her scarves: the orange and blue one, the pink and purple one, and the one with all the colours of the rainbow. But her favourite was the long green and white scarf. Mama-Bayo had made it in the colours of the Nigerian flag, and it was just like the one Papa wore to football matches.*

# Aonad 2 Gníomhaíocht 2

**2(i): Íomhá amháin, an iliomad dearcthaí**

**2(ii): Foghlaimímis tuilleadh**

**Príomh-choincheapa:** Is minic a bhreathnaíonn daoine ar an íomhá nó an ócáid chéanna ar bhealaí éagsúla – bíonn tionchar ag ár dtaithí, ár leasanna agus ár luachanna aonair agus grúpa ar na dearcthaí sin. Ní mór do dhaltaí a bheith ar an eolas gur féidir lena ndearcthaí féin agus le braistintí daoine eile a bheith suibiachtúil. Is féidir íomhánna a cheistiú agus a fhiosrú chun muid féin a chur ar an eolas faoi réaltacht an méid atá léirithe.

**An méid ama atá ag teastáil:** 45 nóiméad in aghaidh gach gníomhaíochta

## An Curaclam

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Oideachas na Meán Cumarsáide

***Cuspóir:***

- Iniúchadh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an mbealach a chuirtear eolas i láthair

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Scrúdú agus plé a dhéanamh ar conas is féidir le tuairimí faoi íomhá a bheith ag brath ar leasanna éagsúla an duine aonair nó an ghrúpa.
- Tionchar na braistinte ar ár gcuid gníomhaíochtaí a scrúdú.
- Íomhá a imscrúdú agus ceisteanna a chur a bhaineann leis na daoine nó leis an ábhar a léirítear.
- Úsáid a bhaint as íomhá chun ceisteanna ábhartha a chumadh, mar bhonn le taighde ar ábhar nó ar shaincheist.

### Na hábhair atá de dhíth

**A Gníomhaíocht (i):** Cóip den ghrianghraf ar leathanach 34 do gach grúpa (nó ag an hipearnasc: **http://www. enjoyuganda.info/pure-nature/national-parks/mount-elgon-national-park/)** agus spás thíos faoi chun teideal a chur leis; píosa páipéir do gach grúpa le cur síos ar a ngrúpa scríofa air. (Is féidir an leathanach thíos a chóipeáil agus a ghearradh i stiallacha). **Nóta:** Má tá deacracht agat an hipearnasc a rochtain, is féidir an grianghraf a fháil trí íomhánna a chuardach leis na heochairfhocail seo a leanas: Mount Elgon  National Park + Enjoy Uganda).

**Gníomhaíocht (ii):** Le haghaidh gach grúpa de 4 daltaí: leathanach smeach-chairte agus cóip den ghrianghraf greamaithe ina lár; marcóir feilte in aon dath (nó 4 mharcóir i ndathanna éagsúla más féidir).

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Gníomhaíocht grúpaí sainleasa 2(i)
- Plé
- Gníomhaíocht 'Foghlaimímis tuilleadh' 2(ii)
- Plé
- Measúnú Piaraí

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Gníomhaíocht 2(i): Gníomhaíocht grúpaí sainleasa

Roinn an rang i ngrúpaí de 3. Cuir na grúpaí in áiteanna éagsúla timpeall an tseomra más féidir. Tabhair cóip den ghrianghraf ar leathanach 34 agus píosa páipéir do gach grúpa ar a bhfuil ainm agus cur síos ar an ngrúpa a ndéanfaidh siad ionadaíocht ar a leasanna (féach an liosta thíos). Iarr orthu **gan** ainm a ngrúpaí a thaispeáint do na grúpaí eile as seo amach.

- Abair leis na daltaí go bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht anois ar an ngrúpa a bhfuil cur síos orthu ar a bpíosaí páipéir. Iarr orthu, ina ngrúpaí, a gcur síos a léamh agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a ngrúpa breathnú ar an ngrianghraf, a tógadh in Uganda.
- Iarr orthu teideal nó frása a chumadh chun **tuairimí a ngrúpa faoin ngrianghraf** a léiriú ar an mbealach is fearr, agus scríobh faoin ngrianghraf iad.
- Labhair leis na grúpaí chun a fháil amach conas atá ag éirí leo agus lena mheabhrú dóibh gur leis an ngrianghraf a bhaineann an teideal.
- Cuirfidh na daltaí a gcuid grianghraf leis na teidil, ach **gan ainm** an ghrúpa sainleasa a bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht air, ar bhalla amhail is dá mba i ngailearaí atá siad; ansin siúlfaidh siad tríd an ngailearaí ag léamh na dteideal go léir.
- Iarr aiseolas agus barúlacha faoin méid atá ar an mballa; an bhfuil na teidil an-difriúil óna chéile? An gcuireann aon cheann acu iontas ort?
- Léigh amach ceann de na teidil agus iarr ar na grúpaí **nár scríobh** é buille faoi thuairim a thabhairt faoin eagraíocht/pobal a bhfuil a gcuid tuairimí nó a leasanna á léiriú aige. Déan an méid sin arís le 2 nó 3 theideal eile atá éagsúil óna chéile.
- Anois téigh trí na teidil go léir agus lig do na grúpaí iad féin a chur in iúl agus an t-eolas ar a nduillíní a léamh amach, agus na fáthanna lena dteidil a mhíniú. Déan cinnte de go n-úsáideann siad "muid" agus "ár" seachas "iad" agus "a gcuid" chun é a dhéanamh níos réalaíche.

### Plé

Téigh i mbun plé leis na daltaí, agus úsáid á baint agat as cuid díobh seo a leanas nó iad go léir:

- Cad iad na teidil a léirigh tuairimí an-difriúil ar an radharc sa ghrianghraf? Cén fáth a raibh na teidil chomh héagsúil sin óna chéile nuair a bhí siad go léir ag cur síos ar an íomhá chéanna/grianghraf céanna?
- Ar léirigh na teidil an íomhá go fírinneach nó ar léirigh siad leasanna agus tosaíochtaí na ngrúpaí éagsúla?

- Cad a mhúineann an ghníomhaíocht seo dúinn faoin gcaoi a mbreathnaíonn muid ar íomhánna agus a fheiceann muid iad? An bhfuil tionchar ag an mbealach a fheiceann muid íomhánna ar an mbealach a smaoiníonn muid ar na daoine a léirítear iontu agus an bealach a gcaitheann muid leo?
- Cuir in iúl do na daltaí gur tógadh an grianghraf seo in Uganda, i bPáirc Náisiúnta Chnoc Elgon.
- Iarr ar na daltaí ina ngrúpaí rud éigin a d'fhoghlaim siad ón ngníomhaíocht seo a scríobh síos.

### Liosta na nGrúpaí Leasa

1. **Bord Turasóireachta Uganda** – Cuireann sibh turasóireacht chun cinn chun cabhrú le Uganda airgeadra eachtrach a thuilleamh. Tá an-tóir ar thurais éiceolaíocha agus ar thurais fiadhúlra agus is breá le turasóirí eachtrannacha turais siúil san fhorais a dhéanamh. Tá plean agaibh chun an cineál sin turasóireachta a mhéadú.
2. **Grúpa ar son Chearta na mBan** – Is grúpa de ghníomhaithe Ugandacha sibh a oibríonn chun tacú le cearta na mban i bpobail bhochta. Is mian libh go mbeadh níos mó cumhachta ag mná chun cinntí a dhéanamh agus a saol a fheabhsú.
3. **Aireacht de chuid Rialtas Uganda** – Tá sibh ag obair san Aireacht um Chosaint Comhshaoil agus um Fhorbairt Tuaithe chun forbairt a chur ar fáil do phobail tuaithe bhochta, agus chun an comhshaol a chosaint. Ach níl go leor acmhainní agaibh chun seirbhísí agus áiseanna a chuir ar fáil i gceantair thuaithe iargúlta.
4. **An Ghníomhaireacht Cúnamh Éireann** – Is sibhse clár cúnaimh oifigiúil Rialtas na hÉireann agus bíonn sibh ag obair i gcomhar le Rialtas Uganda chun seirbhísí agus slite beatha a fheabhsú, go háirithe do phobail tuaithe bhochta. Tá cosaint an chomhshaoil agus tacaíocht a thabhairt do mhná ina dtosaíochtaí agaibh.
5. **Cuideachta Adhmaid/Troscáin** – Is cuideachta lománaíochta Shíneach sibh a fhaigheann adhmad ó fhoraoisí in Uganda, agus tá comhpháirtíocht agaibh le monarcha troscáin Ugandach a bhfuil a lán daoine fostaithe inti. Tá sibh ag súil le bhur ngnó a leathnú.
6. **Save Our Forests.Org** – Tá Uganda ag cailleadh a lán dá fhoraoisí i ngeall ar logáil tráchtála. Tá sibhse i mbun feachtais ina choinne sin toisc go gcuirfidh sé leis an athrú aeráide agus go gcruthóidh sé fadhbanna do phobail tuaithe bhochta.
7. **Na Mná sa Grianghraf** – Tá cónaí oraibh i sráidbhaile 3 km ar shiúl agus caithfidh sibh adhmad tine a bhailiú le haghaidh cócaireachta. Bailíonn sibh adhmad tar éis daoibh bhur gcuid oibre feirme a chríochnú. Tá bhur bpáistí ar an mbunscoil. Tá an saol an-deacair agus tá súil agaibh go mbeidh a saol siúd níos éasca.
8. **Cuideachta Gáis/Leictreachais** – Is faoi úinéireacht an Rialtas agus cuideachta phríobháideach sibh, agus cuireann sibh leictreachas nó gás ar fáil ar fud Uganda, sna cathracha agus sna bailte móra den chuid is mó. Chosnódh sé a lán airgid cumhacht a chur ar fáil sna ceantair thuaithe bheaga go léir, ach tá súil agat é sin a bhaint amach de réir a chéile.
9. **Trócaire nó Concern nó Goal.** Oibríonn sibh chun cabhrú le pobail bhochta Ugandacha i gceantair thuaithe, go háirithe mná, a saol a fheabhsú. Tá tús curtha agaibh le tionscadal sorn den scoth a laghdódh an gá atá le hadhmad tine le haghaidh cócaireachta.
10. **Fir chéile na mBan.** Is feirmeoirí cothaithe sibh le ceapacha beaga talún. Tá sibh ag obair níos déine ná riamh ach ní éiríonn libh dóthain bia a fhás chun bhur dteaghlaigh a bheathú i rith na bliana. Tá athrú tagtha ar na patrúin aimsire mar sin is minic a theipeann ar do bharra mar gheall ar thriomach nó ar thuilte.

11. **Páistí na mBan.** Caitheann bhur máithreacha an lá ar fad ag bailiú adhmaid agus ag obair go dian ar an bhfeirm. Tá súil agaibh freastal ar an meánscoil mar gur mhaith libh poist a fháil sa chathair.

12. **Cuideachta Tógála Bóthair Raji** – Is cuideachta ón India nó ó SAM sibh a bhfuil conradh buaite agaibh chun feabhas a chur ar na bóithre idir Kampala agus Fort Portal, dhá phríomhchathair in Uganda. Tá sibh ag iarraidh a áitiú ar an Rialtas conarthaí a thairiscint le haghaidh bóithre i gceantair eile.

### Gníomhaíocht 2(ii): Foghlaimímis tuilleadh

**Sa ghníomhaíocht seo, déanfaidh daltaí i ngrúpaí de 3-4 an grianghraf "a cheistiú", trí bhreathnú ar an íomhá agus smaoineamh fúithi agus ceisteanna a chumadh chun cabhrú leo níos mó a fhoghlaim faoi na daoine agus an áit atá léirithe, ag baint úsáid as 4 aird an chompáis N; S; E agus W (Nó North, South, East agus West mar is fearr aithne orthu sa Bhéarla) mar phointí tagartha chun a gceisteanna a ghrúpáil. Cabhróidh sé sin leis na daltaí íomhá a cheistiú agus a iniúchadh.**

**Míniú: (8 nóiméad)**

- Cuir na grúpaí in áiteanna éagsúla ar fud an tseomra; tabhair leathanach smeach-chairte dóibh le cóip den ghrianghraf greamaithe sa lár agus na litreacha N; S; E; W scríofa le marcóir ar a bharr, ar an mbun, ar dheis agus ar chlé; tabhair marcóir/í do gach grúpa
- Inis do na daltaí go ndéanfaidh siad an grianghraf a "cheistiú". Is é an cúram atá orthu teacht aníos leis an oiread ceisteanna tábhachtacha agus is féidir chun eolas a fháil faoi shaol na mban atá léirithe. Bainfidh siad úsáid as aird an chompáis N/S/E/W chun cabhrú leo é sin a dhéanamh.
- Ar an gclár bán nó ar smeach-chairt, taispeáin leathanach den chineál céanna don rang. Agus an pictiúr sa lár, scríobh N ar bharr an leathanaigh; S ar an mbun; E ar dheis; W ar chlé. I ndath eile scríobh an méid seo: in aice le N scríobh "nádúrtha"; in aice le S scríobh "sóisialta"; in aice le E scríobh "eacnamaíoch"; agus in aice le W scríobh "Cé a dhéanann an cinneadh?"
- Mínigh dóibh go bhfuil siad chun cineálacha éagsúla ceisteanna a chumadh faoin ngrianghraf faoi na ceannteidil éagsúla seo a leanas:

(Is féidir iad seo a thaispeáint ar an gclár bán nó ar smeach-chairt):

**N – Nádúrtha** – Ceisteanna faoin timpeallacht ina bhfuil na mná: an aeráid, tírdhreach, fásra, fiadhúlra, etc.

**S – Sóisialta** – Ceisteanna faoi conas a mhaireann na mná seo le daoine eile ina sochaí, agus an caidreamh atá acu le chéile, a dteaghlaigh ina measc.

**E – Eacnamaíoch** – Ceisteanna faoi conas a sholáthraíonn na mná sin agus daoine eile ina bpobal dóibh féin agus dá dteaghlaigh.

**W – Cé a dhéanann an cinneadh?** Ceisteanna faoi cé a dhéanann na cinntí a dhéanann difear do shaol na mban sin agus do shaol a dteaghlach.

- Tabhair spás do gach grúpa a leathanach a leagan amach go cothrom – ar bhord nó ar an urlár. is ceart dóibh díriú ar aird amháin ag aon am amháin; pléifidh siad agus scríobhann siad ar a laghad 2 nó 3 cheist ar an mbileog in aice leis an aird sin den chompás, sula dtéann siad go dtí an chéad phointe eile. Nuair a chríochnaíonn siad ba cheart dóibh a gceisteanna a léamh ina ngrúpaí. **(10 nóiméad)**

- Seiceáil ar dhul chun cinn na ngrúpaí chun tacú leo.
- Nuair atá ar a laghad dhá cheist críochnaithe ag gach grúpa ar cheithre aird an chompáis, féadfar na bileoga a chur ar taispeáint ar na ballaí. **(5 nóiméad)**
- Tóg gach aird den chompás ceann ar cheann ansin agus iarr ar dhuine de na daoine sa ghrúpa samplaí dá gceisteanna a thabhairt, nó faigh sampla ó gach grúpa, go dtí go mbeidh ceisteanna curtha i láthair faoi gach aird den chompás. **(8 nóiméad)**

### Plé

1. Tar éis aiseolas a fháil ag baint úsáid as an smeach-chairt/clár bán le haird an chompáis, pléigh **na naisc** idir na haird, e.g. an nasc idir saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha, an chaoi a mbíonn tionchar ag saincheisteanna comhshaoil ar chúrsaí eacnamaíocha, etc. Mar shampla, má tá cónaí ar dhuine i gceantar tuaithe iargúlta **(N)** d'fhéadfadh sé nach bhfuil aon rochtain aige ar bhóithre, scoileanna, aontaí, **(E)** a d'fhéadfadh é a choimeád bocht. D'fhéadfadh triomach **(N)** do theaghlach dhéanamh níos boichte **(E).**

An bhfuil dóchúlacht níos mó ann go mbeidh tú bocht **(E)** sa tsochaí sin más bean thú **(S)**? An bhfuil do chumas cinntí tábhachtacha a dhéanamh **(W)** ceangailte le do leibhéal rachmais **(E)** nó stádas **(S)** ? Iarr aon samplaí eile atá ag na daltaí.

2. Tarraing saigheada leis na naisc a léiriú.

**Measúnú:** Cad a bhí deacair nó éasca faoin ngníomhaíocht seo? Cad a d'fhoghlaim tú ón ngníomhaíocht seo? Déanfaidh an múinteoir liosta de na pointí foghlama de réir mar a fhreagraíonn na daltaí. **(5-7 nóiméad)**

**Gníomhaíocht Forleathnúcháin:** Dírigh ar W — Cé a dhéanann an cinneadh?

- Cuir ceisteanna, cuir i gcás: *Tá cónaí ar na mná seo i gceantar tuaithe iargúlta i dtír an-mhór – An gceapann tú go mbíonn tionchar ag* ***cinntí a dhéanann daoine eile ina bpobal*** *orthu? Daoine eile* ***lasmuigh dá bpobal?*** *Cé atá i gceist? Cén cineál cinntí?*
- Tá freagraí á lorg agat amhail *"a bhfir chéile, ceannairí a bpobail"*, nó *"an rialtas" "a rialtas áitiúil"* – a d'fhéadfadh cinneadh a dhéanamh/gan cinneadh a dhéanamh bóithre, scoileanna, clinicí a thógáil; uisce, leictreachas a chur ar fáil);
- Fiafraigh díobh faoi **chinntí a dhéantar níos faide ar shiúl** – mar shampla ag na **grúpaí leasmhara** a luadh i ngníomhaíocht roimhe seo, roinnt grúpaí a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh tacú leis an bpobal, nó cuideachtaí ar mian leo na foraoisí a leagadh ar chúiseanna tráchtála. D'fhéadfadh **tíortha eile** trádáil a dhéanamh lena dtír nó cúnamh a thabhairt dóibh, rud a d'fhéadfadh dul chun tairbhe dóibh; nó d'fhéadfadh tíortha eile cur leis an athrú aeráide, rud a chúiseodh triomach nó tuilte a d'fhéadfadh a mbarra a scriosadh. **Praghsanna ola ag ardú** ar an margadh domhanda, d'fhéadfadh sé go mbeadh an t-iompar níos costasaí ina gceantar féin dá bharr. Má thugtar **tacaíocht mhaith sláinte, talmhaíochta nó oideachais** dá rialtas trí chúnamh idirnáisiúnta, d'fhéadfadh feabhsuithe ar na **rialacha trádála** agus ar an gcaoi a ndéantar an trádáil praghsanna níos fearr ar bharra agus slite beatha níos fearr a thabhairt dóibh.
- Conas a d'fhéadfadh pobail tuaithe bhochta amhail pobal na mban sa ghrianghraf tionchar a bheith acu ar na cinntí a dhéanfaidh difear dá saol? Cad a d'fhéadfadh cabhrú le mná mar seo smacht níos mó a bheith acu ar a saol féin?

D'fhéadfá an plé seo a léiriú go grafach ag baint úsáid as ciorcail agus saigheada ar smeach-chairt/clár bán chun an t-achar ó lucht déanta cinntí go dtí an pobal beag a thaispeáint.



*Adhmad á bhailiú san fhoraois*
*Tógadh an grianghraf seo i bpáirc náisiúnta Chnoc Elgon in Uganda agus tá sé athphriontáilte le cead ó IRIN https://www.irinnews.org/content/about-us © Charles Akena/IRIN*

# **Aonad 2 Gníomhaíocht 3:** Foghlaimímis faoi thíortha na hAfraice

**An Príomh-choincheap:** Tá eolas cruinn tábhachtach chun breithiúnas agus tuairimí a fhorbairt i dtaca le daoine agus áiteanna. Cuirfidh an ghníomhaíocht seo le heolas na ndaltaí ar ilchríoch na hAfraice agus ar thíortha sonracha san Afraic.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile

***Cuspóirí:***

- Staidéar a dhéanamh ar roinnt ghnéithe de thimpeallachtaí agus shaol daoine atá in áit eile ar domhan
- Feasacht a fhorbairt ar na grúpaí éagsúla eitneacha, reiligiúin agus teangeolaíocha sa domhan mór.

SPHE; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Feasacht a fhorbairt ar roinnt de na cultúir, slite maireachtála agus teangacha atá i dtíortha an domhain mhóir.

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh agus iad ag obair ina bpéirí nó i ngrúpaí beaga:

- Eolas tábhachtach a aithint, faoi raon teideal, i ndáil le tíortha sonracha san Afraic atá nasctha le hÉirinn trí chúrsaí trádála nó cúnaimh
- Cur i láthair a thabhairt don rang iomlán faoina dtíortha faoi seach.
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi chuir i láthair a chéile.
- Measúnú a dhéanamh ar chuir i láthair a chéile.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Mar chuid den ghníomhaíocht seo tosóidh na daltaí ag déanamh taighde ar thíortha ar leith san Afraic agus an t-eolas a chur i láthair. Is féidir eolas aoisoiriúnach faoi na tíortha go léir a aimsiú ar an idirlíon ach NÍ MÓR polasaí na scoile maidir le húsáid an idirlín leis na daltaí a chomhlíonadh, agus ní mór aon suíomh a sheiceáil sula dtabharfar rochtain do na daltaí air. Suíomhanna féideartha:

**Eolas do bhunscoileanna maidir le tíortha comhpháirtíochta na hÉireann san Afraic ag www.ourworldirishaidawards.ie** faoin rannán "Teachers/Lesson Plans".

Tá cóipeanna saor in aisce ar fáil do scoileanna de leabhar Chúnamh Éireann do pháistí One World, Our World (2009) ina bhfuil eolas ar cheithre thír de chuid na hAfraice. Ríomhphost: **info@irishaidcentre.ie**

**Fíricí maidir le seacht dtír chomhpháirtíochta na hÉireann san Afraic: https://www.irishaid.ie/media/irishaidpublications/Irish-Aid-Annual-Report-2016.pdf**

(Má táthar ag úsáid an pacáiste seo tar éis Meán Fómhair 2018, cuardaigh Tuarascáil Bhliantúil 2017 ar shuíomh gréasáin Chúnamh Éireann).

**Eolas na Náisiún Aontaithe faoi thíortha:**
**http://www.un.org/esa/population/publications/countryprofile/profile.htm**
Eolas cuimsitheach reatha faoi gach tír – cuardaigh de réir ainm tíre.

**Na hábhair atá de dhíth:** An leabhar *Ikenna Goes to Nigeria* le Ifeoma Onyefulu, foilsithe ag Frances Lincoln Books (2007), lena thaispeáint do na daltaí, nó d'fhéadfaí an clúdach a thaispeáint ar an scáileán.

Mura bhfuil teacht agat ar an leabhar, cuir Olanna's Big Day, a pléadh in Aonad 1, i gcuimhne do na daltaí, agus smaointe mháthair mhór Olanna faoi Éirinn; clár bán idirghníomhach/smeach-chairt le marcóir a bhfuil dath éagsúil air ón gceann a úsáideadh i nGníomhaíocht 1 d'Aonad 1; liosta focal a moladh i nGníomhaíocht 1 d'Aonad 1 *An Méid is Eol Dúinn Faoin Afraic*; léarscáil bhalla Peters Projection; raon eolais, leabhar, pictiúr, nasc ar líne etc. i dtaca leis na tíortha a bhfuil taighde le déanamh orthu (féach na tagairtí thíos).

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Réamhrá – scéal Ikenna; athchoimriú agus athchuimhneamh ar Aonad 1
- Plé
- Obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Réamhrá

- Taispeáin ar an gclár bán nó i gcóip chrua, an leabhar Ikenna Goes to Nigeria, agus tabhair achoimre ar bhuachaill a fhágann a bhaile i Londain lena mháthair den chéad uair riamh chun cuairt a thabhairt ar an Nigéir, an áit as a dtagann a theaghlach, agus ina bhfuil gaolta acu. Níl a fhios ag Ikenna cad ar cheart dó a bheith ag súil leis sa Nigéir cé go bhfuil roinnt réamhthuairimí aige faoin méid a aimseoidh sé ann, agus faigheann sé amach nach mar a shíltear a bhítear.
- Ar smeach-chairt nó ar an gclár bán, taispeáin an liosta bunaidh ó Aonad 1 Gníomhaíocht 1 de na focail a mhol na daltaí chun cur síos ar an Afraic. Iarr orthu an liosta a bhreithniú agus aon fhocail is mian leo a chur leis an liosta a rá amach os ard, nó aon athruithe is mian leo a dhéanamh ar an liosta, agus úsáid dath éagsúil ón dath a úsáideadh an chéad uair chun na hathruithe a thaifeadadh,
- Abair leis na daltaí go bhfuil gá le fíricí agus eolas chun tacú lenár dtuairimí agus ár mbreithiúnais faoi dhaoine agus áiteanna eile, agus gur minic a athraíonn muid ár mbunsmaointe nó tuairimí nuair a bhíonn tuilleadh ar eolas againn.
- Sa chéad ghníomhaíocht eile agus thar na laethanta amach romhainn, déanfaidh siad taighde ar roinnt tíortha san Afraic agus cuirfidh siad an méid a bheidh foghlamtha acu i láthair. Is i ngrúpaí de thriúr a bheith siad ag obair.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Nuair a dhéanann na daltaí taighde neamhspleách ar thíortha san Afraic, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil na foinsí a úsáideann siad cothrom le dáta agus cruinn, agus nach léiríonn siad dearcadh Eoralárnach ina gcuirtear síos ar an Afraic i dtéarmaí diúltacha nó coilíneacha. Mar shampla, dá gcuirfí síos i dtéacs ar ghnéithe gheografacha a bheith 'aimsithe' ag taiscéalaithe Eorpacha.

Tá cnuasach de bhéaloideas traidisiúnta ó thíortha san Afraic ar fáil sa Leabhar *Óró na Circíní* athinste ag Gabriel Rosenstock agus tá treoir maidir leis na scéalta a phlé san áis *Scéalta den Scoth* LEAGAN-DEIREANACH-A4-web.pdf (cogg.ie) lgh. 65-66

Tá plé suimiúil ar chúrsaí féiniúlachta san alt seo a leanas le Ola Majekodunmi, láithreoir an chláir Afra-Éire ar Raidió na Life 106.4FM Haigh. I'm a black woman, and I happen to speak Irish (irishtimes.com)

Tá plé spéisiúil ar chúrsaí féiniúlachta agus ceisteanna téarmaíochta sa Ghaeilge san alt seo a leanas: Blue no longer: 'person of colour' added to Irish lexicon | Ireland | The Guardian

Tá ábhar foinse maith le fáil ar shuíomhanna gréasáin ambasáidí tíortha.

### Obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga

**Réamhrá:** Cuir léarscáil Peters Projection ar taispeáint agus dírigh ar an Afraic.

- Cuir liosta na dtíortha san Afraic a chuir na daltaí le chéile le linn na gníomhaíochta mapála in Aonad 1 ar taispeáint nó iarr orthu tíortha a ainmniú a líon siad isteach ar na learscáileanna bána. Aimsigh gach tír ar léarscáil Peters Projection.
- Taispeáin do na daltaí an liosta seo a leanas de thíortha Afracacha lena mbíonn Éire ag trádáil nó lena bhfuil comhpháirtíocht chúnaimh forbraíochta aici. An bhfuil siad seo ar fad ar an liosta ó Aonad 1? Ar an léarscáil Peters aimsigh aon tíortha nach raibh ar a liosta.

| | |
|---|---|
| **An Aetóip** | **Siarra Leon** |
| **Leosóta** | **An Tansáin** |
| **An Mhaláiv** | **Uganda** |
| **Mósaimbíc** | **An tSúdáin Theas** |
| **An tSaimba** | **An Libéir** |
| **An Afraic Theas** | **An tSiombáib** |
| **An Chéinia** | **An Nigéir** |

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr, agus sann tír amháin do gach grúpa. Iarr orthu féachaint ar a dtír ar an léarscáil.
- Pléigh leis an rang an t-eolas a bheadh tábhachtach duit faoi thír nach bhfuil cuairt tugtha agat uirthi, agus nach bhfuil mórán eolais agat fúithi.
- Molfaidh na daltaí cineálacha éagsúla eolais – scríobh ar an smeach-chairt/ar an gclár bán iad.
- Cuir leis an liosta sin ón tábla thíos. Mínigh aon téarmaí deacra dóibh, cuir i gcás Ollioncam Náisiúnta (OIN): *is ionann sin agus tomhas ar ioncam tíre. Clúdaíonn sé an t-ioncam go léir a thuilleann cónaitheoirí agus gnólachtaí tíre, móide ioncam ó thíortha eile.*
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad na figiúirí is déanaí a aimsiú d'fhíricí amhail ionchas saoil, litearthacht agus ioncam.
- Tabhair cóip den liosta thíos do gach grúpa. Léigh tríd an liosta chun a chinntiú go dtuigeann na daltaí é.
- Mínigh go ndéanfaidh siad taighde ar thír an ghrúpa faoi na ceannteidil éagsúla, agus go gcuirfidh siad an t-eolas i gcomparáid le hÉirinn de réir mar a léirítear ar an tábla.

**Treoracha don taighde:** Tabharfar dhá uair an chloig nó trí huaire dóibh sna laethanta amach romhainn leis an taighde a dhéanamh. Tabhair tagairtí do shuíomhanna gréasáin nó bileoga eolais do gach grúpa. Cuir méid áirithe ama i leataobh don obair seo.

Mínigh go gcuirfidh gach grúpa an t-eolas nó a dtionscadail i láthair don rang iomlán nuair atá an gníomhaíocht curtha i gcrích, agus go gcuirfear ar taispeáint iad.

| | **Tír:**<br>**Suíomh san Afraic** | **Éire** |
|---|---|---|
| Achar i gciliméadair chearnacha | | |
| Príomhchathair | | |
| Ceannaire/Ceann Stáit | | |
| Dáta neamhspleáchais agus cén tír óna ndearnadh an neamhspleáchas | | |
| Daonra | | |
| Airgeadra | | |
| Ollioncam Náisiúnta per capita (mínigh) | | |
| Tír ísealioncaim / meánioncaim / ardioncaim | | |
| Na heaspórtálacha is mó | | |
| Ionchas saoil | | |
| Leibhéal litearthachta | | |
| Na príomhreiligiúin | | |
| Custaim, traidisiúin, ceol | | |
| Mór-reiligiúin | | |
| Custaim, traidisiúin, ceol | | |
| An bhratach náisiúnta:<br>Féadfar na bratacha a tharraingt agus a dhathú | | |
| Spóirt náisiúnta | | |
| An bia is mó a itear | | |
| Beannacht sa teanga náisiúnta | | |
| Naisc le hÉirinn | | |

**Cur i láthair agus piarmheasúnú: "Dhá réalta agus mian amháin"**

- Tabhair deich nóiméad do gach grúpa a dtionscadail a chur i láthair ó bhéal don chuid eile den rang thar roinnt laethanta. Má bhíonn 9/10 ghrúpa agat, thiocfadh leat 3 chur i láthair in aghaidh an lae a eagrú. Féadfar an obair a chur ar taispeáint ar bhalla nó ar an gclár bán.
- Iarr ar an gcuid eile den rang smaoineamh agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail a chéile ó thaobh a chruinne is a bhí siad agus an méid eolais a tugadh iontu, agus a shuimiúla agus a úsáidí is a bhí an t-eolas sin.
- Iarr dhá nóta tráchta dhearfacha agus moladh cabhrach amháin, "Dhá réalta agus mian amháin", do gach tionscadal roimh an obair a chur ar taispeáint sa phríomh-halla nó sa halla tionóil más féidir. Is féidir le grúpaí a gcuid eolais a léiriú trí úsáid a bhaint as léarscáileanna, pictiúir, grafaicí, déantáin nó ceol, más mian leo.

**Gníomhaíocht Forleathnúcháin:** Iarr ar na daltaí smaoineamh ar conas is féidir leo tuilleadh eolais a fháil agus tuiscint níos fearr a fháil ar an tír faoinar scríobh siad. Cad a chuirfeadh lena gcuid eolais? Tuilleadh eolais á léamh?

Filíocht agus scéalta ón tír sin á léamh? Bualadh le daoine ón tír agus labhairt leo? Cuid den teanga a fhoghlaim, an bia a bhlaiseadh, éisteacht leis an gceol? Breathnú ar scannáin nó ar chláir faisnéise? Treoirleabhair taistil a léamh atá scríofa ag daoine a bhí sa tír? Cuairt a thabhairt ar an tír nó dul chun cónaí inti? Ní thabharfaidh eolas agus fíricí léargas iomlán duit, ach is tús maith é!

# **Aonad 2 Gníomhaíocht 4:** Éire agus an Afraic: cultúr agus ceangail

**An Príomh-choincheap:** Is iomaí nasc idir Éirinn agus tíortha san Afraic, idir naisc stairiúla agus reatha. Is iomaí bealach atáimid nasctha le tíortha agus pobail éagsúla san Afraic, agus leis an ilchríoch ina hiomláine.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile

***Cuspóirí:***

- Staidéar a dhéanamh ar roinnt ghnéithe de thimpeallachtaí agus shaol daoine atá in áit eile ar domhan
- Tuiscint a fhorbairt ar idirspleáchas daoine sna háiteanna sin agus daoine in Éirinn

**Comhtháthú:**

Stair OSIE: Snáithe: Scéal; Snáithaonad: Scéalta ó shaol daoine san am atá caite

***Cuspóirí:***

- Éisteacht le scéalta, agus iad a phlé, a aithris agus a thaifeadadh, faoi dhaoine a chur le saol náisiúnta na tíre agus le saol daoine i dtíortha eile.
- Feasacht a fhorbairt ar shaol mhná, fheara agus pháistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúin.

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Ceisteanna a bhaineann le trádáil a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na tráchtearraí is mó ar domhan

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Feasacht a fhorbairt ar roinnt de na cultúir, slite maireachtála agus teangacha atá i dtíortha an domhain mhóir.

## Cuspóirí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh agus iad ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga:

- Samplaí a thabhairt den iliomad nasc stairiúil, cultúrtha, trádála, sóisialta agus polaitiúil idir daoine in Éirinn agus daoine i dtíortha san Afraic.
- Trí thír atá in Iarthar na hAfraice, agus a mbratacha, a ainmniú agus a aimsiú ar an léarscáil.
- 10-15 shampla a thabhairt de naisc idir Éirinn agus an Afraic i raon catagóirí.
- Taighde a dhéanamh ar ábhar sonrach a bhaineann le naisc idir Éirinn agus an Afraic, agus an t-eolas a chur i láthair.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** D'fhéadfadh dalta/daltaí a bheith i do rang a bhfuil naisc teaghlaigh nó naisc eile acu le tíortha san Afraic, agus d'fhéadfadh na daltaí sin agus a dteaghlaigh a bheith ina bhfoinse mhaith eolais. Mar sin féin, déan cinnte an spéis atá acu sa mhéid sin a thomhas roimh ré.

Sula gcuirtear tús leis an ngníomhaíocht, greamaigh bileog/a smeach-chairte A1 ar an mballa chun na naisc go léir a aimsítear de réir mar a théann an rang tríd an ngníomhaíocht seo a thaifeadadh agus a thaispeáint. Scríobh Ceangail nó Naisc ag barr an leathanaigh.

**Na hábhair atá de dhíth:** Bileog mhór nó bileoga móra smeach-chairte A1 ar an mballa chun na naisc go léir a fhiosraítear le linn na gníomhaíochta seo a thaifeadadh agus a chur ar taispeáint; Leathanaigh 17-21 de *Olanna's Big Day* le Natasha Mac a' Bhaird ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce ó **www.obrien.ie**; *Olanna's Big Day*, leathanaigh 18, 27 (curtha ar fáil leis seo); clár bán idirghníomhach, íomhánna [ar fáil ar líne] e.g. de bhratach den Chósta Eabhair/Côte d'Ivoire, an Nigéir, an Nígir.

Íomhánna de dhaoine a bhfuil naisc acu le hÉirinn agus leis an Afraic (ar fáil ar líne) e.g. **Baz Ashmawy, Nelson Mandela, Barack Obama, Bono; Joseph Cyrille N'Do**, iar-pheileadóir idirnáisiúnta agus Camarúnach, cóitseálaí Sligo Rovers agus Achill Rovers; **Mary Manning,** duine de lucht stailce Dunnes Stores 1984-86 (grianghraf de phlaic chomórtha ar Shráid Anraí, Baile Átha Cliath curtha ar fáil); grianghraf de bharra seacláide MIA.

*Aimsigh ar líne:*

**Liam Ó Maonlaí**, Dambé: The Mali Project (adobe flash ag teastáil le haghaidh an naisc thíos) **https://www.rte.ie/entertainment/movie-reviews/2008/0723/447583-dambethemaliproject/**

Afro-Celt Sound System: **https://www.youtube.com/watch?v=2Wmf1xmkuxo**

**Ruairí Mac Easmainn** – laoch um Chearta an Duine (an tsraith In a Nutshell 2017). Le Gaye Shortland – leabhar maisithe do pháistí **http://www.obrien.ie/roger-casementhttp**:

Eolas do pháistí faoin Afraic: **www.atozkidsstuff.com/africa.html**

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Réamhrá
- Scéal
- Plé
- Taighde – Bratacha
- Gníomhaíocht Thráth na gCeist
- Taighde
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Réamhrá

Inis do dhaltaí go mbeidh siad ag fáil amach le linn na gníomhaíochta seo faoi roinnt de na naisc idir Éire agus an Afraic, agus idir muintir na hÉireann agus daoine ó thíortha éagsúla san Afraic.

Cuir Olanna i gcuimhne do na daltaí, a bhfuil meascán spreagúil de thionchar na Nigéire agus na hÉireann fite fuaite ina saol agus ina taithí – glacann sí páirt ghníomhach sna gníomhaíochtaí ar fad ar scoil agus ina ceantar áitiúil in Éirinn, agus tá cultúr agus oidhreacht na Nigéire an-tábhachtach di agus is cuid lárnach dá féiniúlacht iad.

### Plé

Sa leabhar *Olanna's Big Day*, tá sí ag foghlaim an fheadóg stáin sa bhanna scoile agus insíonn a múinteoir dóibh gur tugadh cuireadh don bhanna páirt a ghlacadh i mórshiúl Lá Fhéile Pádraig. Fiafraigh de na daltaí conas a mothóidh Olanna agus a muintir faoin nuacht seo – an mbeidh siad ar bís, neirbhíseach, gan spéis nó rud éigin eile?

Taispeáin *Olanna's Big Day* **(lch. 18)** ar an gclár bán agus tabhair am do na daltaí labhairt faoin méid a chuireann an léaráid agus an téacs in iúl dúinn faoi Olanna agus a muintir.

- In éineacht leis na daltaí, léigh leathanaigh 17-21- atá saor in aisce le híoslódáil ar **www.obrien.ie.**
- Léigh an chuid eile den leabhar os ard, nó abair leis na daltaí go dtarlaíonn tubaiste agus an banna díreach ar tí dul isteach sa mhórshiúl agus bíonn an chuma ar an scéal nach mbeidh siad in ann siúl ann - go dtí go dtairgeann Olanna an scairf a sheol a Mama-Bayo chuici, agus bíonn gach rud i gceart: is é a scairf réiteach foirfe na faidhbe **(taispeáin lch. 27** ar an gclár bán) toisc go bhféadfaidh Tommy anois an droma a iompar tríd an scairf a úsáid mar strapa, agus mothaíonn Olanna go bhfuil páirt iomlán ag a seanmháthair sa mhórshiúl anois, cé go bhfuil sí ina cónaí i dtír eile.
- Chomh maith le bheith ina Éireannach, tá Olanna bródúil as a gcultúr agus as a mbunús sa Nigéir agus tá sé tábhachtach go mbeadh sí i dteagmháil lena seanmháthair agus lena gaolta eile a bhfuil cónaí orthu sa Nigéir.
- An amhlaidh atá do mhuintir na hÉireann a chuaigh ar imirce go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá nó Sasana san am atá thart? An bhfuil sé go fóill mar sin sa lá atá inniu ann? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ár gcultúr a choinneáil fiú má tá cónaí orainn i dtír eile?

### Gníomhaíocht na mbratach

- Abair leis an rang go mbeidh siad ag breathnú ar bhratacha ó roinnt tíortha éagsúla. Cén fáth a bhfuil bratacha náisiúnta againn?
- Fiafraigh díobh: Cad iad na dathanna ar scairf Olanna? Cad iad dathanna bhratach na Nigéire? Cad iad na dathanna atá i gcoiteann aici le bratach na hÉireann?
- Déan bratacha na Nigéire agus na hÉireann a chur ar taispeáint; aimsigh an Nigéir ar Léarscáil Peters Projection.
- Aimsigh an dá thír eile seo in Iarthar na hAfraice ar Léarscáil Peters Projection: an Nigéir; agus an Cósta Eabhair.
- Cuir léarscáileanna na hÉireann, na Nigéire, na Nígire, an Chósta Eabhair ar taispeáint Cad atá i gcoiteann acu go léir?
- Roghnóidh na daltaí ina bpéirí – nó sannfaidh an múinteoir – tír eile san Afraic ó Léarscáil Peters, tarraingeoidh agus gach péire bratach na tíre ar leathanach A4 agus cuireann siad dath uirthi, agus gheobhaidh siad amach cad a sheasann na dathanna/siombailí dó; scríobhfaidh siad an bhrí faoin mbratach.
- Taispeáin leathanaigh ar an mballa, agus breathnóidh na daltaí orthu. Cé mhéad de na bratacha a bhfuil na dathanna céanna orthu is atá ar bhratach na hÉireann?
- Déan an obair seo a thaifeadadh ar leathanach na Naisc ar an mballa.

## Afriquiz

Is cineál suirbhé é seo i bhformáid tráth na gceist ina gcaithfidh na daltaí a bheith ag obair i bpéirí agus a bheith ag plé le daoine eile chun freagraí a fháil laistigh de méid áirithe ama. Is é an cuspóir ná go mbeidh siad ar an eolas faoin iliomad nasc atá acu leis an Afraic. Is é an bealach is éifeachtaí leis an ngníomhaíocht seo a dhéanamh ná bogadh timpeall an tseomra, ach mura bhfuil go leor spáis ann d'fhéadfadh siad ceist a chur ar na daltaí is gaire dóibh.

- Agus na daltaí ina mbeirteanna, tabhair bileog thráth na gceist do gach péire faoi na naisc idir an Afraic agus Éire.
- Tabhair 10 nóiméad dóibh chun an bhileog a líonadh isteach agus freagraí á bhfáil acu **ó phéirí daltaí eile.**
- Nuair a deir an múinteoir leo tosú, bogfaidh siad timpeall an tseomra ina mbeirteanna agus aimseoidh siad daoine eile ar féidir leo na freagraí a thabhairt dóibh. Mura bhfuil an freagra ar eolas ag na daltaí is féidir leo ceist eile a chur; a luaithe is atá freagra tugtha ar cheist ní mór dóibh bogadh ar aghaidh chuig péire eile.





- Tar éis 10 nóiméad, fillfidh daltaí ar a n-áiteanna.
- Iarr orthu a léiriú trína lámha a chur in airde: Cé mhéad péire a chríochnaigh an suirbhé? Cé mhéad péire a bhí beagnach críochnaithe leis?
- Déan na freagraí a athbhreithniú agus a scríobh ar an gclár bán/smeach-chairt, ag tabhairt deis do gach péire nasc amháin a thabhairt.
- An raibh iontas ar na daltaí faoin méid a léirigh an ghníomhaíocht seo? Cad a chuir iontas orthu?

## Afriquiz


| Aimsigh duine: | | | |
|---|---|---|---|
| A bhfuil cuairt tugtha acu ar thír san Afraic.<br>Tír: | A bhfuil gaolta acu atá ina gcónaí san Afraic.<br>Tír/Tíortha: | A n-itheann/ólann a dteaghlach táirgí ón Afraic.<br>Táirgí: | A bhfuil focail i Svahaílis (a labhraítear in Oirthear na hAfraice) ar eolas acu, atá le cloisteáil i scannán iomráiteach de chuid Disney.<br>Focail/scannán: |
| A dtosaíonn a n-ainm leis an litir chéanna le hainm tíre san Afraic.<br>Tír: | Atá in ann aon cheann de na 7 dtír san Afraic ina n-oibríonn Éire leis na rialtais a ainmniú.<br>Tír/Tíortha. | A bhfuil eolas acu ar áit in Éirinn atá ainmnithe as uachtarán de chuid na Stát Aontaithe ar Meiriceánach Afracach é.<br>Áit: | A bhfuil a fhios acu cén fharraige atá ar chuid de chósta na hÉireann agus na hAfraice araon.<br>Aigéan: |
| **A bhfuil na hainmneacha seo a leanas ar eolas acu:** | | | |
| Dhá thír in oirthear na hAfraice ar bhuaigh a reathaithe 5 bhonn as 6 cinn i rás i gCluichí Oilimpeacha 2016, agus a mbíonn an bua acu go minic i maratón Bhaile Átha Cliath.<br>Tíortha: | Iar-uachtarán de thír Afracach ar tugadh Saoirse Bhaile Átha Cliath dó agus a bhuaigh Duais Nobel na Síochána in 1994.<br>Ainm: | Ceannaire de ghrúpa ceoil cáiliúil as Éirinn a bhfuil cuid mhór feachtasaíochta déanta aige ar mhaithe le sláinte níos fearr agus socruithe trádála níos fearr don Afraic.<br>Ainm: | Pearsantacht teilifíse Éireannach a rugadh san Afraic do thuismitheoirí Éireannacha agus Éigipteacha, a bhfuil sraith teilifíse déanta aige lena "mammy", sraith a bhfuil gradaim buaite aici.<br>Ainm: |
| An abhainn is faide san Afraic – agus ar domhan - tá sé cosúil le hainm bhuachaill/fir Éireannach. Freagra: | Dhá mhianra luachmhara a fhaighimid ón Afraic.<br>Freagra: | Imreoir sacair Afracach ar an leibhéal idirnáisiúnta a imríonn d'fhoirne Mhaigh Eo nó atá ina chóitseálaí orthu.<br>Ainm: | Tírghráthóir cáiliúil Éireannach a cuireadh chun báis in 1916 agus a throid ar son chearta an duine san Afraic.<br>Ainm: |

### Ár naisc a fhiosrú



Agus dathanna éagsúla á n-úsáid agat, úsáid a oiread spáis agus is féidir ar chlár bán/smeach-chairt chun cruth garbh den Afraic a tharraingt, agus cruth i bhfad níos lú os a chionn chun Éire a léiriú.

- Tarraing roinnt saigheada eatarthu chun naisc a léiriú;
- Iarr ar na daltaí **cineálacha/catagóirí** éagsúla nasc a ghlao amach óna suirbhéanna, agus tabhair leid dóibh más gá: e.g. naisc stairiúla, thíreolaíochta, trádála, spóirt, pholaitiúla, imirce etc., agus scríobh ar na saigheada iad.
- Iarr níos mó catagóirí **nach bhfuil** luaite go fóill, agus déan liosta díobhe.g. Imirce; reiligiúin.
- Léirigh le saighead dúbailte i gcás ina bhfuil nasc dhá bhealach:



- Taispeáin an leathanach ar an mballa.
- Scríobhfaidh na daltaí ina n-aonar nó ina mbeirteanna rud éigin atá foghlamtha acu ó na gníomhaíochtaí nasctha sin.

### Gníomhaíocht Taighde

Mar obair bhaile nó ar feadh tréimhse ama ar leith sa rang, déanfaidh daltaí, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, taighde ar cheann de na naisc Éireannacha seo a leanas leis an Afraic agus leathanach a scríobh faoi :

- Stailceoirí Dunnes Stores 1984-87
- Obair Ruairí Mhic Easmainn ar Chearta an Duine sa Chongó
- Obair feachtasaíochta Bono chun tacú leis an Afraic
- Na ceangail atá ag Barack Obama leis an gCéinia agus le hÉirinn
- Obair Mhisinéirí Míochaine Mhuire san Afraic
- Seacht dtír chomhpháirtíochta na hÉireann san Afraic **www.irishaid.ie**
- Liam Ó Maonlaí agus an Tionscadal Dambé ag féile cheoil i Mailí, san Afraic Thiar

### Cur i láthair

- Taispeáin leathanaigh na ndaltaí ar an mballa agus cuirfidh na grúpaí a dtaighde i láthair – suas le trí chur i láthair in aghaidh an lae – ag úsáid léarscáileanna agus íomhánna nuair is féidir

**Tionscnamh obair bhaile (tugann sé seo bunús maith maidir leis na gníomhaiochtaí a thiocfaidh aníos in Aonad 3:**

Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar **naisc thrádála** idir Éire agus tíortha san Afraic. Meabhraigh dóibh gur aimsigh siad na hiompórtálacha agus easpórtálacha is mó i gcás na dtíortha a ndearna siad taighde orthu i nGníomhaíocht 3 d'Aonad 2: *Foghlaimímis faoi thíortha na hAfraice.* Spreag iad chun machnamh a dhéanamh ar mhianraí, amhail ola, ór etc. agus ar bhia-ábhair freisin.

*Iarr ar na daltaí:*


1. Roinnt earraí a aimsiú a iompórtálaimid go hÉirinn ó thíortha san Afraic: Iarr ar na daltaí seiceáil i bpriosanna agus ar sheilfeanna a dtithe féin, agus in ollmhargaí agus i siopaí áitiúla, chomh maith le heolas a chuardach.
2. Sa rang déanfaidh na daltaí, i ngrúpaí, liostaí iomlána a chur le chéile agus a chur ar taispeáint ar bhileoga smeach-chairte.
3. Déan plé mar rang ar na cineálacha earraí a iompórtáiltear agus a easpórtáiltear, agus ar thrádáil idir Éire agus an Afraic, agus úsáid á baint as an eolas thíos nuair is ábhartha.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Úsáid an t-eolas seo a leanas ina bhfuil achoimre ar alt nuachtáin in 2016 chun trádáil na hÉireann leis an Afraic a phlé agus a fhiosrú:


- Tháinig méadú aon trian ar an trádáil idir an Afraic agus Éire idir 2010 agus 2014. In 2015, bhí luach **€2.3 billiún** ar thrádáil iomlán na hÉireann leis an Afraic, agus áiríodh leis sin **easpórtálacha ó Éirinn go dtí an Afraic dar luach €1.5 billiún, agus iompórtálacha go hÉirinn ón Afraic dar luach €724 milliún.**

- Ba ionann **easpórtálacha na hÉireann go dtí an Afraic Theas, an Nigéir agus an Éigipt** agus beagnach 60% dár n-easpórtálacha go léir chun na hAfraice in 2015, a raibh luach iomlán os cionn **€884 milliún leo.**
- Tá infheistíocht déanta ag cuideachtaí Éireannacha i roinnt earnálacha san Afraic, earnáil na cógaisíochta, na hinnealtóireachta agus an agraghnó ina measc.
- Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon iomlán na n-easpórtálacha ón Afraic go hÉirinn le blianta beaga anuas, tá athrú mór tagtha ar an luach – d'ardaigh sé go **€1.9 billiún in 2012** ach laghdaigh sé arís go **€724 milliún in 2015**, go príomha mar gheall ar an meath atá tagtha ar phraghsanna tráchtearraí domhanda.

**Foinse:** **https://www.irishtimes.com/business/export-opportunities-abound-in-africa-irish-firms-told-1.2689128**




*Plaic do Mary Manning, stailceoir Dunnes Stores, i Sráid Anraí, Baile Átha Cliath*



*Papa bought some shamrock and pinned it to Olanna's uniform. He pinned a big bunch on his coat and on Mama's new dress. They were ready to go!*

*As they were leaving, Olanna grabbed her green and white scarf and wrapped it around her neck. she hoped the band leader wouldn't notice. They weren't supposed to wear scarves with their uniforms, but Olanna wanted Mama-Bayo to be part of the parade too.*

*Sliocht as Olanna's Big Day, Leathanach 18*
*© The O'Brien Press*



*The parade was about to start! There was not time to fix the strap. Tomy looked like he was going to burst into tears.*

*Then Olanna had an idea. 'My scarf!', she said. 'We can use my scarf instead of a strap!'*

*Sliocht as Olanna's Big Day, Leathanach 27*
*© The O'Brien Press*

# AONAD 3:

## TRÁDÁIL AGUS IDIRSPLEÁCHAS

# AONAD 3: TRÁDÁIL AGUS IDIRSPLEÁCHAS

## **Aonad 3 Gníomhaíocht 1:** Iomaíocht nó comhar?

**An Príomh-choincheap:** Idirbhearta idir daoine, féadfaidh siad a bheith iomaíoch nó comhoibríoch; is amhlaidh atá idir grúpaí nó eintitis níos mó, cuir i gcás tíortha. Rachaidh an iomaíocht chun tairbhe do pháirtí amháin thar an bpáirtí eile, ach féadfaidh an comhar dul chun tairbhe don dá pháirtí.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Bealaí a chleachtadh chun comhar a dhéanamh agus muintearas a fhorbairt

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Samplaí a thabhairt den difear idir iomaíocht agus comhar agus plé a dhéanamh ar fhiúntas ábhartha an dá rud.
- Míniú conas dul i mbun idirbheart le daoine eile ar bhealach a d'fhéadfadh dul chun tairbhe don dá pháirtí.
- Plé a dhéanamh ar conas is féidir le tíortha barra a thrádáil le chéile.

**Na hábhair atá de dhíth**

- Cóip de rialacha na gníomhaíochta Dorn nó Bos ar bhileog do dhaltaí nó ar an gclár bán.
- Don ghníomhaíocht ionsamhlúcháin Tír na Ríse – Tír na bPónairí, beidh 4 bhileog pháipéir agus pinn ag teastáil ó gach péire.
- Bileog eolais/treoir ar leith do gach péire.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Gníomhaíocht thosaigh
- Plé

- Ionsamhlúchán
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Gníomhaíocht Tosaigh

**An Ghníomhaíocht Dorn nó Bos:**

- Roinn an rang ina phéirí. Tabhair bileog agus peann do gach péire agus cóip den tábla thíos (nó cuir ar an gclár bán é). Mínigh na rialacha agus an córas scórála.

**Rialacha:**

Is é aidhm na gníomhaíochta seo ná go scórálfaidh gach duine a oiread pointí agus is féidir leo, bunaithe ar an tábla thíos:

- Beidh ar na péirí bheith ar aghaidh a chéile amach agus a lámha a chur i bhfolach taobh thiar dá ndroim nó faoin mbord.
- Ar chomhartha a fháil ón múinteoir, taispeánfaidh na daltaí bos oscailte nó dorn teannta dá chéile.
- Déantar an ghníomhaíocht seo gan focal a rá – is é an múinteoir amháin a fhéadfaidh labhairt.
- Coinníonn gach péire a scór féin.

| Taispeánann A | Taispeánann B | Faigheann A | Faigheann B |
|---|---|---|---|
| Dorn | Dorn | 1 | 1 |
| Bos | Bos | 2 | 2 |
| Dorn | Bos | 4 | 0 |
| Bos | Dorn | 0 | 4 |

- Mínigh dóibh go mbeidh deich mbabhta ann; ní mór dóibh a scóir a scríobh síos tar éis gach babhta agus iad go léir a chur le chéile ag an deireadh.
- Tabhair an comhartha dóibh go bhfuil sé in am tosú. Tar éis 10 mbabhta agus na scóir iomlána ríofa, iarr ar na daltaí a scóir a thabhairt duit gan aon trácht eile a dhéanamh.
- Anois iarr orthu 10 mbabhta eile a imirt, ach an uair seo is féidir leo labhairt lena chéile agus a gcuid scór a phlé de réir mar a théann siad ar aghaidh. Scríobh siad síos a gcuid scóir.
- Iarr na scóir iomlána ag an deireadh.

### Plé

- Fiafraigh díobh ar cheap siad go raibh siad ag glacadh páirt i gcomórtas i gcoinne a chéile, agus conas a d'fhéadfadh an dara babhta tionchar a imirt ar an mbealach a rinne siad idirghníomhú leis an duine eile.

- Ar athraíodh an bealach a d'imir siad an cluiche nuair a bhí siad in ann labhairt le chéile? Más rud é gur athraigh, conas?
- An bhfuarthas torthaí níos fearr ón iomaíocht nó ón gcomhar? Iarr orthu míniú a thabhairt ar na cúiseanna leis sin.

**Ionsamhlúchán: Tír na Ríse agus Tír na bPónairí**

- Abair leis an rang go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhéanamh ina mbeidh siad ag déanamh ionadaíocht do dhá thír, **Tír na Ríse** agus **Tír na bPónairí,** a bhfuil a muintir ag teacht le chéile chun dul i mbun trádála den chéad uair. Oibreoidh siad ina mbeirteanna, agus buailfidh siad le chéile chun caibidlíocht a dhéanamh i ngrúpaí de cheathrar, le péire amháin ag déanamh ionadaíocht do Thír na bPónairí, agus an péire eile ag déanamh ionadaíocht do Thír na Ríse.
- Léigh an creatlach scéil seo a leanas (tá sé ar leathanach eolais na ndaltaí chomh maith):

*Tá rís agus pónairí ag teastáil ó mhuintir na dtíortha oileánacha in aice le chéile, Tír na Ríse agus Tír na bPónairí, mar chuid bpríomhbhia.*


*Is féidir leis an dá thír an dá bharr a fhás. Mar sin féin, tá Tír na Ríse níos oiriúnaí d'fhás ríse ná d'fhás pónairí. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na Ríse dhá oiread níos mó ríse ná pónairí a fhás in aghaidh na bliana. Tá Tír na bPónairí níos oiriúnaí d'fhás pónairí ná d'fhás ríse. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na bPónairí dhá oiread níos mó pónairí ná rís a fhás in aghaidh na bliana.*

*I láthair na huaire, gan aon trádáil idir na tíortha, i mbliain amháin:*

- *Táirgeann Tír na Ríse 2 bharr ríse agus 1 bharr pónairí*
- *Táirgeann Tír na bPónairí 2 bharr pónairí agus 1 bharr ríse*

*Ní mór duit méideanna cothroma de phónairí agus de rís a bheith agat le go mbeidh aiste chothrom bhia agat. Mar sin, cad a dhéanfaidh tú faoi?*

- Roinn an rang i bpéirí d'ionadaithe do *Thír na Ríse nó do Thír na bPónairí.* Tabhair leathanach treorach do gach péire agus iarr orthu é a léamh. **(3 nóiméad)**
- Tabhair trí leathanach bhána do gach péire a sheasfaidh dá mbarra.
- Iarr orthu a mbarra a 'tháirgeadh' don bhliain – mála ríse nó pónairí a tharraingt ar leathanaigh ar leithligh, ag brath ar an méid is féidir leis an bpéire sin a tháirgeadh in aon bhliain amháin – agus an tír óna bhfuil siad á cur san áireamh. **(5 nóiméad)**
- Abair leo go mbeidh siad ag déanamh ionadaíocht dá dtír ag cruinnithe chun comhaontuithe trádála nua a chaibidliú idir Tír na Ríse agus Tír na bPónairí. Ba cheart do gach péire plé a dhéanamh anois ar an gcur chuige a úsáidfidh siad don chaibidlíocht. **(5 nóiméad)**
- Cuir an cruinniú ar bun le grúpaí de 4 ag suí le chéile, 2 ó Thír na bPónairí agus 2 ó Thír na Ríse. Ansin, tabhair cuireadh do na péirí cibé malartú is fearr a cheapann siad a rachaidh chun tairbhe a dtíre a dhéanamh. Tá 8 nóiméad acu chun comhaontú trádála a dhéanamh. **(8 nóiméad)**
- Iarr ar ghrúpaí éagsúla an comhaontú trádála ar ar tháinig siad a lua, nó a rá más rud é gur theip orthu teacht ar chomhaontú. **(3 nóiméad)**




## Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna eile chun plé gairid a spreagadh, ag déanamh cinnte de go gcuireann gach tábla leis an bplé, agus déan príomhphointí foghlama nó ceisteanna a thagann chun cinn a thaifeadadh:

- Cad a tharla?
- Cad iad na smaointe trádála ar smaoinigh sibh orthu?
- Ar chloígh sibh le bhur dtuairimí, nó ar athraigh sibh an plean le linn an chruinnithe le hionadaithe na tíre eile?
- Cén cineál comhaontaithe ar tháinig sibh air? Ar lig sé don dá thír a n-aidhm a bhaint amach?
- Conas a d'éirigh le/conas a d'fhéadfadh gach tír níos mó de gach táirge a fháil?

## Tuilleadh machnaimh

- Dá mbeifeása i gceannas ar Thír na Ríse nó ar Thír na bPónairí, agus má theastaigh uait buntáiste a thabhairt do do tháirgeoirí féin, cad iad na beartais nó na rialacháin a d'fhéadfá a chur i bhfeidhm a) ag an teorainn idir an dhá thír b) ar na feirmeacha nó c) ar an margadh?
- An gceapann tú go bhfuil an ghníomhaíocht seo cosúil leis an méid a tharlaíonn san fhíorshaol nuair a bhíonn tíortha ag trádáil le chéile? (Féach na Nótaí do Mhúinteoirí thíos).
- An gceapann tú gur cheart do thíortha speisialtóireacht a dhéanamh i mbarr amháin nó dhó, nó barra éagsúla a fhás? (Féach na Nótaí do Mhúinteoirí thíos).



### Treoracha d'Ionadaithe Thír na bPónairí

Tá rís agus pónairí ag teastáil ó mhuintir na dtíortha oileánacha in aice le chéile, Tír na Ríse agus Tír na bPónairí, mar chuid bpríomhbhia.

Is féidir leis an dá thír an dá bharr a fhás. Mar sin féin, tá Tír na bPónairí níos oiriúnaí d'fhás pónairí ná d'fhás ríse. Tá Tír na Ríse níos oiriúnaí d'fhás ríse ná d'fhás pónairí. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na bPónairí dhá oiread níos mó pónairí ná rís a fhás in aghaidh na bliana. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na Ríse dhá oiread níos mó ríse ná pónairí a fhás in aghaidh na bliana. Mar sin, i mbliain amháin:

- Táirgeann Tír na bPónairí 2 bharr pónairí agus 1 bharr ríse
- Táirgeann Tír na Ríse 2 bharr ríse agus 1 bharr pónairí

Ní mór duit méideanna cothroma de phónairí agus de rís a bheith agat le go mbeidh aiste chothrom bhia agat. Cad a dhéanfaidh tú faoi?

Beidh tú féin agus d'fhoireann ag déanamh ionadaíochta anois do Thír na bPónairí ag cruinniú chun comhaontú trádála a chaibidliú le foireann ó Thír na Ríse.

**Is é an cúram atá ort:**

**1.** Níos mó ríse a bheith agat anois agus sa todhchaí, agus

**2.** An margadh is fearr is féidir a fháil do mhuintir do thíre.

**Tá a fhios agat gur foinse próitéine iad pónairí, agus mar sin tá do bharrsa níos luachmhaire ná rís, ar carbaihiodráit í.**

### Céimeanna do na foirne

- Déan do bharr a tháirgeadh: tarraing mála ríse nó pónairí ar bhileog ar leithligh mar léiriú ar do 3 bharr don bhliain. **(3 nóiméad)**
- Pléigh le d'fhoireann ó Thír na bPónairí an cur chuige a ghlacfaidh sibh sa chaibidlíocht, chun do chúram a bhaint amach (déan cinnte nach féidir le foireann Thír na Ríse tú a chloisteáil). **(5 nóiméad)**

Tá tú ag déanamh ionadaíocht do do thír, Tír na bPónairí. Teastaíonn rís ó do thír mar chuid d'aiste chothrom bhia do mhuintir na tíre.

Nuair a thugann an múinteoir an comhartha is féidir leat tús a chur leis an gcaibidlíocht.

### Treoracha d'Ionadaithe Thír na Ríse

Tá rís agus pónairí ag teastáil ó mhuintir na dtíortha oileánacha in aice le chéile, Tír na Ríse agus Tír na bPónairí, mar chuid dá bpríomhbhia.

Is féidir leis an dá thír an dá bharr a fhás. Mar sin féin, tá Tír na Ríse níos oiriúnaí d'fhás ríse ná d'fhás pónairí. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na Ríse dhá oiread níos mó ríse ná pónairí a fhás in aghaidh na bliana.

Tá Tír na bPónairí níos oiriúnaí d'fhás pónairí ná d'fhás ríse. Is féidir le hoibrí amháin i dTír na bPónairí dhá oiread níos mó pónairí ná rís a fhás in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, i mbliain amháin

- Táirgeann Tír na Ríse 2 bharr ríse agus 1 bharr pónairí
- Táirgeann Tír na bPónairí 2 bharr pónairí agus 1 bharr ríse

Ní mór duit méideanna cothroma de phónairí agus de rís a bheith agat le go mbeidh aiste chothrom bhia agat. Cad a dhéanfaidh tú faoi?

Beidh tú féin agus d'fhoireann ag déanamh ionadaíocht anois do Thír na Ríse ag cruinniú chun comhaontú trádála a chaibidliú le foireann ó Thír na bPónairí.

**Is é an cúram atá ort:**

**1.** Níos mó pónairí a bheith agat anois agus sa todhchaí, agus

**2.** An margadh is fearr is féidir a fháil do mhuintir do thíre.

**Tá a fhios agat gur foinse carbaihiodráití í rís, agus mar sin go bhfuil sí sé níos ilúsáidí ná próitéin ar nós pónairí (is féidir í a úsáid léi féin nó a chur le próitéin chun go mbeidh an próitéin níos cothaithí).**

### Céimeanna do na foirne

- Déan do bharr a tháirgeadh: tarraing mála ríse nó pónairí ar bhileog ar leithligh mar léiriú ar do 3 bharr don bhliain. **(3 nóiméad)**
- Pléigh le d'fhoireann ó Thír na Ríse an cur chuige a ghlacfaidh sibh sa chaibidlíocht, chun do chúram a bhaint amach (déan cinnte nach féidir le foireann Thír na bPónairí tú a chloisteáil). **(5 nóiméad)**

Tá tú ag déanamh ionadaíocht do do thír, Tír na Ríse. Teastaíonn pónairí ó do thír mar chuid d'aiste chothrom bhia do mhuintir na tíre.

Nuair a thugann an múinteoir an comhartha is féidir leat tús a chur leis an gcaibidlíocht.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Cuireann an chreatlach scéil Tír na Ríse-Tír na bPónairí bealach ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar an smaoineamh gur chóir do thír nó réigiún speisialtóireacht a dhéanamh sa bharr is mó dá bhfuil sé oiriúnach, d'fhonn táirgeadh a mhéadú. Ansin is féidir leis an barrachas nach bhfuil ag teastáil uaidh a thrádáil agus a easpórtáil chuig tíortha eile. Tugtar **buntáiste comparáideach** air sin agus tugadh isteach é le linn an choilínithe san Afraic chun barr/barra ar leith a d'fhás go maith sa tír sin nó sa réigiún sin a tháirgeadh go dian. Mar sin féin, chuaigh na brabúis ansin go príomha go dtí an chumhacht choilíneach a d'easpórtáil agus a thrádáil an barr. Sa lá atá inniu ann, tá go leor tíortha san Afraic ag speisialú fós i bpríomhbharr easpórtála amháin nó dhó, agus d'fhéadfadh sé sin fadhbanna agus leibhéil arda riosca a chruthú.

Sa chreatlach scéil Tír na Ríse/Tír na bPónairí, d'fhéadfadh gach tír cinneadh a dhéanamh speisialú ina bpríomhbharr, a d'fhéadfadh siad a thrádáil leis an tír eile chun go leor den bharr eile a fháil, agus mar thoradh air sin gheobhadh an dá thír go leor ríse agus pónairí le haghaidaiste shláintiúil bhia do mhuintir na tíre. Mar sin féin, dá dtarlódh sé sin san fhíorshaol, d'fhéadfadh riosca mór a bheith ag baint leis an gcur chuige sin don dá thír, toisc go bhfuil sé **bunaithe ar roinnt toimhdí**, a d'fhéadfadh a bheith fíor nó bréagach, mar seo a leanas:

**Ar an leibhéal náisiúnta, glacann sé leis an méid seo a leanas:**

- Go bhfuil sé de chumas agus de chumhacht ag na hidirbheartaithe (ionadaithe na tíre) feirmeoirí agus soláthróirí uile a dtíre a chur ar an eolas agus tionchar a imirt orthu.
- Go bhfuil naisc mhaithe iompair agus cumarsáid mhaith ann ar fud na tíre, ionas gur féidir le earraí iompórtáilte riachtanacha a iompar chuig gach ceantar.
- Nach mbeidh aon fhadhb ann don talamh agus don fhiadhúlra i ngeall ar easpa éagsúlaithe. (Mar shampla, d'fhéadfadh baol a bheith ann go laghdófaí cothaithigh sa talamh trí bharr amháin a fhás, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le leasachán iompórtáilte).
- Nach mbeidh aon fhadhb leis an spleáchas ar aon bharr amháin – agus go bhfuil an cumas acu teip na mbarr nó galar a rialú.

**Ar an leibhéal idirnáisiúnta, glacann sé leis an méid seo a leanas:**

- Nach bhfuil aon iarmhairt ar an dá thír sin ag fórsaí domhanda nach bhfuil smacht ná tionchar acu. e.g. méadú ar phraghsanna ola; scaipeadh galar barr ó thíortha eile; athrú aeráide; coinbhleacht etc.
- Nach bhfuil aon chánacha ar iompórtálacha idir na tíortha.
- Nach bhfuil cumhacht ag tír amháin ar an tír eile (e.g. nach bhfuil aon choilíneachtaí, fiacha, etc. ann).
- Tá go leor tíortha ann atá cosúil le Tír na Ríse agus Tír na bPónairí, agus tá go leor feirmeoirí agus tomhaltóirí ann, mar sin níl sé de chumhacht ag aon duine tionchar a imirt ar an bpraghas – ach i bhfírinne tá monaplachtaí ann ar féidir leo tionchar a imirt ar an bpraghas.

# **Aonad 3 Gníomhaíocht 2:** Idirspleáchas agus trádáil

**An Príomh-choincheap:** Iompórtálann tír earraí agus acmhainní ó thíortha eile ar bhonn a riachtanas agus a mianta – **éileamh** a thugtar air sin. Easpórtálann tír acmhainní agus earraí is féidir léi a tháirgeadh go dtí tíortha eile a bhfuil gá acu leo nó a dteastaíonn siad uathu – **soláthar** a thugtar air sin. Tá an trádáil idirnáisiúnta bunaithe ar idirbhearta soláthair agus éilimh idir tíortha.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Saincheisteanna trádála a iniúchadh, trí staidéar a dhéanamh ar roinnt príomh-tráchtearraí domhanda

Tíreolaíocht OSIE; Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile

***Cuspóir:***

- Tuiscint a fhorbairt ar idirspleáchas daoine sna háiteanna sin agus daoine in Éirinn

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Téarmaí bunúsacha a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta a shainiú.
- Acmhainní nádúrtha agus earraí talmhaíochta, monaraithe agus teicneolaíocha a shainiú agus samplaí díobh a thabhairt.
- Samplaí a thabhairt d’iompórtálacha go hÉirinn, agus d’easpórtálacha as Éirinn.
- Tíortha as ar tháinig tráchtearraí áirithe a easpórtáiltear go hÉirinn a aithint trí iad a aimsiú ar léarscáileanna.

**Na hábhair atá de dhíth**

- Bileog A3 nó A4 do gach ceathrar daltaí
- Pinn dhaite na ndaltaí
- Léarscáil den domhan
- Atlais
- Léarscáil Domhanda bhán do gach dalta (níl sé sin curtha ar fáil)
- Smeach-chairt nó clár bán idirghníomhach

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Gluais

Nóta: Is oiriúnú é an ceacht seo ar cheacht a cheap Michael Fantauzzo ag **http://www.frontiernet.net/~mikef/lessonplans/lessons.htm**

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Obair bhaile agus plé
- Sainmhínithe ar théarmaí trádála (gníomhaíocht ghrúpa)
- Plé
- Iompórtálacha agus easpórtálacha go hÉirinn (gníomhaíocht ghrúpa)
- Tíortha óna n-easpórtálann Éire earraí (gníomhaíocht ghrúpa)
- Plé
- Athbhreithniú ar an bhFoghlaim

## Nós imeachta Mionsonraithe

**Obair bhaile atá le déanamh roimh an ngníomhaíocht seo:**

Iarr ar leath na ndaltaí liosta a dhéanamh de chúig shampla de bhianna agus de dheochanna (lena n-áirítear deochanna teo) atá acu sa bhaile a bhfuil príomh-chomhábhair iontu a fhástar i dtíortha san Afraic, agus iarr ar an leath eile liosta a dhéanamh de chúig thír as ar tháinig na héadaí atá acu féin agus a dteaghlaigh sa bhaile.

- An lá dár gcionn, iarr ar na daltaí tíortha san Afraic a ainmniú a fhásann na príomh-chomhábhair i gcuid de na **bianna agus deochanna** atá acu sa bhaile. Déan liosta de na táirgí agus na tíortha sin ar an gclár bán/smeach-chairt agus aimsigh na tíortha ar léarscáil an domhain. Le peann/olann ar léarscáil, cruthaigh línte ó na tíortha atá liostaithe go hÉirinn. (Úsáid léarscáil bhán den domhan más mian leat). Cuir ar taispeáint ar an mballa é.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Tá seoladh san Aontas Eorpach ar an lipéad atá ar gach táirge bia atá ar fáil in Éirinn – sin le go mbeidh sé níos éasca do chustaiméirí gearán a dhéanamh. Fágann sé sin nach mbíonn an tír ónar tháinig roinnt táirgí bia ar fáil; mar shampla, d'fhéadfadh sú oráiste a bheith déanta as oráistí a fhástar sa Phalaistín nó san Afraic Theas, ach ós rud é gur próiseáladh agus gur pacáistíodh an táirge sa Ríocht Aontaithe, beidh lipéad na Ríochta Aontaithe air. **Tá sé níos éasca an áit ónar tháinig éadaí a rianú.**

### Sainmhínithe

- Iarr ar na daltaí ina mbeirteanna na téarmaí seo a leanas a phlé agus míniú simplí a scríobh ar gach ceann acu ina bhfocail féin:

  **1. acmhainní nádúrtha**

  **2. earraí talmhaíochta**

  **3. earraí monaraithe**

  **4. earraí teicneolaíocha**

  **5. iompórtáil**

  **6. easpórtáil**

- Ansin, déanfaidh na daltaí na sainmhínithe a chuardach ina bhfoclóirí/ar an idirlíon agus déanfaidh siad comparáid idir iad agus a mínithe féin.

- In éineacht leis na daltaí, liostaigh ar an gclár bán/smeach-chairt gach ceann de na téarmaí agus cuir sainmhíniú simplí le gach ceann acu, bunaithe ar fhreagraí cearta. Déan iarracht cloí le sainmhínithe ginearálta seachas le samplaí sonracha ag an gcéim seo. (Féach an Ghluais ar leathanach 61).

## Cineálacha earraí agus acmhainní – cad a iompórtálann muid nó a easpórtálann muid?

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair bileog A4 nó, más féidir, A3 do gach grúpa, ar a mbeidh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas scríofa: **acmhainní nádúrtha, earraí talmhaíochta, earraí monaraithe, earraí teicneolaíocha.**
- Iarr orthu a oiread samplaí agus is féidir a scríobh faoin gceannteideal acmhainní nó earraí a úsáidimid in Éirinn sa lá atá inniu ann agus a dhéantar in Éirinn nó a thagann ó thíortha eile.
- Iarr ar ghrúpaí a samplaí a ghlaoch amach agus scríobh 6-8 sampla faoi na ceithre cheannteideal ar am gclár bán/smeach-chairt.
- Cuir ceist ar na daltaí an dóigh leo go ndéantar gach earra ar an liosta ginearálta **a iompórtáil** go hÉireann nó **a easpórtáil** uaithi;cuir 'I' nó 'E' in aice le gach ceann acu, nó 'I/E' más rud é go ndéantar earra a iompórtáil agus a easpórtáil (e.g. cáis). Nó ? mura bhfuil a fhios acu.
- Tabhair an t-eolas faoi iompórtálacha agus easpórtálacha na hÉireann atá anseo thíos **i Nótaí na Múinteoirí** do na daltaí.
- In éineacht leis na daltaí, seiceáil an liosta ar an gclár bán/smeach-chairt in aghaidh an eolais sin, ag scríobh síos aon athruithe is gá a dhéanamh.
- Téigh tríd an eolas leis na daltaí; pléigh na catagóirí earraí is mó a iompórtálann agus a easpórtálann Éire.
- Cuir an liosta ar an mballa.

## Cad iad na tíortha a n-iompórtálaimid uathu?

- Mínigh go n-iompórtálann Éire a lán éadaí anois. Iarr ar na daltaí a rinne liosta mar obair bhaile de thíortha tionscnaimh a n-éadaí/éadaí a dteaghlaigh na tíortha sin a ghlaoch amach.
- Déan liosta, ar an gclár bán/smeach-chairt, atá bunaithe ar na freagraí go léir.
- Fiafraigh díobh cad a thugann siad faoi deara faoi na tíortha atá liostaithe. Inis do dhaltaí go raibh go leor monarchana éadaigh in Éirinn 60 bliain ó shin, ach is beag ceann atá ann anois. Fiafraigh díobh cén fáth a gceapann siad go n-iompórtálaimid an oiread sin éadaí ó thíortha eile anois. (Is tíortha ísealioncaim iad go leor de na tíortha sin – tá a gcuid gléasraí/monarchana lonnaithe ag a lán cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta i dtíortha ina bhfuil saothar saor le fáil, nó tá cuideachtaí déantúsaíochta bunaithe sna tíortha sin toisc go n-éascaíonn siad baill éadaigh ar phraghas níos ísle mar gheall ar chostais saothair i bhfad níos saoire).
- Breathnaigh ar an léarscáil den domhan ar an mballa, a bhfuil línte air a thaispeánann tíortha óna n-iompórtálann Éire bianna agus deochanna. Bunaithe ar an liosta iompórtálacha éadaí, cuir línte léi ó thíortha breise ina ndéantar ár gcuid éadaí.
- Iarr ar na daltaí breathnú ar léarscáileanna nó ar atlais an domhain chun aon cheann de na tíortha atá luaite nach bhfuil aithne acu orthu a aimsiú.
- Tabhair léarscáil domhanda bhán do gach dalta, iarr orthu líne a tharraingt ó Éirinn go dtí na tíortha as a dtagann na táirgí/tráchtearraí ar a liostaí oibre baile, agus ansin dath a chur ar na tíortha sin le dathanna éagsúla. Is féidir leo a gcuid atlas nó léarscáileanna a úsáid.

- Léigh an sliocht seo ó Martin Luther King Jr. (mac Martin Luther King, an gníomhaí ar son chearta Daoine de bhunadh na hAfraice sna Stáit Aontaithe) ag deireadh na gníomhaíochta:
- *'Sula gcríochnóidh tú do bhricfeasta ar maidin tá tú tar éis a bheith ag brath ar leath an domhain. . . Ní bheidh síocháin ar domhan againn go dtí go n-aithnímid an fíoras bunúsach seo.'*
- Fiafraigh de na daltaí cad a cheapann siad a bhí i gceist ag Martin Luther King Jr leis an ráiteas seo.

## Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun plé ginearálta a spreagadh faoin méid a d'fhoghlaim siad:

- Cuir ceist ar na daltaí faoi na liostaí a thiomsaigh siad agus faoi na tíortha atá orthu. Cad a thug tú faoi deara? Ar chuir aon rud iontas ort?
- Cé a bhaineann tairbhe as iompórtálacha, dar leis na daltaí? Conas? An bhfuil sé ina chúis le míbhuntáistí do dhuine ar bith?
- Cé a bhaineann tairbhe as easpórtálacha, dar leis na páistí? Conas?
- Nuair a dhéanann tír ar leith éadaí a mhonarú agus a easpórtáil, an gceapann tú go mbaineann an tír, na cuideachtaí déantúsaíochta agus na hoibrithe go léir tairbhe as? An dtéann sé chun tairbhe d'aon duine eile freisin? (e.g. cuideachtaí iompair; cuideachtaí pacáistithe; rialtas)
- Cad iad na buntáistí a fhaigheann a) na hoibrithe b) na cuideachtaí agus c) an rialtas ón ngnó?
- Cé a dhéanann na cinntí faoi roinnt na mbrabús?
- Cén rud is fearr do thír – cuideachta náisiúnta nó idirnáisiúnta? (Nóta do Mhúinteoirí: Níl aon fhreagra "ceart" á lorg anseo e.g. In amanna baineann oibrithe níos mó tairbhe ó chuideachtaí eachtracha, agus uaireanta ní bhaineann. Mar sin féin, is féidir le daltaí díospóireacht a dhéanamh agus é seo a phlé ó dhearcthaí éagsúla).

## Gníomhaíocht Forleathnúcháin

Is í Éire an **27ú geilleagar easpórtála is mó** ar domhan. In 2016, b'fhiú **€110 billiún ($128 billiún) easpórtálacha na hÉireann agus b'fhiú €64 billiún ($75.2billiún) na hiompórtálacha.** Tugtar **comhardú na trádála** ar an difríocht idir iompórtálacha agus easpórtálacha tíre.

Iarr ar na daltaí **comhardú trádála na hÉireann** sa bhliain 2016 a ríomh in euro. Nuair a bhíonn easpórtálacha tíre níos mó ná a hiompórtálacha, tugtar **comhardú dearfach trádála** air sin. **Is cuideachtaí de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá atá lonnaithe in Éirinn a dhéanann go leor d'easpórtálacha na hÉireann.**

**Measúnú:** Iarr ar na daltaí a bhfuil foghlamtha acu faoin trádáil domhanda ón ngníomhaíocht seo a scríobh síos.

**Nótaí do Mhúinteoirí: Iompórtálacha agus easpórtálacha na hÉireann**
Tá na staitisticí d'easpórtálacha agus iompórtálacha na hÉireann in 2016 tógtha ón méid seo a leanas: **https://atlas.media.mit.edu/en/profile/country/irl/**

Le cúig bliana anuas **tháinig méadú ar easpórtálacha na hÉireann** gach bliain.

Na **heaspórtálacha is mó** ó Éirinn in **2016:**

1. **Táirgí ceimiceacha** (leighis agus eolaíochta) €63bn ($73bn)
2. **Meaisíní** (ríomhairí, fóin, leictreonaic, innealra srl. €15bn ($17.2bn)
3. **Ionstraimí** (leighis agus eolaíochta) €11.5bn ($13.4bn)
4. **Bia-ábhair** (deochanna, comhábhair amha, bianna próiseáilte) €5.3bn ($6.2bn)
5. **Táirgí Ainmhithe** (feoil, iasc, déiríocht, amh agus próiseáilte) €5.2bn ($6.1bn)
6. **Aerárthaí, páirteanna feithiclí** €2.5bn ($3.78bn)
7. **Plaisteach** €1.4bn ($1.6bn)
8. **Miotail** (miotal, iarann: páirteanna, uirlisí etc. €1.bn ($1.2bn)
9. **Mianraí** (peitreal scagtha, amhiarann, móin, sinc) €950 m ($1,19bn)

## Na hiompórtálacha is mó in Éirinn in 2016

1. **Feithiclí** iompair (aerárthaí, gluaisteáin, busanna, etc.) €15.2bn ($17.6bn)
2. **Táirgí** ceimiceacha €12.7bn ($14.8bn)
3. **Meaisíní** (ríomhairí, déantúsaíocht, innealtóireacht, baile, oifig srl.) €10.3bn ($12bn)
4. **Bia-ábhair** (amh/próiseáilte, beatha ainmhithe freisin) €4.3bn ($5.03bn)
5. **Táirgí mianraí** (amhpheitriliam agus peitriliam scagtha, alúmanam) €3.8bn ($4.5bn)
6. **Uirlisí** (leighis agus eolaíochta) €2.4bn. ($2.8bn)
7. **Plaistigh agus rubar** €2.4bn. ($2.8bn)
8. **Teicstílí** €2.07bn ($2.46bn)
9. **Miotail** €1.9bn ($2.3bn)
10. **Táirgí ainmhithe** (lena gcaitheamh) agus **ainmhithe beo** €1.5bn ($1.8bn)

Is iad seo a leanas **na cúig thír is mó** a gcuireann muid **easpórtálacha** chucu: **SAM** €28.7bn ($33.4bn), **an Ríocht Aontaithe** €14.2bn ($16.5bn), **an Bheilg** €14.1bn ($16.2bn), **an Ghearmáin** €7.4bn ($8.6bn), agus **an Eilvéis** €6.0bn ($6.99bn).

Is iad seo a leanas **na cúig thír is mó** a bhfaigheann muid iompórtálacha uathu: an **Ríocht Aontaithe** €19.7bn ($22.9bn), **SAM** €8.3bn ($9.6bn), **an Ghearmáin** €5.6bn ($6.53bn), **an Ísiltír** €3.2bn ($3.7bn) agus **an Fhrainc** €2.7bn ($3.18bn).

## Gluais

- **Iompórtáil:** aon earra nó seirbhís a thabhairt isteach i dtír ar bhonn idirbhirt airgeadais, ó thír eile de ghnáth mar chuid de shocrú trádála.
- **Easpórtáil:** aon earra nó seirbhís ó thír amháin a chur chuig tír eile ar bhonn idirbhirt airgeadais, mar chuid de shocrú trádála de ghnáth.
- **Acmhainní nádúrtha:** acmhainní atá ar fáil go nádúrtha ar domhan e.g. uisce, ola, amhiarann, diamaint, gual, coltan (mianach a úsáidtear i monarú gléasanna leictreonacha amhail fóin)
- **Earraí talmhaíochta:** earraí a tháirgtear de thoradh feirmeoireachta e.g. bainne, cruithneacht, nó gráin eile, rís, feoil, caife, siúcra, glasraí, cócó, torthaí, olaí.
- **Earraí monaraithe:** earraí a dhéantar as amhábhair trí phróiseas ina n-úsáidtear uirlisí nó innealra agus saothar daonna agus lena n-athraítear a bhfoirm e.g. bróga agus málaí láimhe, cosmaidí, troscán, ábhair thógála, éadaí, bréagáin, páipéar, bianna nó deochanna próiseáilte, cógaisíocht/leighis, gluaisteáin.
- **Earraí teicneolaíocha:** Earraí a tháirgtear go heolaíoch, a úsáideann faisnéis chun gníomhaíochtaí daonna a fheabhsú amhail táirgeadh, eagrú, cruthú agus cumarsáid e.g. innealra, crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta, fóin, cóipirí, ceamaraí, innill eitleáin nó innill gluaisteáin.

# **Aonad 3 Gníomhaíocht 3:** Idirspleáchas agus trádáil – an Afraic agus Éire

**An Príomh-choincheap:** Tá tíortha ag éirí níos nasctha agus níos idirspleáiche ar go leor bealaí, lena n-áirítear trí thrádáil. Is féidir leis an méid a tharlaíonn i gcuid amháin den domhan tionchar diúltach nó dearfach a imirt ar áiteanna eile ar domhan, nó ar fud an domhain ar fad, agus is féidir leis tionchar a imirt ar shlí bheatha agus ar fholláine na ndaoine.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Saincheisteanna trádála a iniúchadh, trí staidéar a dhéanamh ar roinnt príomh-tráchtearraí domhanda;

Tíreolaíocht OSIE; Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Daoine agus críocha eile

***Cuspóir:***

- Tuiscint a fhorbairt ar idirspleáchas daoine sna háiteanna sin agus daoine in Éirinn

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Samplaí d'iompórtálacha agus d'easpórtálacha a thabhairt i gcás roinnt tíortha san Afraic, agus i gcás na hÉireann
- Míniú a thabhairt ar na téarmaí 'idirspleáchas' agus 'domhandú'.
- Samplaí de naisc trádála idir sé cinn de na tíortha sin agus Éire a léiriú ar léarscáil.
- Mínigh a thabhairt ar an mbealach a théann idirspleáchas agus domhandú i bhfeidhm ar thíortha, ag tabhairt samplaí den chaoi a bhféadfadh imeachtaí nó gníomhaíochtaí i gcuid amháin den domhan tionchar a imirt ar thíortha agus ar phobail in áiteanna eile ar domhan.

### Na hábhair atá de dhíth

- Atlas nó léarscáil mhór den domhan
- Léarscáil den Afraic
- Léarscáil bhán den Afraic agus ceann i bhfad níos lú d'Éirinn in aghaidh an ghrúpa
- Bileoga gníomhaíochtaí iompórtála/easpórtála, ceann amháin in aghaidh an dalta
- Pinn dhaite nó téad/olann le siosúr agus tacóid ghorm do gach grúpa
- Greamáin chiorclacha

# Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Obair Ghrúpa/Obair léarscáile
- Plé
- Measúnú




*Léarscáileanna bána d'Éirinn agus den Afraic*

## Nós imeachta mionsonraithe

**Obair Ghrúpa/Obair léarscáile**

- Mínigh do dhaltaí go mbeidh siad ag breathnú ar ghluaiseacht táirgí áirithe idir tíortha áirithe san Afraic agus Éire.
- Roinn an rang i sé nó seacht ngrúpa. Tabhair léarscáil bhán den Afraic agus d'Éirinn do gach grúpa, chomh maith le greamáin chiorclacha daite, agus siosúr, olann/téad agus tacóid ghorm, nó pinn luaidhe dhaite; Tabhair bileog ghníomhaíochta iompórtála/easpórtála go gach dalta a bhfuil sé thír luaithe uirthi.
- Iarr ar gach grúpa gach ceann de na sé thír Afracacha atá liostaithe ar an mbileog iompórtála agus easpórtála thíos a aimsiú ar an léarscáil, agus gach ceann a mharcáil trí ghreamán daite a chur air nó é a dhathú ar an léarscáil.
- Iarr ar gach grúpa staidéar a dhéanamh ar a mbileog gníomhaíochta iompórtála/easpórtála agus gluaiseacht na dtáirgí idir Éire agus na sé thír san Afraic a thaispeáint trí línte a chruthú idir na tíortha le téad/olann agus tacóid ghorm, nó pinn luaidhe, e.g. iompórtálann Éire tae ó Uganda agus easpórtálann sí ábhair cheimiceacha, cógais chuig Uganda san áireamh. Mar sin, nasc idir Éire agus Uganda le píosa téide, nó le línte tarraingthe.
- Nuair a chríochnaíonn na grúpaí go léir an ghníomhaíocht, iarr orthu a dtuairimí agus a dtráchtanna a roinnt.

**Samplaí d'iompórtálacha ó Éirinn agus d'easpórtálacha go hÉirinn ó shé thír san Afraic in 2016**

| | |
|---|---|
| **An tSaimbia**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** ceimiceáin, úscra bia, eastóscán braiche, bainne triomaithe<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:** uisce mianraí, troscán adhmaid | **Mósaimbíc**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** trealamh leighis, úscra bia (e.g. foirmle Coke), scairteach mairteola<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:** veirmicilít (mianra a úsáidtear i ngarraíodóireacht/sa ghairneoireacht) |
| **An Aetóip**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** úscra bia (e.g. foirmle Coke), cógais, ríomhairí, díghalrán, trealamh leighis, bia do naíonáin<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:** caife (nach bhfuil rósta), sútha talún agus sútha craobh agus torthaí boga eile, pónairí agus glasraí eile, gairleog | **An Tansáin**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** úscra bia (e.g. foirmle Coke), eastóscán braiche, ríomhairí, trealamh leighis, bainne triomaithe<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:**caife (nach bhfuil rósta), luaidhe neamhscagtha, púróga, brístí agus t-léinte, uisce mianraí, beoir |
| **Uganda**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** úscra bia, ríomhairí, feithidicíd<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:** caife (nach bhfuil rósta), púróga, baill éadaigh | **Leosóta**<br>**Iompórtáilte as Éirinn:** trealamh leighis<br>**Easpórtáilte go hÉirinn:** tada in 2016 |

**Nótaí do Mhúinteoirí: Trádáil idir Éire agus an Afraic**

Bíonn na hiompórtálacha agus na heaspórtálacha iarbhír éagsúil ó bhliain go bliain, ag brath ar fhachtóirí éagsúla atá sa bhreis ar sholáthair agus éileamh simplí. Baineann na samplaí le sé cinn de thíortha comhpháirtíochta na hÉireann san Afraic. Tá an éagothroime trádála idir Éire agus tíortha na hAfraice thart ar 43 oiread, rud a chiallaíonn go n-easpórtálaimid chuig tíortha na hAfraice 43 oiread an méid earraí a iompórtálaimid ó na tíortha sin. Tá laghdú tagtha ar iompórtálacha ó thíortha na hAfraice bliain ar bhliain ó bhí 1995 ann (Foinse: Evidence and Opportunity Reports, Value Added in Africa, 2011 and 2016: **http://www.proudlymadeinafrica.org/education/research)**

Ar na tíortha eile san Afraic lena dtrádálann Éire tá an Nigéir, an Afraic Theas, an Chéinia, an Éigipt, agus Siarra Leon agus an Mhaláiv (tíortha comhpháirtíochta freisin), agus eile; agus i gcás roinnt díobh sin tá an méid trádála i bhfad níos mó ná mar atá i gcás na sé thír thuasluaite.

Mar sin féin, cé is moite de chúpla eisceacht, is é fírinne an scéil nach bhfuil tíortha na hAfraice an-ard ar liosta na dtíortha a n-easpórtálann Éire a cuid earraí chucu.

## Plé

**Mínigh an méid seo a leanas:**

- **Domhandú** – an iliomad nasc atá ag tíortha lena chéile.
  Tá níos mó nasc ná riamh ag tíortha uile an domhain a bhuí le cumarsáid níos fearr agus le taisteal níos tapúla. Is minic a thugtar **cuideachtaí ilnáisiúnta nó trasnáisiúnta** ar na cuideachtaí is mó ar domhan toisc go mbíonn siad ag obair i roinnt mhaith tíortha éagsúla agus eatarthu, agus toisc gur féidir leo a n-acmhainní a bhogadh ar fud tíortha éagsúla. Chomh maith le trádáil, tá naisc eile ann idir tíortha.
- Cuir ceist ar na daltaí an féidir leo aon **chuideachtaí ilnáisiúnta nó domhanda** a ainmniú agus an féidir leo aon **institiúidí domhanda eile** a ainmniú. (e.g. na Náisiúin Aontaithe, an Chrois Dhearg Idirnáisiúnta, an Chorrán Dearg Idirnáisiúnta, an Eagraíocht Domhanda Trádála, an tAontas Eorpach, an tAontas Afracach).
- Toisc go bhfuil cónaí orainn i ndomhan atá chomh nasctha sin, braitheann tíortha ar a chéile le haghaidh earraí agus seirbhísí, agus go leor eile, agus is minic a thugtar **idirspleáchas** air sin.
- Iarr ar na daltaí aon chaidreamh trádála idirspleách a tháinig as an ngníomhaíocht nasctha a aithint. An bhfuil cúiseanna eile ann seachas trádáil le go mbeadh tíortha ag brath ar a chéile? Cén cineál rudaí a tharlaíonn i dtír amháin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar thíortha eile?

## Gníomhaíocht Idirspleáchais

- Cóipeáil, gearr agus scaip ceann de na creatlaí scéil thíos ar gach péire nó triúr daltaí.
- Ba cheart dóibh a machnamh a dhéanamh ar a gcreatlach scéil féin agus conas a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don tír nó do na tíortha ina dtarlaíonn sé nó siad, agus do thíortha eile a ndéanann sí trádáil leo; Ba chóir dóibh a gcuid pointí a scríobh síos.
- Seiceáil le gach grúpa/péire lena chinntiú go dtuigeann siad foclaíocht a scéil.
- Tar éis cúig go seacht nóiméad, cuirfidh gach grúpa nó péire a gcreatlach scéil i láthair, aimseoidh siad an tír nó an réigiún ar an léarscáil agus luafaidh siad na hiarmhairtí.
- Scríobh ar an gclár bán/smeach-chairt raon na n-iarmhairtí is féidir a bheith ann mar thoradh ar na himeachtaí sin ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**a. Ráig den ghalar Sleabhcadh Caife nó Coffee Wilt in Uganda:**
Conas a d'fhéadfadh sin difear a dhéanamh do shaothróirí caife in Uganda? Nó in Uganda ina hiomláine? I dtíortha eile a tháirgeann caife? Do phraghas caife ar an margadh domhanda?

**b. Ráig de ghorta san Aetóip:**
Conas a d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh don réigiún ina dtarlaíonn gorta? San Aetóip ina hiomláine? Do thrádáil na hAetóipe?

**c. Ráig de ghalar Crúb is Béil in eallach in Éirinn:**
Conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar thalmhaíocht? Ar fheirmeoirí beostoic agus a bpobail? Ar Éirinn ina hiomláine? Ar easpórtálacha na hÉireann?

**d. Rótháirgeadh bairr i roinnt tíortha:**
Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar thíortha eile a tháirgeann an barr céanna?
Ar phraghas an bhairr ar an margadh domhanda?
Ar an timpeallacht talmhaíochta sna tíortha a tháirgeann é?

**e. Taraifí méadaithe (cánacha) á gcur ag an Eoraip ar earraí ó thíortha Afracacha:**
Conas a d'fhéadfadh sin difear a dhéanamh do thíortha na hAfraice? Do phobail feirmeoireachta sna tíortha sin? Do thíortha nach tíortha Afracacha iad a tháirgeann na hearraí céanna?

**f. Éadaí níos saoire a tháirgtear san Áise:**
Conas a d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar thíortha táirgthe éadaí eile? Ar thíortha san Áise? Ar iompórtálacha éadaí go hÉirinn? Ar an mbealach a cheannaíonn muid éadaí?
Ar an gcomhshaol?

**g. Ardú nó titim an phraghais ola ar an margadh domhanda:**
Conas a d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do chostas iompair ar fud an domhain? Ar na costais atá le híoc ag feirmeoirí beaga ós rud é go n-úsáidtear ola mar leasachán? Ar thíortha i mbéal forbartha atá ag iompórtáil ola? Ar thíortha a tháirgeann ola?

**h. An t-ardú ar luach airgeadra tíre: I gcomparáid le hairgeadraí eile**
Conas a d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar chostas iompórtálacha go dtí an tír sin?
Ar chostas a heaspórtálacha? Ar chaighdeán maireachtála na ngnáthdhaoine sa tír?

**i. Triomach i dtrí thír in Oirthear na hAfraice mar gheall ar an athrú aeráide:**
Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na tíortha? Ar phobail feirmeoireachta?
Ar na daoine sna pobail sin? Ar airgeadas na dtíortha sin? Ar a n-iompórtálacha agus easpórtálacha? Ar thíortha comharsanachta?

### Nótaí do Mhúinteoirí: Proudly Made in Africa: Trádáil seachas cúnamh a chur chun cinn www.proudlymadeinafrica.org

Tá acmhainní ollmhóra ag tíortha na hAfraice chun táirgí ardcháilíochta a tháirgeadh le haghaidh trádála ar an margadh idirnáisiúnta. Ach go stairiúil níor tharla sé sin agus bhíothas ag díriú ar easpórtálacha de thráchtearraí amha seachas earraí críochnaithe. Táirgí atá réidh le díol, cosúil le málaí tae, is féidir praghas a ghearradh astu atá a oiread agus seacht n-uaire níos airde ná an praghas a ghearrtar as an duilleoga tae amh agus tuigtear anois gur féidir le trádáil táirgí "breisluacha" an bhochtaineacht a laghdú trí praghsanna níos fearr a thairiscint do tháirgeoirí as a n-earraí. Tá an Afraic ag athrú agus anois tá earraí agus seirbhísí ann a mhonaraítear laistigh den ilchríoch, ag táirgeoirí a ghníomhaíonn go freagrach agus a dhéanann trádáil go cothrom. Fágann sé sin go ngintear níos mó ioncaim do phobail áitiúla san Afraic.

**Proudly Made in Africa** Is eagraíocht sheachbhrabúsach é seo (ar a dtugtaí Value Added in Africa roimhe seo) a éascaíonn agus a chuireann trádáil eiticiúil earraí san Afraic chun cinn. In 2008 a bunaíodh an eagraíocht neamhrialtasach seo atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a bhfuil oifig eile acu i Londain, agus tá sí i mbun oibre ar fud na hEorpa faoi láthair, ag feidhmiú mar éascaitheoir trádála idir táirgeoirí táirgí Afracacha atá réidh le díol agus miondíoltóirí idirnáisiúnta.

### Cén fáth a ndéanaimid é seo?

*"San Afraic Fho-Shahárach, tá na milliúin daoine i ngátar nó i mbochtaineacht. Tá roinnt cúiseanna leis seo. Creidimid nach cúnamh é an bealach is tapúla chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht – tá sé mar aidhm againn tacú le slabhra breisluacha iomlán san Afraic agus é a chur chun cinn, rud a chruthóidh go leor deiseanna fostaíochta agus ag an am céanna táirge a chur ar fáil atá chomh maith céanna, nó níos fearr fiú, ná an méid atá ar an margadh faoi láthair. Trí na bealaí trádála san Afraic a athrú, beidh táirgeoirí na hAfraice in ann páirt a ghlacadh i margadh idirnáisiúnta agus cur leis, rud a théann chun tairbhe do chách."*
***www.proudlymadeinafrica.org***

Féach ar an bhfíseán faoi **Proudly Made in Africa** anseo:
**https://www.youtube.com/watch?v=-KGIK_gkIzc&feature=youtu.be**
**Cúnamh don Trádáil – Cúnamh Éireann (bainte ó shuíomh gréasáin Chúnamh Éireann:www.irishaid.ie)**

Sa lá atá inniu ann, tá cuid mhór tíortha atá i mbéal forbartha ag brath níos lú ar chúnamh, agus tá níos mó dá n-acmhainní féin á nginiúint acu trí thrádáil agus infheistíocht. Tá fás eacnamaíoch bliantúil thart ar 5% i roinnt tíortha san Afraic le roinnt blianta anuas. Tá clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann, Cúnamh Éireann, ag freagairt do na cúinsí nua seo agus ag tacú le trádáil san Afraic ar bhealach a fhéachann lena chinntiú go dtéann na buntáistí a thagann leis an bhfás sin chun tairbhe do riachtanais na ndaoine agus na bpobal.

Tacaíonn Éire le raon tionscnamh agus clár ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thíortha san Afraic, a ngeilleagair a fhorbairt agus tairbhe a bhaint as trádáil idirnáisiúnta.

Tá tacaíocht Chúnamh Éireann ceaptha go háirithe le dul chun tairbhe do ghrúpaí bochta agus grúpaí eisiata. Agus é ag obair leis na rialtais ina seacht dtír chomhpháirtíochta san Afraic, tacaíonn Cúnamh Éireann le cruthú post, go háirithe do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tacaíonn Éire le gnólachtaí pobail, lena n-áirítear Fairtrade, le cur ar chumas pobail de tháirgeoirí an t-ioncam a ghiniúint a theastaíonn uathu chun iad féin a bhaint as an mbochtaineacht.

Cuid lárnach den fhás eacnamaíoch agus de laghdú na bochtaineachta is ea an trádáil. Mar sin féin, tá bacainní móra ar go leor tíortha atá ar ioncam íseal ó thaobh leibhéil a gcuid trádála a mhéadú. Tá sciar na hAfraice d'easpórtálacha domhanda fós íseal ag 3%. Na tíortha sin a chailleann amach ar bhuntáistí na trádála domhanda, ní féidir leo deiseanna a thapú chun tairbhe a bhaint as saineolas idirnáisiúnta, as táirgeadh ar chostas íseal, agus as teicneolaíocht a bhfuil géarghá léi. Tá obair na hÉireann chun tacú le trádáil san Afraic á treorú ag Straitéis na hAfraice de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála **www.irishaid.ie**

# **Aonad 3 Gníomhaíocht 4:** Ó Shíol go Siopa

**An Príomh-choincheap:** Trí shampla na seacláide, tuiscint a fháil ar conas a oibríonn **Slabhraí Breisluacha** i dtaca le sciar den bhrabús. An chaoi a bhfuil an brabús ó amhábhair díréireach beag do na táirgeoirí, i gcomparáid leis an mbrabús a dhéantar ag céim na déantúsaíochta. An chaoi a n-oibríonn Fairtrade.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Ceisteanna a bhaineann le trádáil a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na tráchtearraí is mó ar domhan

**Comhtháthú:**

Matamaitic; Snáithe: Uimhreas; Snáithaonad: Oibríochtaí

***Cuspóirí:***

- Céatadáin a úsáid agus iad a cheangal le codáin agus le deachúlacha
- Fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí a réiteach le slánuimhreacha, codáin, deachúlacha agus céatadáin shimplí

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Eolas agus tuiscint a fháil ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Na próisis agus na grúpaí a shainaithint atá páirteach sa slabhra soláthair a bhaineann le monarú agus trádáil barra seacláide.
- Na leibhéil éagsúla brabúis a ríomh dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an Slabhra Breisluacha.
- Samplaí a thabhairt de na tairbhí a bhaineann le hearraí a mhonarú/a phróiseáil i gcomparáid le heaspórtáil amhábhar do tháirgeoirí i dtíortha atá i mbéal forbartha.
- Fairtrade agus lipéadú Fairtrade a mhíniú agus samplaí a thabhairt de thráchtearraí Fairtrade ina gceantar.

**Ábhair atá ag teastáil:** Grianghraf mór nó grianghraif mhóra le phónairí cócó, ina dtaispeántar na pónairí ar na crainn agus ar an talamh agus iad nuaghearrtha/go fóill ina bhfaighneoga (níl siad curtha ar fáil leis seo - ar fáil ar an idirlíon); cumhdaigh fholmha ó bharra seacláide bainne; smeach-chairt le marcóirí agus nó clár bán idirghníomhach; Bileog oibre; samplaí d'earraí agus cumhdaigh Fairtrade.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Plé – Seacláid agus Cócó
- Ó Shíol go Siopa – an Próiseas
- Ó Shíol go Siopa – an Slabhra Breisluacha
- Plé
- Trádáil Chothrom a thabhairt isteach
- Measúnú


## Nós imeachta Mionsonraithe

### Plé

- Fiafraigh de na daltaí an maith leo seacláid. Inis dóibh go bhfuil siad chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a n-oibríonn an trádáil idirnáisiúnta, ag baint úsáid as sampla seacláide.
- Fiafraigh díobh cé na tíortha ar fud an domhain a itheann an méid is mó seacláide ar an meán in aghaidh an duine.
- Taispeáin na cúig thomhaltóir is mó: 1.An Eilvéis; 2, An Ghearmáin; 3. **Éire(!)**; 4. An Ríocht Aontaithe, agus 5 An Iorua Ina dhiaidh sin tá an tSualainn, an Astráil, an Íslitír, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Fhrainc. Tíortha ardioncaim is ea iad seo ar fad.
- Fiafraigh de na daltaí cad é an príomh-chomhábhar i seacláid, dar leo, agus scríobh síos é.
- Inis dóibh go mbeidh siad ag breathnú ar an **trádáil cócó** chun seacláid a mhonarú.
- Inis do na daltaí gurb iad seo a leanas na príomhtháirgeoirí cócó: Cósta Eabhair agus Gána in Iarthar na hAfraice, tíortha eile san Afraic, Meiriceá Laidineach agus an Áise ina dhiaidh sin. Tíortha ísealioncaim is ea go leor de na tíortha sin.

### Ó Shíol go Siopa – an próiseas

- Taispeáin grianghraf de bharra seacláide bainne ina bhfeictear na comhábhair agus/nó tabhair cumhdaigh fholmha do na daltaí.
- Iarr orthu na comhábhair go léir i mbarra seacláide a ghlaoch amach chomh maith le céatadáin na gcomhábhair sin. Scríobh a gcuid freagraí ar chlár bán/smeach-chairt agus cuir isteach aon chomhábhar atá ar lár.
- Le grianghraf amháin ar a laghad d'fhaighneoga/pónairí cócó ar an gclár bán, cuir an barra seacláide bainne in airde agus iarr orthu na céimeanna éagsúla a bhaineann lena tháirgeadh a phlé agus a aithint le comhpháirtithe/i ngrúpaí.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad an táirge ar fad a mheas – ón gcumhdach ar an taobh amuigh go dtí an tseacláid taobh istigh.
- Déan na freagraí a thaifeadadh ar chlár bán/smeach-chairt.
- Taispeáin an léaráid thuas a léiríonn na céimeanna próiseála ó shíol go siopa. Téigh trí na céimeanna leo.




*Ó Shíol go Siopa*
*Foinse: Torre, I. agus Jones, B. (2014) Cocoa-nomics explained: Unwrapping the chocolate industry, Part of the CNN Freedom Project. http://edition.cnn.com/2014/02/13/world/africa/cocoa-nomics-explained-infographic/index.html*

### Ó Shíol go Siopa – an Slabhra Breisluacha

- Mínigh gur sraith céimeanna é an Slabhra Breisluacha ina gcuirtear luach le táirge ag gach céim de réir mar a bhogann sé tríd an bpróiseas déantúsaíochta chun táirge críochnaithe a chruthú, a dhíoltar ansin le custaiméirí/tomhaltóirí.
- Taispeáin an Slabhra Breisluacha seo a leanas ar an gclár bán/smeach-chairt:

**Feirmeoirí ➔ Monaróirí ➔ Soláthraithe ➔ Mórdhíoltóirí/Miondíoltóir ➔ Rialtas ➔ Tomhaltóirí**

- Faigheann na grúpaí éagsúla daoine/cuideachtaí leibhéil éagsúla íocaíochta as a gcuid féin den phróiseas. Tá seacláid faoi réir cánach rialtais freisin.
- Gheobhaidh siad amach anois an brabús a fhaigheann na grúpaí éagsúla atá páirteach sa phróiseas chun seacláid a dhéanamh, ag baint úsáid as an sampla de Slabhra Breisluacha simplithe ina bhfuil cúig chéim, ceann a thosaíonn linne, an tomhaltóir, agus a théann siar an bealach ar fad go dtí na feirmeoirí a d'fhás na pónairí.
- Beidh siad ag breathnú ar na daoine is mó a bhaineann tairbhe as díolachán barra seacláide. Déan cinnte de go dtuigeann daltaí an difear idir mórdhíoltóir agus miondíoltóir.
- Taispeáin an cumhdach de bharra seacláide bainne dóibh agus cuir in iúl do na daltaí go ndíoltar an barra seacláide sin ar €1.50 nó mar sin i siopa.
- Roinn an rang ina phéirí. Iarr orthu breathnú ar an Slabhra Breisluacha ar an gclár bán idirghníomhach agus an méid den €1.50 a chaitheann siad mar thomhaltóirí a théann chuig gach ceann de na cúig pháirtí eile sa slabhra, dar leo, lena n-áirítear an rialtas, a oibriú amach lena gcomhpháirtithe. Tabhair bileog oibre do gach péire mar seo a leanas: (nó is féidir leo é a scríobh isteach ina gcóipleabhair).

| **Barra Caighdeánach €1.50** | **Méid Faighte** | **% Faighte** |
|---|---|---|
| Feirmeoirí | | |
| Monaróirí | | |
| Soláthraithe/Dáilitheoirí | | |
| Mórdhíoltóirí/Miondíoltóirí (Siopadóirí) | | |
| Cáin an Rialtais | | |
| **Íocann an tomhaltóir** | **€1.50** | **100%** |

- Iarr ar na daltaí an méid a líonadh isteach chomh maith leis na céatadáin a a gheobhaidh gach grúpa as a gcuid féin den phróiseas, dar leo.
- Tar éis cúpla nóiméad, iarr samplaí ó chuid de na daltaí.
- Tabhair na figiúirí cearta dóibh (féach an tábla thíos le haghaidh barra caighdeánach). Iarr a gcuid freagraí/tuairimí agus ceisteanna.

| **Miondealú ar bhrabúis iarbhír ó dhíolachán barra seacláide caighdeánach** | **Méid faighte** | **% faighte** |
|---|---|---|
| Feirmeoirí | **7.5 cent** | **5** |
| Monaróirí | 75 cent | 50 |
| Soláthraithe/Dáilitheoirí | 13.5 cent | 9 |
| Mórdhíoltóirí/Miondíoltóirí (Siopadóirí) | 25.5 cent | 17 |
| Cáin an Rialtais | 28.5 cent | 19 |
| Íocann an tomhaltóir | **€1.50** | **100%** |

*Léiríonn dath glas brabús a fhanann sa tír*

### Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna eile, chun plé gearr ar an ngníomhaíocht a spreagadh:

- Cé chomh héasca nó deacair a bhí sé a bheith ag obair amach cé mhéad airgid a thuill gach grúpa? Mínigh.
- Ar chuir aon rud iontas ort? Cad é do mheas ar an gcaoi ar gnóthaíodh an brabús i ndáil leis an obair atá i gceist?

**Measúnú:** Iarr ar na daltaí an méid atá foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo go dtí seo a scríobh síos.

## Fairtrade

**Réamhrá:** Tá sé foghlamtha ag daltaí go bhfuil sé i bhfad níos brabúsaí do tháirgeoirí na hAfraice na barraí a phróiseáil iad féin. Iarr samplaí orthu d'amhábhair ón Afraic, mar shampla tae, caife, cócó, torthaí, cnónna, glasraí.

- Taispeáin nó scaip táirgí agus cumhdaigh Fairtrade. Beidh an lógó Fairtrade feicthe cheana ag an gcuid is mó de na daltaí ar bharraí seacláide, málaí caife/boscaí tae etc. ina dtithe, nó i siopaí áitiúla. Cuir ceist orthu an bhfuil a fhios acu cad atá i gceist le Fairtrade agus déan a gcuid freagraí a thaifeadadh.
- Abair leo go bhfuil sé mar aidhm ag Fairtrade sciar níos cothroime den bhrabús ón táirge a dhíolann siad leis na monaróirí a thabhairt d'fheirmeoirí i dtíortha atá i mbéal forbartha. Cé go bhfuil sé sin fós i bhfad níos ísle ná na praghsanna a bheadh le fáil acu ar a gcuid táirgí a phróiseáil, is córas é Fairtrade a fhéachann le feabhas a chur ar an staid do phobail bhochta feirmeoireachta.
- Mínigh go bhfuil praghas íosta socraithe i gcás fhormhór na n-earraí Fairtrade chun an costas táirgthe ina gceantair féin a chumhdach. Cé go bhféadfadh an praghas a bheith fós íseal go leor, bíonn a fhios ag na feirmeoirí cad is féidir leo a bheith ag súil leis, agus ní théann na praghsanna suas agus síos.
- Chomh maith leis an bpraghas íosta Fairtrade, faigheann oibrithe agus feirmeoirí suim bhreise airgid ar a dtugtar **préimh Fairtrade**. Téann sé sin isteach i gciste chun cabhrú lena bpobail.
- Iarr ar na daltaí, dá mba feirmeoirí iad ag fáil préimhe, conas a d'fhéadfadh siad an phréimh a úsáid chun tairbhe a bpobal. Scríobh liosta moltaí, agus seiceáil **www.fairtrade.ie** chun samplaí a aimsiú de na bealaí a úsáid pobail í go hiarbhír.
- Tarraing aird ar an lógó Fairtrade ar na samplaí. Is féidir lógó Fairtrade a bheith ar aon táirge a tháirgtear sa chóras Fairtrade, lógó atá le feiceáil ar tháirgí áirithe sna hollmhargaí.
- Tá gealltanas tugtha ag roinnt caiféanna agus bialanna gan ach tae agus caife Fairtrade a úsáid.
- Iarr ar na daltaí, ina mbeirteanna, dul go Fairtrade.ie agus léamh faoi thrádáil chothrom, nó an t-eolas a thaispeáint dóibh ar an gclár bán.
- Mar obair bhaile, ba chóir do gach dalta cúig shampla de tháirgí Fairtrade a chuardach ina dtithe nó in ollmhargaí, agus iad a scríobh síos.
- An lá dar gcionn, iarr raon samplaí ó na grúpaí. Cuirfidh na daltaí liosta ar an mballa in aice le léaráid de lógó Fairtrade.
- Ar deireadh, cuir ceist ar na daltaí an gceapann siad go bhfuil lógó Fairtrade tábhachtach? Cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige ar roghanna custaiméirí, agus cén fáth?

## Measúnú

Iarr ar na daltaí cúpla nóiméad a thógáil chun plé a dhéanamh ina ngrúpaí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tomhaltóir, iad féin mar shampla, ar shaol na ndaoine san Afraic a tháirgeann a lán de na tráchtearraí a úsáidimid gach lá. Cad is féidir leo a dhéanamh, anois agus amach anseo, chun a chinntiú go bhfaighidh táirgeoirí margadh níos fearr? Scríobh síos aon smaointe.

# Aonad 3 Gníomhaíocht 5: Ó pháirc go fiontar: fiontar beag, gnó mór

**An Príomh-choincheap:** Cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcorparáidí ilnáisiúnta atá i gceannas ar an margadh domhanda, tá méadú suntasach tagtha ar fhás na bhfiontar beag ar domhan, lena n-áirítear in a lán tíortha san Afraic. A bhuí leis na gnólachtaí beaga príobháideacha agus pobail sin is féidir níos mó den Slabhra Breisluacha a bhaint amach sna tíortha sin, rud a fhágann go mbíonn níos mó den bhrabús ó bhreisluach na n-earraí ag dul chun tairbhe na bpobal agus na réigiún as a dtagann na hamhábhair sin. Is mó fós an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeoirí ná an tairbhe bhaintear amach trí bhíthin Fairtrade.

**An méid ama atá ag teastáil:** 90 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Imshaoil Daonna; Snáithaonad: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

*Cuspóir:*

- Ceisteanna a bhaineann le trádáil a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na tráchtearraí is mó ar domhan

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan mór; Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

*Cuspóir:*

- Eolas agus tuiscint a fháil ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Samplaí a thabhairt d'fhiontair shóisialta agus phobail i roinnt tíortha san Afraic, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcabhraíonn siad le teaghlaigh agus a bpobail a chumhachtú.
- Mínigh a thabhairt na difríochtaí idir na gnólachtaí sin agus na patrúin trádála bhunaidh do na táirgeoirí i dtaca le slabhra soláthair agus breisluacha.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Eolas cúlra le léamh faoi chuideachtaí ilnáisiúnta; Liosta de chuideachtaí (ar leathanach 85)

**Ábhair atá ag teastáil:** Ocht mbileog A4 ar a bhfuil lipéid de réir na gníomhaíochta thíos; Cás-staidéar amháin agus bileog oibre in aghaidh gach grúpa de thriúr.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Gníomhaíocht maidir leis an Slabhra Breisluacha
- Gníomhaíocht i ngrúpaí beaga
- Eolas a chur ar tháirgí seacláide atá déanta san Afraic nó MIA (Made in Africa) mar is fearr aithne ar an téarma
- Eolas a chur ar chás-staidéir gnólachtaí beag

# Nós imeachta Mionsonraithe

### Gníomhaíocht maidir leis an Slabhra Breisluacha

**Ullmhúchán:** Don ghníomhaíocht seo ní mór do na daltaí bogadh timpeall an tseomra ranga, mar sin teastaíonn líne shoiléir ó thaobh amháin an tseomra go dtí an taobh eile. Roinn na daltaí i ngrúpaí de 3. Ní mór do gach grúpa céim amháin den Slabhra Breisluacha a aithint, mar sin tá lipéad amháin in aghaidh an ghrúpa ag teastáil. Scríobh céim amháin ar gach ceann de na bileoga A4, chun lipéid a chruthú.

**Is iad 8 gcéim an tSlabhra Bhreisluacha:**

**Feirmeoirí Cócó Ghána; Comharchumann Feirmeoirí Cócó; Cuideachta Easpórtála Talmhaíochta Ghána; Cuideachta Iompórtála Tráchtearraí Bia; Cuideachta Déantúsaíochta na Milseoige Seacláide; Cuideachta Dáileacháin Mhórdhíola Seacláide; Siopa Áitiúil; Custaiméir agus Tomhaltóir**

- Inis do na daltaí go nglacfaidh siad páirt i ngníomhaíocht chun gach céim i slabhra breisluacha bharra seacláide ar a dtugtar **Milseog Sheacláide**[2] a thaispeáint, ó na feirmeoirí i nGána a fhásann an cócó, go dtí an tomhaltóir Éireannach a cheannaíonn agus a itheann an tseacláid.
- Aimsigh Gána ar léarscáil.
- Seasfaidh na daltaí i ngrúpaí i spás sa seomra.
- Scaip na lipéid go randamach – ceann amháin do gach grúpa (nó d'fhéadfadh duine éigin ó gach grúpa ceann a roghnú go randamach ó charn)
- Nuair a thabharfar comhartha dóibh, ní mór do na daltaí seasamh i líne in ord: ó na feirmeoirí ag ceann amháin den seomra go dtí na tomhaltóirí ag an taobh eile den seomra.
- Nuair a bheidh gach duine ina n-áit, ardóidh gach grúpa a lipéad – cinntigh go bhfuil siad san ord ceart.
- Iarr ar gach grúpa a lipéad a léamh.
- In éineacht leis na daltaí, aontaigh na céimeanna a chuirtear i gcrích i nGána agus na cinn a dhéantar lasmuigh de Ghána. Cuir marcóir daite (e.g. líne ribín/olla/páipéir) ar an urlár idir na grúpaí easpórtála agus na grúpaí iompórtála chun roinnt geografach an tslabhra bhreisluacha a chur in iúl.

### Gníomhaíocht i ngrúpaí beaga

- Taispeáin tábla miondealaithe na mbrabús le haghaidh **barra caighdeánach** seacláide do na daltaí, ar a léirítear sciar díréireach brabúis dóibh siúd a bhfuil baint acu le monarú agus díolacháin, i gcomparáid le praghas íseal a íocadh le saothróirí an phríomh-chomhábhair (i.e. cócó).
- Cuir i gcuimhne do na daltaí conas a fhéachann Fairtrade le feabhas a chur ar an staid do na fheirmeoirí a tháirgeann na barra agus dá bpobail. Mar sin féin, mar gheall ar an gcaoi a n-oibríonn an Slabhra Breisluacha ní féidir leo ach méid beag a thuilleamh fós i gcomparáid leo siúd a bhfuil baint acu leis na céimeanna próiseála nó déantúsaíochta.
- Gheobhaidh muid amach anois faoi tháirgí a dtagann a n-amhábhair ón Afraic, ach a ndéantar a **bpróiseáil agus á monarú freisin sna tíortha nó réigiúin san Afraic** ina bhfástar na barra.
- Tosóidh muid le seacláid. Mar is eol daoibh, is í Éire an tríú tomhaltóir seacláide is airde ar domhan!
- Taispeáin barra MIA leis an gcumhdach air. Mínigh go dtagann an tseacláid seo ó Madagascar.
- Cuir ceist ar na daltaí an bhfuil a fhios acu cá bhfuil sé sin agus aimsigh ar an léarscáil é.

[2]Is táirge ficseanúil é Milseog Sheacláide chun críocha an cheachta seo; beidh fíortháirge in úsáid níos faide anonn: Seacláid MIA




© MIA Foodie

## Eolas faoi Sheacláid MIA

### (oiriúnaithe ó www.miafoodie.com)

**Is féidir le múinteoirí achoimre a dhéanamh ar an bhfaisnéis seo do dhaltaí nó a scaipeadh mar leathanach eolais**

Tá gach mír a bhfuil an t-ainm MIA air déanta go hiomlán ag pobail san Afraic. Ní hamháin go ndéantar na táirgí sin san Afraic, ach déantar amhlaidh go príomha le comhábhair agus ábhair a dhéantar go háitiúil, rud a chruthaíonn níos mó post ar ilchríoch inar féidir le hioncam amháin tacú le teaghlach ar fad.

Sampla de na táirgí sin is ea **seacláid MIA**. Déantar é seo i Madagascar, áit a bhfuil an t-aicmiú 'barra le blas den chéad rogha' ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Cócó tuillte ag an traidisiún feirmeoireachta ar scála beag as cócó Mhadagascar. Déantar seacláid MIA a tháirgeadh leis an gcócó ríbhlasta a fhaightear go díreach ó fheirmeoirí neamhspleácha in iarthuaisceart Mhadagascar. Mar thoradh ar choipeadh rialaithe agus triomú gréine bíonn an cócó ar chaighdeán níos fearr agus fágann sé gur féidir leis na feirmeoirí níos mó airgid a ghearradh as. Chomh maith leis sin, is féidir leis na feirmeoirí trádáil a dhéanamh go díreach leis an monarcha (gan dul trí thrádálaithe) agus fágann sé sin praghas níos airde ar na barraí – praghas atá os cionn an ráta Fairtrade – i ngeall, go príomha, ar chaighdeán an chócó.

Is é an buntáiste a bhaineann le táirgeadh intíre go mbaineann daoine eile tairbhe as freisin: mar shampla – déantóirí na mboscaí, saothróirí siúcra, agus an fhoireann a dhéanann an tseacláid. Trí sheacláid a tháirgeadh i dtíortha san Afraic cuirtear bealach ar fáil chun scileanna níos airde a aistriú chuig an lucht saothair, lena n-áirítear meaisíní a oibriú agus a chothabháil, poist riaracháin, agus poist i réimse na sábháilteachta bia.

Oibríonn MIA i gcomhar le Proudly Made san Afraic (PMIA).

### Plé

- Cuir in iúl do na daltaí go bhfuil an brabús do na pobail áitiúla a fhásann na pónairí, agus atá anois páirteach sa phróiseáil chun an tseacláid a dhéanamh freisin, **i bhfad níos mó** ná an méid a bheadh siad a fháil dá mba rud é nach raibh siad ach ag díol na bpónairí cócó.
- Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann sé seo chun tairbhe don phobal.

Taispeáin an tábla leis na luachanna don bharra MIA a rinneadh i Madagascar ar chlár bán/smeach-chairt, nó tabhair amach é ar bhileog do gach grúpa. Tabharfaidh sin an deis dóibh brabús na bhfeirmeoirí as a gcócó a chur i gcomparáid nuair a dhéantar an mhonaraíocht ina dtír/réigiún féin.

- Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí/tuairimí agus ceisteanna a thabhairt faoi na figiúirí sin agus faoin gcomparáid leis an tábla níos luaithe a bhain leis an mbarra 'caighdeánach' seacláide.

| Léiríonn an dath glas brabúis sa tír bhfástar an cócó. | Barra Caighdeánach déanta lasmuigh den Afraic % faighte | Barra Seacláide déanta san Afraic % faighte |
|---|---|---|
| Feirmeoirí | 5 | 9 |
| Monaróirí | 50 | 31 |
| Soláthraithe/Dáilitheoirí | 9 | 24 |
| Mórdhíoltóirí/Miondíoltóirí (Siopadóirí) | 17 | 17 |
| Cáin an Rialtais | 19 | 19 |

*Nóta: Léiríonn an dath glas an % a fhanann sa tír*

## Fiontair ar scála beag atá lonnaithe san Afraic: na Cás-Staidéir

- Mínigh do na daltaí, cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcorparáidí ilnáisiúnta atá i gceannas ar an margadh domhanda, tá méadú suntasach tagtha freisin ar fhás na bhfiontar beag ar domhan, lena n-áirítear in a lán tíortha san Afraic. A bhuí leis na gnólachtaí beaga príobháideacha agus pobail sin is féidir níos mó den Slabhra Breisluacha a bhaint amach sna tíortha sin, rud a fhágann go mbíonn níos mó den bhrabús ó bhreisluach na n-earraí ag dul chun tairbhe na bpobal agus na réigiún as a dtagann na hamhábhair.
- Beidh na daltaí anois ag dul i mbun gníomhaíochta chun breathnú ar roinnt samplaí de ghnólachtaí beaga nó d'fhiontair phobail sa Chéinia, san Aetóip, sa tSúdáin Theas agus sa Mhaláiv. Aimsigh na tíortha sin ar léarscáil an bhalla.
- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar. Tabhair Cás-Staidéar agus an bhileog oibre do gach grúpa. Iarr orthu an Cás-Staidéar a léamh os ard ina ngrúpaí, na príomhphointí a phlé agus an bhileog oibre a líonadh isteach ansin. Tabhairt thart ar 15-20 nóiméad dó seo.
- Ansin, iarr ar gach grúpa a gcuid torthaí a chur i láthair don rang ag baint úsáid as na ceannteidil ar an mbileog oibre.

### Plé

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna eile, chun plé ginearálta a spreagadh:

- Cad a fuair tú amach ón gCás-Staidéar?
- Ar chuir aon rud iontas ort?
- Cad a fuair tú amach nuair a chuala tú an t-eolas ó na Cás-Staidéir eile?
- Ar chuir aon rud iontas ort?
- Cad iad atá i gcoiteann ag na fiontair? Cén difear atá idir na fiontair?
- Conas a bhaineann sé sin leis an bplé a bhí againn roimhe seo faoi ghnólachtaí beaga agus móra?
- **Cad é an t-athrú a chruthaigh breisluach i ngach cás-staidéar?**

**Measúnú:** Iarr ar na daltaí míniú a thabhairt ar an mbreisluach a bhaineann le gach ceann de na Cás-Staidéir lena chinntiú go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann le táirgeadh áitiúil do phobail Afracacha.

### Gníomhaíochtaí Forleathnúcháin

Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas chun foghlaim na ndaltaí a chomhdhlúthú

**1.** Cuir obair na ndaltaí ar Chás-Staidéir i láthair ag tionól scoile agus/nó cruthaigh taispeántas sa dorchla bunaithe ar an obair a dhéanann na daltaí ar na fiontair phobail seo.

**2.** Déan teagmháil le heagraíocht neamhrialtasach Éireannach atá ag obair chun tacú le fiontar pobail san Afraic, nó Cúnamh Éireann, agus iarr ar chainteoir cuairt a thabhairt le linn Choicís Fairtrade chun labhairt faoi obair na heagraíochta sin chun tacú leis an mbreisluach i dtíortha na hAfraice.

**3.** Iarr ar na daltaí na táirgí éadaí, bia agus glantacháin tí sa bhaile a sheiceáil agus liosta a dhéanamh de na táirgí agus seirbhísí uile de chuid na gcuideachtaí ilnáisiúnta atá le feiceáil ar na lipéid. D'fhéadfaidís a gcuid málaí, cásanna pinn luaidhe agus na cófraí ranga freisin. (Féach liosta de na cuideachtaí sna Nótaí do Mhúinteoirí.)

**4.** Iarr ar na daltaí roinnt taighde a dhéanamh ar chuideachta ilnáisiúnta dá rogha (nó de do roghasa). Spreag iad chun dearcthaí malartacha ar an gcuideachta seo a chuardach trí e.g. Ethical Consumer nó a leithéid (www.ethicalconsumer.org). [Nótaí do Mhúinteoirí: Dírítear in Aonad 4 ar an tomhaltachas eiticiúil, mar sin b'fhéidir gur mhaith leat an ghníomhaíocht seo a choinneáil go dtí go mbeidh Aonad 4 curtha i gcrích).

**5.** Iarr ar na daltaí scríobh chuig ceann de na gnólachtaí ilnáisiúnta atá liostaithe ag deireadh Aonad 3, a úsáideann roinnt amhábhar ón Afraic. Mínigh an obair atá ar siúl agat sa rang, agus iarr eolas faoin méid de phróiseas monaraíochta na n-earraí a tháirgeann siad a rinneadh i dtíortha na hAfraice.

**6.** Iarr ar na daltaí breathnú ar ghearrthóg bheochana faoi Proudly Made in Africa ag an nasc seo: **https:// www.youtube.com/watch?v=-KGIK_gkIzc&feature=youtu.be** Ba é Studio Ang sa Chéinia, ceann de na fiontair phobail atá luaite sna Cás-Staidéir, a rinne an beochan seo do PMIA. Iarr ar na daltaí a bhfíseán gearr féin a dhéanamh bunaithe ar cheann de na gnólachtaí áitiúla.

## Fiontar Sóisialta a théann chun sochair do mhná agus don phobal ar fad: Meru sa Chéinia

Tá Sarah ina cónaí i sráidbhaile beag sa Chéinia. Oibríonn a máthair i ngnó beag ar a dtugtar Meru a dhéanann tae, subha agus anlainn. Ansin díolann an gnólacht na táirgí le hollmhargaí sa Chéinia, san Eoraip agus sa tSeapáin.

Is iomaí bean i gceantar Sarah atá ag obair le haghaidh Meru. Tá sé seo tábhachtach, toisc nach bhfuil mórán post do mhná sa chuid seo den Chéinia. Tá a fhios ag na mná i Meru conas breisluach a chur lena dtáirgí. Tosaíonn siad trí na duilleoga tae a cheannach ó na feirmeoirí ina gceantar. Ansin triomaíonn siad na duilleoga, agus déanann siad iad a phróiseáil chun an cineál tae a tháirgeadh a ólann muidne. Ansin déanann siad an tae a phacáistiú ionas gur féidir é a dhíol in ollmhargaí. Déanann siad an obair go léir is gá chun tae a tháirgeadh nuair a fhaigheann siad na duilleoga tae.

Nuair a bhí na mná díreach ag díol a gcuid tae scaoilte i málaí móra, ní bhfuair siad ach €6 in aghaidh an chileagraim. Anois agus iad ag díol an tae pacáistithe, tuilleann siad €36 in aghaidh an chileagraim. Leis an airgead breise sin tá go leor acu chun táillí scoile a íoc, leabhair agus éide a bpáistí a cheannach, chomh maith le bia agus éadaí dá dteaghlaigh.

Is maith le Sarah a bheith ag dul ar scoil, agus tá sí sásta go n-oibríonn a máthair do Meru. Tá sí sásta go bhfuil a sáith le hithe ag a teaghlach, agus nach gá dá máthair a bheith buartha níos mó faoi aire a thabhairt do Sarah agus a beirt deartháireacha.

Tá dóthain airgid ag Sarah agus ag a muintir anois agus ceannaíonn siad a gcuid earraí grósaera ó ghnólachtaí beaga ina sráidbhaile, rud a chabhraíonn le húinéirí gnó agus lena dteaghlaigh freisin. Is sampla é Meru d'fhiontar sóisialta a chabhraíonn le go leor teaghlach éagsúil agus lena bpobal ina n-iomláine.






*Mná Meru © Meru*

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.meruherbs.com**

## Ceisteanna faoi Meru

- Ainm agus suíomh an ghnó: Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinneadh sa ghnó seo?
- Cé nó cad a chruthaigh an t-athrú?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- An bhfuil an gnó níos rathúla mar thoradh ar an athrú?
- Cén difear a rinne an t-athrú sin do shaol na n-oibrithe?
- Is gnólacht é fiontar sóisialta a chabhraíonn chun saol daoine a................freisin

# Comharchumainn ag cur le luach: Monarcha Iriaini Tea sa Chéinia

Is feirmeoir ar scála beag í Anita a fhásann tae in Iriaini, sráidbhaile sa Chéinia, thart ar 50 km ón bpríomhchathair, Nairobi. Tá feirm bheag ag Anita agus a fear céile áit a bhfásann siad toir tae. Oibríonn siad go dian le chéile chun an tae a fhás agus a bhaint, agus is scoth an bhainteora tae í Anita. 31 bhliain ó shin chuir Anita agus feirmeoirí tae eile ina ceantar tús le comharchumann agus bhunaigh siad monarcha bheag chun na duilleoga tae glasa úra a phróiseáil leis an tae dubh tirim a dhíoltar in ollmhargaí san Eoraip a tháirgeadh. Mar bhall den chomharchumann tá Anita ar dhuine de 2,000 úinéir an mhonarcha.

D'ainmnigh siad a monarcha Iriaini as a sráidbhaile.




*Piocadh agus déantúsaíocht tae i Monarcha Iriaini Tea sa Chéinia © Conall Ó*

Tá gach feirm in Iriaini deimhnithe ag Fairtrade. Ciallaíonn sé sin go dtáirgeann na feirmeacha tae ar ardchaighdeán agus go bhfuil coinníollacha oibre maith iontu do chách. Ar feadh na chéad deich mbliana ba ghnách leis an monarcha tae a dhíol i málaí móra le slabhra ollmhargaí mór in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, ach bhí an praghas íseal. Bhraith Anita riamh go bhféadfadh siad níos mó a thuilleamh as an tae dá ndéanfadh siad é a phacáistiú iad féin.

Ansin rinne Iriaini margadh le slabhra ollmhargaí a d'aontaigh go bhfaigheadh Iriaini meaisín chun an tae a phacáistiú i málaí tae in ionad an tae scaoilte a dhíol i málaí móra de 50 kg. Anois agus an mhonarcha ag díol an tae i bpacáistí de málaí tae, tuilleann siad a dhá oiread airgid agus a fuair siad do na málaí móra tae scaoilte. Leis an athrú sin cruthaíodh tuilleadh post sa sráidbhaile freisin. Mar dhuine d'iliomad úinéirí na monarchan, saothraíonn Anita níos mó as a cuid tae agus téann sin chun sochair dá teaghlach ar fad.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag
**www.fairtrade.org.uk/en/farmers-and-workers/tea/iriaini-tea-factory-ltd**





*Tae Iriaini do M&S © Iriaini /PMIA*

## Ceisteanna faoi Iriaini Tea

- Ainm agus suíomh an ghnó:
- Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinneadh sa ghnó seo?
- Cé nó cad a chruthaigh an t-athrú?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- An bhfuil an gnó níos rathúla mar thoradh ar an athrú?
- Cén difear a rinne an t-athrú sin do shaol na n-oibrithe, agus do dhaoine eile ina bpobal?
- Tríd an tae a phacáistiú iad féin, bhog Anita agus na saothróirí suas an slabhra...............

## Tacaíocht ón Aos Óg d’Fhiontar Pobail sa Mhaláiv: Khama

Bean óg Éireannach, Elaine, a rinne staidéar ar an bhfaisean i mBaile Átha Cliath agus a d’oibrigh i Londain mar dhearthóir, chuaigh sí go dtí an Mhaláiv in 2012 agus chuir sí tús le gnó faisin darb ainm Khama. Spreagadh Elaine chun Khama a bhunadh nuair a chuir sí aithne ar bhean darb ainm Dorothy agus a comharsana a bhí ina mbaill de ghrúpa ban an-chruthaitheach a bhí ag fuáil éadaí in Kasungu, baile sa Mhaláiv. Agus í ag obair le mná Khama, chuidigh Elaine chun éadaí faiseanta a dhearadh a thaitneodh le daoine óga san Eoraip. Ansin d’fhuáil na mná na baill éadaigh i monarcha lena n-onnmhairiú go dtí an Eoraip. Is é a ba mhian leis na mná ná tuilleadh daoine a fhostú ina sráidbhaile agus bhí gá le tuilleadh orduithe dá n-éadaí chun é sin a bhaint amach.



*© Elaine Burke, Khama agus Birdsong*




*© Khama*



*© Elaine Burke agus Khama*

Chabhraigh Proudly Made in Africa chun a ngnó a nascadh le fiontar sóisialta a thosaigh mic léinn in ollscoil Éireannach. Anois tá geansaithe cochallacha agus casóga píolóta Khama á ndíol ag na mic léinn san ollscoil.

Tá caighdeán na n-éadaí chomh maith sin go bhfuil búitíc mór le rá i Londain anois ag ceannach ó Khama freisin, agus tá na geansaithe cochallacha agus casóga píolóta ar díol i Londain. Fágann sé sin go bhfuil níos mó oibre ag Dorothy agus a comharsana – agus níos mó airgid dá dteaghlaigh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.khama.co.uk**

## Ceisteanna faoi Khama

- Ainm agus suíomh an ghnó:
- Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinneadh sa ghnó seo?
- Cé nó cad a chruthaigh an t-athrú?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- An bhfuil an gnó níos rathúla mar thoradh ar an athrú?
- Cén difear a rinne an t-athrú sin do shaol na n-oibrithe, agus do dhaoine eile ina bpobal?
- Tá éadaí Khama anois á...............go hÉirinn agus an Ríocht Aontaithe

## Caife rósta Tarara san Aetóip

Fásann teaghlach Hailu caife ar a bhfeirm i réigiún Kaffa na hAetóipe. Is é Kaffa áit dhúchais an chaife – an chéad áit ar fud an domhain inar saothraíodh caife. Mar sin, tá teaghlach Hailu an-bhródúil go bhfuil an cineál caife is sine ar domhan á fhás acu. Is iomaí duine a deir gurb é an cineál is fearr é!

Fásann an tor caife ar feadh bliain iomlán sular féidir na caora dearga a bhaint. Déanann tuismitheoirí Hailu an obair dhian ghortghlanta agus beathú na dtor, ach cuidíonn seisean leo ar an bhfeirm tar éis na scoile. Níonn siad na caora agus triomaíonn siad faoin ngrian iad ar feadh cúpla seachtain. Obair dhian atá ann, agus mura bhfuil na pónairí caife go hiomlán tirim, ní bheidh siad in ann iad a dhíol. Ós rud é go dtéann praghas caife suas agus síos i gcónaí, ní raibh na feirmeoirí ina gceantar riamh cinnte an saothródh siad go leor airgid, ach ní raibh aon bhealach eile dóibh lena mbeatha a shaothrú.

Roinnt blianta ó shin, thosaigh uncail Hailu, Teudros, cuideachta bheag ar a dtugtar Tarara. Ceannaíonn an chuideachta seo na pónairí caife ó na saothróirí amhail teaghlach Hailu agus fostaíonn sé freisin roinnt oibrithe chun na pónairí a phróiseáil sa mhonarcha. Déanann Tarara na pónairí a róstadh, a mheilt ina bpúdar caife agus é sin a chur i bpacáistí. Is féidir le monarcha Tarara trí oiread níos mó a thuilleamh as caife rósta a dhíol i bpacáistí le siopaí agus ollmhargaí ná as na pónairí caife amh a dhíol leis na cuideachtaí móra idirnáisiúnta. Fostaíonn Uncail Teudros roinnt mhaith oibrithe áitiúla a shaothraíonn beatha maith.

Chonaic Proudly Made in Africa go raibh caife Tarara de chaighdeán maith agus go gcabhraíonn sé chun poist mhaithe a chruthú san Aetóip, mar sin thug siad an stampa dó a deir 'Proudly Made in Africa'.  Tá a gcuid caife ar díol anois sna siopaí is fearr in Addis Ababa, príomhchathair na hAetóipe. Easpórtálann Tarara a gcaife próiseáilte chuig ollmhargadh sa Ghearmáin freisin.




*Caife Tarara, © Tarara/PMIA*

## Ceisteanna faoi Tarara

- Ainm agus suíomh an ghnó: Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinne an gnó seo?
- Cé nó cad ba chúis leis an athrú seo?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- Cén difríocht a rinneadh tríd an caife a phacáistiú?
- Cén difríocht atá déanta ag an ngnó seo ar shaol na ndaoine sa phobal?
- Tríd an gcaife a phróiseáil agus a................tá Tarara ag cur faoi thrí lena shlabhra breisluacha ar mhaithe lena ghnó.

## Táirgí ó ábhair athchúrsáilte: Sole Rebels

Bean óg í Betlehem a bhí ina cónaí san Aetóip agus ar thaitin faisean agus dearadh léi. Bhí staidéar déanta aici ar an gcoláiste agus d'fhoghlaim sí conas bróga a dhéanamh. Ach bhí leathair ar ardchaighdeán costasach, mar sin bhí sé deacair beatha a shaothrú ó bhróga a dhéanamh.

Bhí gléasra athchúrsála gar do cheardlann Betlehem. Thug sé sin smaoineamh iontach di. Rinne an cheardlann athchúrsáil ar gach cineál táirge, lena n-áirítear boinn gluaisteáin. Thosaigh Betlehem ar bhróga a dhearadh ag baint úsáid as na boinn athchúrsáilte le haghaidh boinn na mbróg.

Thaitin na bróga le daoine agus thug Betlehem Sole Rebels ar an gcuideachta. Díoladh cuid mhór bróga toisc nach ndéanann siad dochar don chomhshaol, bhí siad faoi chóras Fairtrade agus faiseanta, agus rinneadh iad ó thús deireadh san Aetóip.

De réir mar a chuir níos mó agus níos mó daoine spéis i mbróga Sole Rebel, thosaigh Betlehem ag fostú líon maith oibrithe. Cuir sí oiliúint orthu i dtaca le bróga lámhdhéanta d'ardchaighdeán a dhéanamh, ag baint úsáid as scileanna traidisiúnta. Chinn sí ansin bróga a dhearadh a mbeadh scileanna traidisiúnta na gceardaithe le húsáid chun iad a dhéanamh.



*© Sole Rebels*

Tá an oiread sin de thóir ar dhearaí Betlehem anois go bhfuil siopaí Sole Rebel i gcathracha móra ar fud an domhain. Is féidir leat iad a cheannach ar Amazon fiú.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.solerebels.com**

## Ceisteanna faoi Sole Rebels

- Ainm agus suíomh an ghnó:
- Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinneadh sa ghnó seo?
- Cé nó cad a chruthaigh an t-athrú?
- An bhfuil an gnó níos rathúla mar thoradh ar an athrú?
- Cén difear a rinne an t-athrú sin do shaol na n-oibrithe?
- Ní hamháin go bhfuil bróga Sole Rebel ag cruthú post agus ag cabhrú leis an ngeilleagar, tá siad ag cabhrú freisin chun................a chosaint.

## Comharchumann na mBan: Lulu Life sa tSúdáin Theas

Is comharchumann de 400 bean sa tSúdáin Theas é Lulu Life, a bhíodh ag saothrú a mbeatha trí chnónna cairíté a d'fhás ina gceantar féin a dhíol. Ach bhí siad ag fáil praghas an-íseal orthu, mar sin shocraigh siad go ndéanfadh siad na cnónna cairíté a phróiseáil iad féin chun 'im sí' agus táirgí áilleachta nádúrtha eile a dhéanamh in ionad na cnónna cairíté amh a dhíol. Tá cuid mhór oibre i gceist leis sin – na cnónna cairíté a bhrú trí iad a thuargan; iad a fhuarbhrú leis an ola a tháirgeadh; agus na holaí a scagadh.

Roimhe seo, nuair a dhíol siad na cnónna cairíté amh, fuair siad **€3.75 in aghaidh an chileagraim**, ach trí im sí a dhéanamh agus a dhíol, thuill siad **€7.50 in aghaidh an chileagraim**: dhá oiread agus a bhíodh siad ag saothrú. Cuireann cuideachtaí san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe an t-im sí i dtobáin bheaga bhrandáilte agus déanann siad a lán brabúis nuair a dhíolann siad é.




© Lulu Life



© Value Added in Africa agus Theresa Moynes

Ansin thosaigh siad ag déanamh roinnt táirgí ón ola ar nós gallúnach, im sí, sciomradh siúcra, agus balsam béil; agus chuir siad i bpacáistí an-snasta iad.

Ós rud é nach bhféadfadh an gnó seo ach 200 post a chur ar fáil, chinn na mná go léir dul ag obair go páirtaimseartha ionas go bhféadfadh daoine as 400 teaghlach dul ag obair agus pá a thuilleamh. Chabhraigh eagraíocht áitiúil, le tacaíocht ó Trócaire, leis na mná iad féin a eagrú agus a gcuid táirgí a fheabhsú. Ceann de na rudaí is deacra a bhain leis ná a fháil amach conas a gcuid táirgí a mhargú agus praghas cóir a fháil. Nuair a thosaigh siad ag díol trí Fairtrade chabhraigh sé sin go mór leo praghas cothrom a fháil. Ach ba rud ríthábhachtach freisin é gurb iad na mná féin atá ag iompú na gcnónna in im sí.

I ngeall air sin, thosaigh mná Lulu Life ag díol cuid dá n-im sí i dtobáin bheaga lena lógó féin orthu freisin. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir leo €52.50 a thuilleamh in aghaidh an chileagraim – seacht n-uaire níos mó ná mar a thuilleann nuair a dhíolann siad an t-im sí ar an mórchóir! A bhuí lena gcuid dúthrachta agus scileanna, tá mná Lulu Life ag déanamh fíorathrú ar shlite beatha a dteaghlaigh agus a bpobal.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.lululife-sheabutter.com**



*Mná Lulu Life ag an obair*
*© Value Added in Africa agus Theresa Moynes*

## Ceisteanna faoi Lulu Life

- Ainm agus suíomh an ghnó: Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú a rinneadh sa ghnó seo?
- Cé nó cad a chruthaigh an t-athrú?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- An bhfuil an gnó níos rathúla mar thoradh ar an athrú?
- Cén difear a rinne an t-athrú seo do shaol na n-oibrithe, agus do dhaoine eile sa phobal?
- Trína dtáirge a................rinne mná Lulu Life an luach a dhúbailt, agus ansin trí é a................ thuill siad seacht n-uaire an luach!

## Nuálaíocht dhigiteach: Stiúideo Ang sa Chéinia

Tá cónaí ar Bobb Muchiri i Nairobi, príomhchathair na Céinia. Fear óg cliste é ar thaitin an ealaín agus an dearadh leis riamh. Nuair a thug a mhúinteoir cead dó imirt ar a ríomhaire glúine, d'fhoghlaim Bobb go tapa conas dearadh grafach a dhéanamh. Rinne sé staidéar go dúthrachtach ar scoil agus bhí sé in ann dul chuig an gcoláiste agus oiliúint a fháil mar dhearthóir beochana.

Bhunaigh Bobb agus cúpla mac léinn eile comhlacht deartha beag ar a dtugtar 'Studio Ang'. Déanann siad físeáin fógraíochta do chuideachtaí, agus físeáin cheoil d'amhránaithe agus ceoltóirí na Céinia. Ach thar aon ní eile, is maith le Bobb é nuair a fhaigheann siad conradh chun beochana a dhéanamh. Is maith leis na carachtair a chruthú agus an scéal a chumadh agus a mhúnlú ionas go gcuireann sé teachtaireacht shoiléir in iúl.



*© Studio Ang*

Sular bunaíodh Studio Ang, nuair a bhí cuideachtaí na Céinia ag iarraidh físeáin fógraíochta a dhéanamh, bheadh orthu cuideachta i Londain nó i bPáras a íoc chun é a dhéanamh dóibh. Anois iarrann go leor cuideachtaí ar Bobb agus Studio Ang na físeáin a dhéanamh sa Chéinia. Is nuálaí é Bobb atá ag forbairt a fhoireann agus ag cruthú níos mó post do dhaoine óga cruthaitheacha eile sa Chéinia.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.StudioAng.tv**

## Ceisteanna faoi Studio Ang

- Ainm agus suíomh an ghnó:
- Táirge nó táirgí:
- Cad é an t-athrú nó nuálaíocht a chuir an gnó seo i bhfeidhm?
- Cé a chuir i bhfeidhm é?
- An bhfuair siad aon tacaíocht? Más rud é go bhfuair, cén áit as ar tháinig an tacaíocht sin?
- Cén difear a rinne an t-athrú seo do shaol na ndaoine a bhunaigh é agus do dhaoine eile sa phobal?
- Nuair a chuireann tú fiontar nua ar bun áit éigin nach ndearnadh roimhe é, tugtar................air.

# Nótaí do Mhúinteoirí: Roinnt fíricí bunúsacha faoi Chorparáidí Ilnáisiúnta (MNCS)

**Foinsí:** **http://www.coolgeography.co.uk/GCSE/Year11/EconomicGeog/Industry/TNCs/basic_facts_about_tncs.htm**

**http://www.bbc.co.uk/bitesize/ks3/geography/interdependence/globalisation/revision/3/**

**https://newint.org/blog/2016/09/16/corporations-running-the-world-used-to-be-science-fiction**

**Sainmhíniú:** Is éard is corparáid ilnáisiúnta nó cuideachta ilnáisiúnta (MNC) ann ná corparáid nó cuideachta ar leis fochuideachta (mionchuideachta), nó ag a bhfuil leas rialaithe i bhfochuideachta, i dtír amháin nó níos mó nach é an tír ina bhfuil an mháthairchuideachta cláraithe. Mar is amhlaidh i gcás aon chuideachta, tá oibleagáid ar MNC uasmhéadú a dhéanamh ar bhrabúis dá scairshealbhóirí. Tugtar corparáidí trasnáisiúnta (TNCanna) ar MNCanna freisin.

**Líon:** Le fiche nó tríocha bliain anuas, tá líon agus méid na MNCanna ag méadú go mór. In 1970, bhí thart ar 7,000 MNC ar fud an domhain, ach faoi 2006 bhí beagnach 80,000 MNC ag feidhmiú ar fud an domhain (Ghemawat & Pisani, 2013). De ghnáth bíonn fochuideachtaí ag na MNCanna is mó i mbeagnach gach earnáil agus tír. Tá an iliomad MNCanna lonnaithe i dtíortha saibhre, ach tá méadú tagtha freisin ar líon na gcorparáidí sna tíortha níos saibhre atá i mbéal forbartha.

**Suntasacht:** Is iad na MNCanna is mó ar domhan príomhspreagadh na táirgeachta agus na trádála idirnáisiúnta. Is iad an 500 MNC is cumhachtaí a dhéanann níos mó ná 70% den trádáil idirnáisiúnta (Pennybaker, 2017). Tugtar 'fathaigh idirnáisiúnta' ar MNCanna (Pennybaker, 2017), agus bíonn díolacháin dar luach idir 51 bhilliún dollar agus 247 mbilliún dollar acu in aghaidh na bliana.

Bíonn idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint le MNCanna do na tíortha ina n-oibríonn siad. Féach an nasc seo a leanas chun tuilleadh eolais a fháil faoi seo, eolas atá curtha i láthair i bhformáid shimplithe: **http://www.bbc.co.uk/bitesize/ks3/geography/interdependence/globalisation/revision/3/**

Is foinse úsáideach é an nasc chuig an New Internationalist (thuas) chun tuilleadh eolais a fháil faoi na contúirtí a bhaineann le forleithne na MNCanna, atá ag dul i méid sa gheilleagar domhanda. Dar leis an New Internationalist, in 2016, ba MNCanna 69 den 100 eintiteas eacnamaíoch is saibhre ar domhan, agus ba thíortha iad 31 acu. Tá sé tuartha acu go mbeidh an domhan faoi cheannas na gcorparáidí ollmhóra seo laistigh de ghlúin.

### Tagairtí

Ghemawat, P. and Pisani, N. (2013). Are multinationals becoming less global? *Harvard Business Review*, 28 Deireadh Fómhair, 2013. **https://hbr.org/2013/10/are-multinationals-becoming-less-global** Arna rochtain an 17 Samhain 2017.

Pennybaker, H. (2017). Facts about multinational corporations. **https://bizfluent.com/info-8686510-multinational-corporations.html** Arna rochtain an 17 Samhain 2017.

## Cuid de na cuideachtaí ilnáisiúnta is mó

- Apple
- Toyota Motor
- Microsoft
- McDonald's
- General Electric
- Facebook
- Amazon
- Nestlé
- Kraft Foods
- H&M
- Unilever
- Faber-Castell
- IKEA
- Starbucks
- Maggi
- Kenya Airways
- Fiat
- BBVA
- SAS Institute
- Samsung
- Walt Disney
- Coca-Cola
- Google
- Expedia
- IBM
- Nike Inc.
- Alibaba
- American Airlines
- Haliburton
- Procter &Gamble
- Cadbury Schweppes
- Knorr
- Monsanto Company
- Mattel
- Ethiopian Airlines
- Wal-Mart Inc.
- Industrial and Commercial Bank of China

# AONAD 4:

## FÉADAIMID A BHEITH CÁIRÉISEACH

# AONAD 4: FÉADAIMID A BHEITH CÁIRÉISEACH

## **Aonad 4 Gníomhaíocht 1:** Slí bheatha – tá níos mó i gceist leis ná pá a shaothrú

**An Príomh-choincheap:** A thábhachtaí atá slite beatha do chumas na ndaoine caighdeán leordhóthanach maireachtála a chur ar fáil dóibh féin agus dá gcleithiúnaithe, go háirithe i dtíortha san Afraic.

Le go mbeidh daltaí ar an eolas faoin gcaoi ar féidir leo cur go dearfach le slí bheatha na ndaoine sna pobail sin trí roghanna a dhéanamh ina saol laethúil féin mar thomhaltóirí.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Timpeallachtaí Daonna; Aonad Snáithe: Daoine agus tíortha eile

***Cuspóir:***

- Staidéar a dhéanamh ar roinnt ghnéithe de thimpeallachtaí agus shaol daoine atá in áit eile ar domhan

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan i gcoitinne; Aonad Snáithe: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Eolas agus tuiscint a fháil ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain

**Comhtháthú:**

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Timpeallachtaí Daonna; Aonad Snáithe: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Tuiscint a fháil ar na héagothromaíochtaí idir an domhan forbartha agus an domhan atá i mbéal forbartha

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Míniú a thabhairt ina bhfocail féin ar na téarmaí seo a leanas: cáilíocht saoil, caighdeán maireachtála, slite beatha.
- Cur síos ar an nasc idir ioncam agus gnéithe eile de shlí bheatha agus cáilíocht saoil.
- Bealaí a shainaithint inar féidir leo, mar thomhaltóirí agus mar shaoránaigh dhomhanda, cur le slí bheatha na dtáirgeoirí i dtíortha na hAfraice.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Sainmhínithe ar Shlí Bheatha agus ar théarmaí eile (féach thíos)

**Acmhainní:** Cártaí slí bheatha – mar atá curtha ar fáil – a phriontáil agus a ghearradh ina sraitheanna do gach grúpa de cheathrar daltaí.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Tobsmaoineamh agus bileog oibre
- Ceisteanna agus plé
- Gníomhaíocht i ngrúpaí beaga
- Plé
- Measúnú

## Nós imeachta Mionsonraithe

### Ceist agus Plé: Cáilíocht mhaith saoil

- An cheist seo a leanas a scríobh agus a chur i láthair don rang: *Cad atá ag teastáil ó dhaoine chun go mbeidh cáilíocht mhaith saoil acu?*
- Iarr ar na daltaí ina mbeirteanna liosta a chur le chéile mar fhreagra ar an gceist seo.
- Scríobh a gcuid freagraí ar chlár bán idirghníomhach/smeach-chairt faoi na ceannteidil seo a leanas:
- **Gnéithe Fisiciúla; Pearsanta; Sóisialta; Airgeadais; Eile**
- Fiafraigh díobh, *Cad a d'fhéadfadh duine a stopadh nó a chosc ó cháilíocht mhaith saoil a bhaint amach?*

Scríobh a gcuid freagraí ar chlár/smeach-chairt faoi na ceannteidil chéanna.

### Caighdeán maireachtála leordhóthanach.

- Meabhraigh do na daltaí go bhfuil níos mó ná airgead nó ioncam ag baint leis an gcáilíocht saoil atá pléite acu, agus nach mór do dhaoine i ngach áit a bheith in ann soláthar dóibh féin agus dá dteaghlaigh ar an gcéad dul síos ionas gur féidir leo saol cuibhiúil a chaitheamh agus freastal ar a gcuid riachtanas. Má tá tú in ann é sin a dhéanamh, ciallaíonn sé go bhfuil **caighdeán maireachtála leordhóthanach** nó maith agat.

Is féidir ioncam a thuilleamh, nó beatha a shaothrú chun íoc as do chuid riachtanas agus riachtanais do theaghlaigh trí phost a bheith agat agus airgead a thuilleamh, nó an méid a tháirgeann tú a dhíol, nó trí sheirbhís de chineál éigin a chur ar fáil. Tugtar do **shlí bheatha** ar an mbealach a shaothraíonn tú do bheatha.

- Cuir na sleachta seo a leanas de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe ar taispeáint agus léigh amach iad:

*Tá ag gach aon duine an ceart ar chaighdeáin mhaireachtála is leor do shláinte agus do leas an duine féin is sláinte a theaghlaigh, lena n-áirítear bia, éadach, tithíocht, cúram liachta, agus na seirbhísí sóisialacha is gá; tá an ceart aige ar shlándáil i gcás dífhostaíochta, breoiteachta, éagumais, baintreachais, seanaoise nó aon easpa eile slí mhaireachtála in imthosca atá taobh thall dá rialú.*
**Dearbhú na Náisiún Aontaithe um Chearta Uilechoiteann an Duine, 1948, Airteagal 25**

*Tá ag gach aon duine an ceart ar chaighdeáin mhaireachtála leordhóthanach don duine féin is dá theaghlach, lena n-áirítear bia, éadach agus tithíocht leordhóthanach, agus feabhas leanúnach ar a dhálaí maireachtála.*
**Cúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Eacnamaíocha agus Cultúrtha, 1996, Airteagal**

(Mínigh do na daltaí go n-úsáideann na Náisiúin Aontaithe na téarmaí "é/í" sa leagan Béarla, seachas díreach "é" a úsáid agus tagairt á déanamh d'fhir agus do mhná araon, mar a rinneadh san am atá caite)

- Déan cinnte de go dtuigeann daltaí an fhoclaíocht go léir atá sna ráitis. Iarr ar na daltaí míniú a thabhairt ina bhfocail féin ar na Náisiúin Aontaithe. Mura bhfuil a fhios acu, mínigh go bhfuil na Náisiúin Aontaithe cosúil le comhlachas de bheagnach gach tír nó náisiún ar domhan (193 ballstát, Éire ina measc), a bunaíodh in 1945 tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Is é an aidhm atá aige gur cheart do gach tír oibriú le chéile chun domhan níos síochánta agus níos cothroime a bhaint amach do gach duine i ngach áit, agus chun an comhshaol a chosaint.
- Cuir ceist ar na daltaí an aontaíonn siad leis an méid atá luaite i ndearbhuithe na Náisiún Aontaithe thuas agus téigh i mbun plé. An gceapann siad go bhfuil gach duine ag fáil na gceart sin ar fud an domhain sa lá atá inniu ann, blianta fada tar éis do thíortha uile na Náisiún Aontaithe na cearta sin a chomhaontú? Mura bhfuil, cén fáth?

### Gníomhaíocht Ghrúpa ar Shlite Beatha

Inis do na daltaí go bhfuil siad chun tabhairt faoi ghníomhaíocht ar **shlite beatha.**

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr/cheathrar agus cur ina suí timpeall boird iad. Tabhair sraith 'Cártaí Slí Beatha' amach, béal faoi, i gcarn agus bileog scórála do gach grúpa. Iarr orthu a n-ainmneacha agus scór tosaigh de 10 do gach duine a líonadh isteach.
- Iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil cónaí orthu i bpobal feirmeoireachta tuaithe sa Tansáin in oirthear na hAfraice. Tá a gcáilíocht saoil measctha faoi láthair; tá roinnt gnéithe go maith agus roinnt gnéithe nach bhfuil chomh maith céanna.
- Léigh amach próifíl a bpobail:

*Tá cónaí ort i bpobal tuaithe beag d'fheirmeoirí beaga i sráidbhaile Bahati in iardheisceart na Tansáine. Fásann tú do chuid bia féin, agus díolann tú aon bharrachas ag an aonach sa bhaile is gaire duit, cúig chiliméadar ar shiúl. Níl aon chlinicí sláinte ná scoileanna i do shráidbhaile. Ní mór uisce a fháil ó thobar i sráidbhaile eile, agus níl aon bóithre cearta ann. Ní mór do pháistí cúig chiliméadar a shiúl le dul ar scoil. Bailíonn tú adhmad ón bhforaois le haghaidh cócaireachta.*

### Treoracha maidir leis an nGníomhaíocht ar Shlite

**Beatha Léigh amach an méid seo a leanas:**

- Tá tú anois chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoi shlite beatha sa sráidbhaile. Seo mar a oibríonn sé: tá carn de chártaí slí beatha agus bileog scórála agus peann ag gach grúpa.
- Tosaíonn gach duine amach le rátáil cáilíochta saoil de 10 bpointe. Is é an cuspóir atá ann do scór a mhéadú, trí do shlí bheatha a fheabhsú. [Nótaí do Mhúinteoirí: An scór tosaigh de 10 bpointe atá acu, mar thomhas ar a gcáilíocht saoil, tá sé bunaithe ar mheán-áit a lán tíortha Afracacha ar Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Daonna (ar a bhfuil scór ag Éirinn de 40)].
- Cibé acu an éireoidh leat do scór a mhéadú nó nach n-éireoidh, beidh sé sin ag brath ar na cártaí slí bheatha a phiocann tú suas.
- Nuair atá sé in am tosú, piocfaidh gach duine agaibh cárta suas ar a seal agus léifidh sibh amach an méid atá scríofa air (is féidir leis an múinteoir an duine a chuirfidh tús leis a roghnú bunaithe ar aois/suíomh ag bord etc.). Déanfaidh gach cárta do scór a mhéadú nó a laghdú; déanfar gach scór a thaifeadadh.

- D'fhéadfadh roinnt de na cártaí scóir an ghrúpa ina iomláine, nó níos mó ná duine amháin, a laghdú nó a mhéadú.
- Nuair a bheidh na cártaí go léir pioctha suas, cuir na scóir iomlána do gach duine sa ghrúpa le chéile, chun a fháil amach cé mhéad acu a chuir feabhas ar a gcáilíocht saoil trí shlite beatha níos fearr.
- Tar éis comhartha a thabhairt do na daltaí go bhfuil sé in am tosú, tabhair 20 nóiméad dóibh an cluiche a imirt, agus ansin déan a gcuid scóir a chomhaireamh.
- Iarr orthu a chur in iúl, trína lámha a chur in airde, cé ar éirigh leo a gcáilíocht saoil a fheabhsú; an raibh cáilíocht saoil aon duine laghdaithe ag an deireadh? Cé a fuair na scóir is airde i ngach grúpa.

**Plé**

- Fiafraigh de gach grúpa: cad a tharla? Cén chaoi ar bhraith tú faoi?
- Iarr sampla nó dhó ó dhaoine a mhéadaigh nó a laghdaigh a scór tosaigh agus fiafraigh díobh cad ba chúis leis an méadú/laghdú.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí gur le **slite beatha** a bhain an ghníomhaíocht seo.
- Taispeáin liosta na **sócmhainní slí bheatha** thíos.

Inis dóibh gur rudaí maithe iad sócmhainní, agus go gcuidíonn sócmhainní slí beatha leat do bheatha a shaothrú. Mura bhfuil na sócmhainní seo agat, bíonn sé deacair duit beatha a shaothrú agus cáilíocht mhaith saoil a bheith agat:

**Sócmhainní slí bheatha:** Is féidir iad a ghrúpáil faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **Sócmhainní Fisiciúla:** e.g. an comhshaol, an aeráid, rochtain ar bhia, dídean agus breosla/fuinneamh, seirbhísí sláinte, iompar, uirlisí agus innealra, siopaí, margaí etc.
- **Sócmhainní Airgeadais:** e.g. obair, pá íosta nó pá maireachtála, praghas a fhaigheann tú ar do tháirgí, íocaíocht chosanta shóisialta ón rialtas, cúnamh ó thíortha eile nó ó charthanais, iasachtaí bainc etc.
- **Sócmhainní Sóisialta:** e.g. teaghlach, teaghlach sínte, cairde, comharsana, pobal etc.
- **Sócmhainní Pearsanta:** e.g. oideachas, sláinte, scileanna, eolas, taithí, meabhairshláinte, féinmheas, dearcadh, cinneadh, scileanna idirphearsanta, etc.
- **Eile:** e.g. seans nó 'ádh' (dea-ádh nó droch-ádh), timpistí, aimsir, srl.
- Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt de ghníomhaíocht an chárta faoi gach catagóir de shócmhainní slí bheatha a raibh tionchar acu ar a dteaghlaigh. Nó samplaí a thabhairt den tionchar diúltach a bhí acu.
- Fiafraigh díobh an gceapann siad go dtarlaíonn na cásanna nó na himeachtaí a bhfuil cur síos orthu sna cártaí san fhíorshaol.
- Pléigh na bealaí a bhfuil na catagóirí éagsúla sin go léir nasctha le chéile, e.g. beidh tionchar ag do shláinte ar do chumas obair a dhéanamh agus do bheatha a shaothrú; cuirfidh oideachas ar do chumas post maith a fháil nó do shlí bheatha a fheabhsú ar bhealach éigin.

- Cinntí nó gníomhartha a dhéanann daoine atá i bhfad ar shiúl, féadfaidh siadsan tionchar a imirt ar do shlí bheatha ar bhealaí dearfacha nó diúltacha freisin: iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt ó ghníomhaíochtaí rialtais nó idirghabhálacha idirnáisiúnta, nó an t-athrú aeráide a chur isteach ar a slite beatha.
- Cad is féidir leat a rá faoi cháilíocht saoil an phobail seo ón eolas atá ar na cártaí seo?
- Conas a bheadh sé i gcomparáid le pobal feirmeoireachta tuaithe in Éirinn? Cad iad na gnéithe a bheadh cosúil lena chéile agus difriúil óna chéile?

**Plé a bhaineann le Cás-Staidéir in Aonad 3**

Meabhraigh do na daltaí na Cás-Staidéir a scrúdaigh siad in Aonad 3. Ag baint úsáid as sampla nó dhó de chásanna i nGníomhaíocht na Slite Beatha, fiafraigh díobh cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna sin ar ghnólachtaí den chineál seo. Cad a d'fhéadfadh úinéirí gnó agus/nó fostaithe a dhéanamh chun a dtáirge/díolacháin/slite beatha a chosaint?

Ag baint úsáid as roinnt samplaí de na Cásanna Staidéir, fiafraigh de na daltaí conas a feabhsaíodh slite beatha i bpobail áitiúla trí na gnólachtaí seo.

**Measúnú:** Iarr ar na daltaí an méid a d'fhoghlaim siad ón ngníomhaíocht seo a scríobh síos.

**Gníomhaíocht Forleathnúcháin:**

Cabhraigh leis na daltaí Innéacs Forbartha Daonna 2016 de chuid Chlár Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe d'Éirinn agus do thíortha eile a chuardach ar an leathanach gréasáin thíos. D'fhéadfadh siad é seo a dhéanamh ina mbeirteanna. Cuardóidh gach péire Éire agus tír amháin eile ar an Innéacs um Fhorbairt Daonna

**http://hdr.undp.org/en/countries**

**Cártaí Slí Bheatha:** cóipeáilte agus gearrtha, sraith amháin do gach grúpa:

| | |
|---|---|
| Tá tú tar éis dul i bpáirt le daoine eile i do cheantar áitiúil chun comharchumann a reáchtáil bunaithe ar phrionsabail Fairtrade.<br><br>**Cuireann gach duine sa ghrúpa 4 phointe lena scór** | Tá do ghnó nua, cearca a thógáil, ag déanamh brabúis.<br><br>**Cuir 3 phointe le do scór** |
| Ghlac cuid den phobal páirt i gclár oiliúna i scileanna gairme a d'eagraigh eagraíocht neamhrialtasach áitiúil. Ag tosú leis an duine a roghnaigh an cárta **cuireann gach dara duine sa ghrúpa 2 lena scór** | Buaileadh do cheantar le tuilte agus ní féidir taisteal ar chuid de na bóithre. Níl aon bhealach agat chun do chuid táirgí a thabhairt chuig an aonach – lobhfaidh siad. Ag tosú leis an duine a roghnaigh an cárta **bainfidh gach dara duine sa ghrúpa 2 phointe dá scór** |
| Tá foinse ghlan uisce óil ar fáil anois i do phobal. Tá teacht agat anois ar uisce atá níos gaire duit agus tá tú níos folláine.<br><br>**Cuireann gach duine sa ghrúpa 2 phointe lena scór** | Bhí tú in ann iasacht bheag a fháil le cúnamh ó ghrúpa áitiúil agus iasacht ón mbanc sa bhaile. Leis na hiasachtaí sin tá tú in ann gnólacht beag a thosú.<br><br>**Cuir 3 phointe le do scór** |

| | |
|---|---|
| Tá cáin nua curtha ar earraí a dhíolann tú ag an aonach.<br><br>Ag tosú leis an duine a roghnaigh an cárta **bainfidh gach dara duine sa ghrúpa 1 phointe dá scór** | Toghadh rialtas nua a chuireann bunoideachas ar fáil do gach leanbh.<br><br>**Cuireann gach duine sa ghrúpa lena scór** |
| Tá crainn curtha ag an bpobal in áit na foraoise a baineadh.<br><br>**Cuireann gach duine sa ghrúpa 1 phointe lena scór** | Fuair tú iasacht chun bó a cheannach. D'éirigh do bhó tinn agus fuair sí bás toisc nach raibh teacht agat ar leigheas di. Conas a íocfaidh tú an iasacht ar ais?<br><br>**Bain 2 phointe de do scór** |
| Chuaigh an foraois trí thine agus tá laghdú tagtha ar an mbia agus ar an soláthar breosla atá ag gach duine.<br><br>**Bainfidh gach duine sa ghrúpa 2 phointe dá scór** | Comhghairdeas! Tá tú pósta. Tá do líonra teaghlaigh agus cairde dúbailte.<br><br>**Cuireann tú féin agus an duine ar gach taobh duit 2 phointe le bhur scóir** |
| Tógadh bóthar nua chun rochtain níos fearr a thabhairt do do shráidbhaile ar aontaí agus ar sheirbhísí sna bailte in aice láimhe.<br><br>**Cuireann gach duine sa ghrúpa 3 phointe lena scór** | Díoladh do chuid uirlisí feirmeoireachta chun íoc as leigheas do do mhac nuair a bhí sé tinn. Le cuidiú an leighis tháinig do mhac chuige féin go hiomlán.<br><br>**Cuir 1 phointe le do scór agus bain 1 phointe de** |
| Tá teaghlach mór folláin agat. Agus gach duine agaibh ag obair le chéile ar an bhfeirm tá sibh in ann barr mór a tháirgeadh a chuireann go leor bia ar fáil do do theaghlach chomh maith le bia breise is féidir a dhíol. **Cuireann tú féin agus an duine ar gach taobh duit 2 phointe le bhur scóir** | D'éirigh do theaghlach ar fad tinn tar éis an t-uisce áitiúil a ól – ní raibh aon duine in ann a bheith ag obair ar feadh roinnt laethanta agus chaill tú 10% de do bharr.<br><br>**Baineann tú féin agus an duine ar gach taobh duit 3 phointe de bhur scóir** |
| A bhuí le coigiltis do thuismitheoirí, cé go raibh cruatan i gceist dá bharr, bhí tú in ann do chuid oideachais meánscoile a chríochnú.<br><br>**Bain 1 phointe de do scór agus cuir 3 cinn leis** | Tá caidreamh maith oibre agat le do chomharsana agus le do phobal.<br><br>**Cuireann tú féin agus an duine ar gach taobh duit 2 phointe le bhur scóir** |
| Tá na mná tar éis páirt a ghlacadh i gclár forbartha pearsanta a d'eagraigh an rialtas agus tá siad anois níos rannpháirtí sa phobal agus i gcúrsaí gnó.<br><br>**Cuireann gach cailín sa ghrúpa 2 phointe lena scór** | Ní féidir leatsa ná le do theaghlach léamh. Fágann sé sin go bhfuil sé an-deacair duit eolas a fháil faoi conas do chleachtais bainistithe feirme a fheabhsú.<br><br>**Baineann tú féin agus an duine ar gach taobh duit 2 phointe de bhur scóir** |

*(Tá na cártaí seo bunaithe ar acmhainn a d'fhorbair Comhairle Saskatchewan um Chomhar Idirnáisiúnta, féach http://earthbeat.sk.ca/for-educators-and-youth/resources/lesson-plans/#grade11-12-tab)*

**Teimpléad na Bileoige Scórála**

| | Ainm | Scór Tosaigh | Athruithe ar na scóir (+ & —) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |

## **Aonad 4 Gníomhaíocht 2:** Roghanna tomhaltóirí:

**An Príomh-choincheap:** Mar thomhaltóirí, is féidir le daoine roghanna eiticiúla a dhéanamh faoi na táirgí a cheannaíonn siad agus a chaitheann siad, bunaithe ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine, leis an gcomhshaol, le ceartas polaitiúil agus sóisialta, agus le cearta ainmhithe. Mar shaoránaigh dhomhanda, ní mór dúinn roghanna eolasacha agus eiticiúla tomhaltais a dhéanamh chun tacú le pobail in áiteanna eile ar domhan.

**An méid ama atá ag teastáil:** 60 nóiméad

## An Curaclam

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan i gcoitinne; Aonad Snáithe: Ag forbairt saoránachta

***Cuspóir:***

- Eolas agus tuiscint a fháil ar dháileadh éagothrom acmhainní an domhain

OSPS; Snáithe: Mise agus an domhan i gcoitinne; Aonad Snáithe: Oideachas ar na Meáin

***Cuspóir:***

- An lucht féachana a aithint a bhfuil gnéithe éagsúla de na meáin dírithe orthu
- A bheith ar an eolas faoi na cineálacha éagsúla fógraíochta atá ann, cuspóir na fógraíochta agus na teachtaireachtaí a chuireann sí chun cinn
- Éirí níos criticiúla agus níos géarchúisí ina ndearcthaí féin ar fhógraíocht agus ar na teicnící a úsáidtear chun táirgí, stíleanna maireachtála agus smaointe a chur chun cinn

**Comhtháthú:**

Tíreolaíocht OSIE: Snáithe: Timpeallachtaí Daonna; Aonad Snáithe: Ceisteanna a bhaineann le trádáil agus le forbairt

***Cuspóir:***

- Ceisteanna a bhaineann le trádáil a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na tráchtearraí is mó ar domhan

## Torthaí Foghlama

Go mbeidh daltaí in ann an méid seo a dhéanamh:

- Na roghanna a dhéanann siad mar thomhaltóirí a mhíniú, ag tabhairt samplaí de na nithe a imríonn tionchar ar na roghanna sin.
- Bealaí a aithint inar féidir linn teorainn a chur lenár dtomhaltas.
- Samplaí a thabhairt de chúiseanna eiticiúla le táirgí a roghnú nó gan iad a roghnú.
- Bealaí a shainaithint ina bhféadfadh tomhaltóirí roghanna níos eolasaí agus níos eiticiúla a dhéanamh, agus conas a d'fhéadfadh siad leas a bhaint as a gcumhacht mar thomhaltóirí chun tionchar a imirt ar chleachtais.
- An méid atá foghlamtha acu faoi thrádáil eiticiúil inbhuanaithe a mhíniú agus a chur in iúl do dhaoine eile.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** Eolas cúlra faoin Tomhaltas Eiticiúil (féach leathanach 97)

**Na hábhair atá de dhíth:** Go leor cumhdaigh agus pacáistiú ó réimse leathan táirgí do gach péire daltaí – píosa amháin in aghaidh an phéire ar a laghad. Bíodh earra Fairtrade amháin ar a laghad ina measc. Sraith de Chártaí Rogha Tomhaltóirí do gach grúpa de cheathrar nó cúigear.

## Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Introductory activity
- Dictionary work
- Discussion
- Small group Work
- Assessment

## Nós imeachta Mionsonraithe

**Réamhrá**

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna eile chun tús a chur le plé ginearálta ranga faoi thomhaltachas, agus déan na príomhphointí a thaifeadadh ar an gclár bán/smeach-chairt. Ná déan trácht ná plé ar fhreagraí na ndaltaí ag an gcéim seo; ná déan ach liosta díobh a chur le chéile:

- Cad iad na rudaí is maith leat a cheannach nuair a théann tú ag siopadóireacht?
- Cén fáth a gceannaíonn daoine rudaí?
- Cén fáth nach gceannaíonn daoine rudaí?

**Gníomhaíocht i nGrúpaí Beaga – Rogha Tomhaltóirí**


Roimh an ngníomhaíocht, priontáil amach agus gearr suas sraith de naoi gcárta Rogha Tomhaltóirí do gach grúpa.

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair sraith cártaí do gach grúpa.
Iarr an méid seo ar na daltaí:

1. A machnamh a dhéanamh agus iad ag siopadóireacht ar cé acu den dá fháth dhéag seo a mbeadh tionchar acu ar a gcinneadh rud éigin a cheannach. Is féidir leo an cineál táirge a aontú nó é a bheith tugtha dóibh, e.g. bia agus deoch; gléas leictreonach; éadaí.
2. Teacht ar chomhaontú maidir leis na cártaí a rangú mar ghrúpa, bunaithe ar rogha thromlach an ghrúpa, ó haon go dó dhéag, agus na cártaí a leagan amach i líne ó na fáthanna is tábhachtaí le táirgí a cheannach, go dtí na cinn is lú tábhachta, na cinn is tábhachtaí ag an mbarr agus na cinn is lú tábhachta ag an mbun, gan níos mó ná dhá chárta a chur ar chomhchéim.

*Nó*

D'fhéadfadh siad na cártaí a rangú i gcruth diamaint:
Tabhair 10 nóiméad dóibh leis an méid sin a dhéanamh.



**Cártaí Rogha Tomhaltóirí – de ghnáth ceannaíonn tú earra i ngeall ar na fáthanna seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Is é an ceann is saoire é nó toisc go bhfuil margadh air. | Tá an lógó Fairtrade air |
| An chuideachta a tháirgeann é, tá a fhios agat go ndéanann siad cinnte aon damáiste don chomhshaol a sheachaint. | Tá sé déanta go maith agus mairfidh sé. |
| Is cuideachta bheag áitiúil/neamhspleách a tháirgeann é, seachas branda mór le rá. | Is in Éirinn a dhéantar é agus tacaíonn sé le poist áitiúla agus le geilleagar na hÉireann. |
| Is é an branda nó an cineál táirge is mó atá á fhógairt/is cáiliúla. | An chuideachta a tháirgeann é, íocann siad an pá íosta ar a laghad leis na hoibrithe, agus tá dea-chleachtais sábháilteachta i bhfeidhm acu. |
| Ceapann tú go bhfuil cuma mhaith air, agus go bhfuil sé faiseanta. | Is rogha shláintiúil í. |
| Rinneadh é go háitiúil nó i do thír féin, agus ní raibh baint aige le taisteal ná droch-éifeachtaí ar an gcomhshaol. | Tá ceann ag do chairde go léir. |

Iarr ar gach grúpa na **trí fháth is tábhachtaí** a glaoch amach.

Cuir liosta díobh ar an gclár bán/smeach-chairt agus cuir tic leo má luaitear níos mó ná uair amháin iad.

- Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna eile chun machnamh agus plé ar an ngníomhaíocht a spreagadh:
  - Cad iad na cúiseanna is tábhachtaí chun earra a cheannach nó gan é a cheannach?
  - Cé chomh héasca nó chomh deacair a bhí an ghníomhaíocht? Cén fáth?
  - Cad iad na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na thrí fháth is tábhachtaí a roghnaigh tú?
- Mar thoradh ar na freagraí ar na ceisteanna sin, d'fhéadfadh plé a dhéanamh ar an difear idir **riachtanais** agus **mianta** agus feiniméan an **tomhaltachais**. D'fhéadfadh sé gur mhaith leat a chur in iúl go bhfuil níos mó ná ciall amháin le 'tomhail'. Ciallaíonn sé rud a ithe, ach freisin rud a cheannach agus a úsáid.
- Déan plé gearr ar an difear idir riachtanais agus mianta, agus iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt.

Iarr ar na daltaí ina ngrúpaí na focail seo a leanas a chuardach: **Tomhaltóir/tomhaltachas, inbhuanaithe/inbhuanaitheacht**, agus dhá abairt a scríobh a léiríonn an bhrí atá leo.

- Scríobh na focail ar an gclár bán agus iarr ar na grúpaí ceann dá n-abairtí a léamh do gach ceann de na focail
- Déan plé ar an gcaoi a bhfuil daoine sa lá atá inniu ann ag tomhailt níos mó ná riamh roimhe, agus ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith ár spreagadh chun níos mó tomhaltais a dhéanamh; déan liosta de na cúiseanna sin.
- Cad iad na háiteanna ar domhan ina ndéantar an tomhaltas is mó, agus cá ndéantar an tomhaltas is lú?
- Cad iad na fadhbanna a bhaineann le tomhaltachas iomarcach, dar leis na daltaí, agus cad iad na codanna den domhan is mó a bhfuil tionchar ag na fadhbanna sin orthu?
- Go ginearálta, conas a d'fhéadfadh daoine a dtomhaltas de tháirgí nach bhfuil de dhíth orthu a laghdú? (Trí athúsáid, athchúrsáil, deisiú, babhtáil, déanamh, earraí athláimhe a cheannach, iompar poiblí a úsáid, laethanta saoire a chaitheamh níos gaire don bhaile srl.)
- Cuir an cheist seo: *Go ginearálta, cad a chuireann daoine san áireamh, nó nach gcuireann siad san áireamh, agus rudaí á gceannach acu?*
- D'fhéadfadh an freagra seo a leanas a bheith ar cheann de fáthanna le rud a cheannach/ gan a cheannach: "toisc go bhfuil sé go maith/dona dúinn"
- Cuir an cheist seo a leanas: *"Cuir i gcás gur drochrud do dhaoine eile é an t-earra seo a cheannach, na daoine a rinne é, abair, nó dá mbeadh sé go holc d'ainmhithe nó don chomhshaol – an mbeadh sé sin ina chúis mhaith go leor gan é a cheannach?"*
- Cad iad na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna den sórt sin?
- Conas a d'fhéadfadh daoine smaoineamh agus mothú faoi athruithe den chineál sin a dhéanamh?

### Nótaí do Mhúinteoirí: Tomhaltas eiticiúil

Le 30 bliain anuas, tá níos mó agus níos mó daoine ar fud an domhain tar éis éirí níos tuisceanaí agus níos eolaí ar an áit óna dtagann na hearraí a cheannaíonn siad ó lá go lá, ar pholasaithe agus ar chleachtais cheannaigh na siopaí a dtugann siad cuairt orthu, agus ar na beartais agus na prionsabail is bonn leis na seirbhísí a cheannaíonn siad. Tá méadú ag teacht de shíor ar an tionchar atá ag an bhfeasacht agus ag an eolas seo ar chleachtais tomhaltóirí agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don chinneadh a dhéanann duine táirge nó seirbhís a leith a cheannach nó gan é/í a cheannach. Tá roinnt cúiseanna leis an bhforbairt seo, ar a dtugtar "tomhaltachas eiticiúil", "tomhaltas eiticiúil", etc. Is cineál gníomhaíochta tomhaltóirí é an tomhaltachas eiticiúil, rud a chiallaíonn: **tomhaltóirí ag glacadh freagracht as a gcinntí maidir le hearraí agus seirbhísí a cheannach.** (ó "Ethical Consumerism, A Guide for Trade Unions" Comhdháil na gCeardchumann, 2009 ar fáil ó **http://www.ictu.ie/ download /pdf/ethical_ consumer_ guide_ictu.pdf)**

### Gníomhaíocht maidir le tomhaltachas

**Treoracha:**

- Roimh an ngníomhaíocht, priontáil amach agus gearr suas sraith den 14 shampla thíos: sraith amháin do gach grúpa. Déan amhlaidh leis na trí cheannteideal thíos.
- Léigh amach na ceannteidil agus tabhair sraith díobh do gach grúpa.
- Iarr ar na grúpaí gach sampla a léamh os ard, agus é a chur faoin gceannteideal ceart.

- Tabhair deich nóiméad dóibh leis an tasc a chur i gcrích.
- **Aiseolas:**
- Iarr raon samplaí ó na grúpaí.
- Déan plé ar cé chomh héasca nó deacair is a bhí an tasc, agus cén fáth, agus pléigh aon samplaí nach raibh siad cinnte fúthu.
- Cad a chuir iontas orthu? Cad é an dearcadh atá acu ar na cleachtais sin?
- Cad iad na samplaí a d'fhéadfaí a chur faoi níos mó ná ceannteideal amháin? An féidir leo an fáth a mhíniú?

**Ceannteidil**

**Samplaí de chleachtas trádála a chuireann isteach go mór ar chearta daoine.**

**Samplaí de chleachtas trádála a chuireann isteach go mór ar an gcomhshaol.**

**Samplaí de chleachtas trádála a chuireann isteach go mór ar ainmhithe.**

| | | |
|---|---|---|
| Ceannaíonn cuideachta teicneolaíochta coltan ó thír san Afraic lena fóin shoghluaiste a tháirgeadh, ach cuireadh na mílte daoine bochta dá gcuid talún leis na mianaigh coltan a thógáil. | Seolann cuideachta mhór éisc trálaeir chuig cósta thiar na hAfraice áit a gcrochann a cuid innealra ardchumhachta na billiúin iasc léi, rud a laghdaíonn stoic éisc phóraithe. Caitear na milliúin iasc "neamhoiriúnach" ar ais marbh isteach san fharraige. | Ceannaíonn cuideachta mhór cosmaidí ola phailme ó thír inar glanadh foraoisí le haghaidh plandálacha ola pailme lena laghdaítear líon na n-ainmhithe, na gcrann agus na bplandaí, agus lena gcuirtear speicis amhail an órang-útan i mbaol. |
| Uisce a ritheann chun srutha nó fuíolluisce ón talmhaíocht agus ón bhfeirmeoireacht, téann sé isteach in go leor aibhneacha agus lochanna, rud a thruaillíonn an t-uisce agus a mharaíonn éisc abhann. | Forbraíonn agus díolann comhlacht armála airm le tíortha a bhfuil drochtheist orthu maidir le cearta an duine. | Déanann cuideachta ilnáisiúnta bainne foirmle bainne do leanaí a mhargú i dtír bhocht. Mar thoradh air sin déanann an iliomad máithreacha iarracht foirmle monaraithe a cheannach in ionad beathú cíche a thabhairt dá leanaí. |
| Tá cuideachta ag baint salainn i dtír in Iarthar na hAfraice ina bhfuil an pá an-íseal, ach bogann sé an chuid is mó dá bhrabúis mhóra amach as an tír chun cánacha a sheachaint. Fágann sin nach mbíonn ioncam atá ag teastáil go géar ag an tír chun seirbhísí a chur ar fáil dá pobail. | Díolann cuideachta cosmaidí uachtar craicinn díobhálach a chuireann dath níos gile ar an gcraiceann, agus déanann siad é a fhógairt in go leor tíortha san Afraic. | Ceimiceáin shintéiseacha atá san iliomad táirgí ó seampú go ríomhairí, déantar dramhaíl díobh nó dóitear iad tar éis iad a úsáid, rud a chuireann go mór le gáis cheaptha teasa agus leis an athrú aeráide. |
| Iompórtálann cuideachta bláthanna ó thír ina bhfástar bláthanna go han-dian trí úsáid a bhaint as méideanna móra de lotnaidicíd cheimiceach, rud a chuireann sláinte na n-oibrithe a phiocann na mbláthanna i mbaol. | Úsáideann tionscail na n-aerlínte agus na ngluaisteán lear mór ola ar breosla iontaise í, rud is cúis le hastaíochtaí carbóin a scaoileadh isteach san atmaisféar agus a chuireann leis an téamh domhanda. | Ceannaíonn cuideachta méideanna ollmhóra d'éadaí spóirt ó mhonarcha i dtír eile ina gcuirtear iallach ar oibrithe uaireanta fada a oibriú, ar phá an-íseal. |

| | | |
|---|---|---|
| Táirgeann cuideachta táirgí a dhéantar a thástáil ar ainmhithe – gallúnach, cosmaidí, etc. – rud a chúisíonn míchompord, pian agus i gcásanna áirithe bás na n-ainmhithe sin. | Tá dianmhonarchan feirmeoireachta sicín a choimeádann na sicíní sáinnithe gan a bheith in ann bogadh, rud a dhéanann dochar do shláinte agus dea-bhail na n-ainmhithe. | |

**Plé**

**Conas is féidir linn** sinn féin a chur ar an eolas faoi tháirgí nó faoi chuideachtaí a dhéanann dochar do dhaoine, don chomhshaol, agus d'ainmhithe?

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil aon smaointe acu faoin áit ar féidir linn eolas a fháil faoi na táirgí a ithimid, a ólaimid, a chaithimid agus a úsáidimid? Scríobh síos aon smaointe.

**Gníomhaíocht maidir le heolas faoi tháirgí**

- Tabhair cumhdaigh agus/nó pacáistíocht bhia, amhail seacláid, brioscaí, glasraí, torthaí triomaithe, etc. do gach grúpa. Iarr ar na daltaí na cumhdaigh a scrúdú.
- Taispeáin na Treoirlínte thíos ar an gclár bán/smeach-chairt.
- Iarr ar na daltaí scrúdú a dhéanamh ar a gcumhdaigh trí úsáid a bhaint as na Treoirlínte thíos chun cumhdach/pacáistíocht a scrúdú.
- Iarr orthu a gcuid freagraí a ghlaoch amach agus iad a liostú ar an mbord.
- Fiafraigh díobh cén fáth a bhféadfadh an t-eolas sin a bheith tábhachtach.
- Mínigh dóibh go gceanglaítear de réir dlí ar chuideachtaí eolas tábhachtach faoina dtáirge a chur ar an gcumhdach nó ar an bpacáistiú ionas go mbeidh tomhaltóirí ar an eolas faoi. I gcás táirgí bia, is le comhábhair an táirge a bhaineann an t-eolas sin de ghnáth, ar mhaithe le leas an tomhaltóra ó thaobh sláinte de, ach féadfar an áit as a dtagann na comhábhair a léiriú freisin, agus eolas eile a bhaineann leis an gcomhshaol nó le hinbhuanaitheacht, agus i gcásanna áirithe an táirge Fairtrade é.

**Treoirlínte maidir le cumhdach/pacáistiú a bhreathnú agus a scrúdú**

**Nóta:** D'fhéadfadh sé nach mbaineann cuid de na ceisteanna seo leis an earra atá á scrúdú.

- Cá ndearnadh an t-earra? D'fhéadfadh "táirge ó níos mó ná tír/réigiún amháin" nó "iompórtáilte" a bheith scríofa ar an gcumhdach nó an pacáistiú. D'fhéadfadh "curtha i mbuidéil in" nó "pacáilte le haghaidh" etc. a bheith air freisin.
- Cé a tháirg an t-earra?
- An bhfuil liosta comhábhar ann?
- An bhfuil aon eolas sláinte ann?
- An bhfuil aon rabhadh nó beartas cosanta luaite ann?
- An bhfuil aon eolas ann a bhaineann le hinbhuanaitheacht? An bhfuil an cumhdach in-athchúrsáilte?
- An bhfuil aon eolas ann maidir le sciar na mbrabús nó na sochar a thugtar do tháirgeoirí nó do shaothróirí na dtáirgí nó do dhálaí oibre na n-oibrithe?
- An bhfuil aon chaoi a bhféadfá tuilleadh eolais a fháil faoin táirge?

**Cad is féidir linn a dhéanamh mar thomhaltóirí?**

**Baghcat a dhéanamh ar Chuideachtaí:** Nuair a dhéanann tomhaltóirí nó custaiméirí baghcat, is é an chiall atá leis nach ndéanann siad táirgí a úsáid ná a cheannach ó chuideachtaí nó ó thíortha áirithe.

D'fhéadfadh daoine baghcat a dhéanamh ar chuideachtaí ar chúiseanna éagsúla; mar shampla, cuideachtaí a bhfuil an iomarca tionchair acu ar rialtais trí bhrúghrúpaí nó trí airgead a dheonú do na páirtithe polaitiúla iad féin; cuideachtaí nach n-íocann cáin ach a dhéanann brabúis ollmhóra.

Ceapann roinnt grúpaí feachtais nach dea-smaoineamh é baghcat, nó go mb'fhéidir go dtarraingeodh cuideachta a gnó siar ó mhonarcha thar lear mar thoradh air, rud a fhágfadh go gcaillfeadh líon mór oibrithe a bpost agus a slí bheatha.

**Gníomhartha a d'fhéadfaimis a dhéanamh mar thomhaltóirí** lena chinntiú go dtáirgtear na táirgí a cheannaímid ar bhealach cothrom inbhuanaithe, rud nach ndéanann dochar do dhaoine, d'ainmhithe ná don chomhshaol:

- Mar shampla, d'fhéadfaimis dul i dteagmháil le cuideachtaí mór le rá agus a fhiafraí díobh faoina dtáirgí i ndáil leis na saincheisteanna sin.
- D'fhéadfadh muid freisin ceist a chur i siopaí, in ollmhargaí, i gcaiféanna, agus i slabhraí eile an bhfuil siad polasaithe acu (is é is polasaí ann ráiteas de na luachanna atá ag cuideachta agus a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanann siad a ngnó) faoi na saincheisteanna seo, agus cibé an gcuireann siad san áireamh iad nuair a bhíonn siad ag ceannach óna soláthraithe.
- D'fhéadfaimis tacú le cuideachtaí a chinntíonn go ndéantar a gcuid táirgí a aimsiú agus a mhonarú go heiticiúil, agus a bhfuil a dtrádáil cóir agus inbhuanaithe. Is féidir linn a fháil amach faoi na cuideachtaí seo trí thaighde ar líne.
- D'fhéadfadh muid an méid rudaí a cheannaíonn muid nach bhfuil ag teastáil i ndáiríre a laghdú.
- D'fhéadfadh muid rudaí a athúsáid nó a dheisiú níos mó, seachas iad a chaitheamh amach agus cur leis an méid dramhaíola.
- D'fhéadfadh muid gan rudaí a bhfuil an iomarca pacáistíochta orthu a cheannach, e.g. úlla scaoilte a cheannach i mála is féidir a athúsáid, seachas úlla i bpacáiste.
- D'fhéadfadh muid tacú le gnólachtaí beaga áitiúla, seachas le slabhraí móra idirnáisiúnta.

**Gníomhaíocht Forleathnúcháin:** Déan iniúchadh ar na cineálacha tionchair a imrítear ar roghanna agus nósanna siopadóireachta (e.g. An méid airgid atá ar fáil, luach ar airgead, tuismitheoirí, piaraí, laochra, faisean, dílseacht bhranda etc.) agus go háirithe ról na n-ollmheán i gcoitinne agus fógraíocht go háirithe. Níor chóir dúinn ach earraí a táirgeadh go heiticiúil a cheannach.

### Nótaí do Mhúinteoirí: Tomhaltas Eiticiúil

### Critéir an Tomhaltóra Eiticiúil

Is iad na catagóirí seo a leanas a úsáidtear san iris The Ethical Consumer sa Ríocht Aontaithe: daoine, an comhshaol, ainmhithe, polaitíocht agus inbhuanaitheacht táirgí mar bhonn chun iompar gnólachtaí a rátáil agus chun cleachtais freagracha táirgthe agus trádála a spreagadh. Cuidíonn an t-eolas seo le daoine cinneadh a dhéanamh faoi cad a cheannóidh siad agus cé uaidh a gceannóidh siad. Tá rátálacha dearfacha ann do chuideachtaí atá páirteach i raon réimsí éagsúla amhail inbhuanaitheacht, an méid seo a leanas ina measc:

- táirgí orgánacha
- táirgí Fairtrade
- rátálacha maithe éifeachtúlachta fuinnimh
- táirgí veigeánacha nó veigeatóracha

Tá cur síos níos iomláine ar na catagóirí seo ar fáil ag **http://www.ethicalconsumer.org/portals/0/downloads/categoriesa4.pdf**

**Innealtóireacht Ghéiniteach:** Is é atá i gceist le hinnealtóireacht ghéiniteach i réimse na talmhaíochta ná DNA nó comhdhéanamh géiniteach plandaí nó barra a athrú ag baint úsáid as modhanna innealtóireachta géiniteacha lenar féidir tréith nua a thabhairt do phlanda, tréith nach dtarlaíonn go nádúrtha sa speiceas. Samplaí de sin is ea táirgí plandaí a dhéanamh níos frithsheasmhaí in aghaidh galair. Tá roinnt daoine ann nach gceapann gur rud maith é sin, agus ceapann daoine eile gur féidir leis cabhrú chun dul i ngleic leis an ocras i dtíortha bochta.

Is é an fhadhb atá ann go bhfuil cuideachtaí a bhfuil baint acu le hinnealtóireacht ghéiniteach tar éis brú a chur ar a rialtais nó áitiú orthu rialacha trádála áirithe a athrú ionas gur féidir leo barra géinmhodhnaithe (GM) a aistriú ó thír go tír ag baint úsáid as paitinní. Trí phaitinn a fháil ar bharra cuirtear ar chumas cuideachta an ceart a bheith aige síolta a athúsáid agus dá bhrí sin is féidir leo stop a chur le feirmeoirí beaga nó feirmeoirí níos boichte síolta a shábháil lena n-úsáid sa todhchaí.

## **Aonad 4 Gníomhaíocht 3:** An fhoghlaim a chomhroinnt

**Tionscadail Deiridh i ngrúpaí nó i bpéirí:** D'fhéadfadh daltaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga tionscadal a chruthú ar cheann de na hábhair a ndearna siad iniúchadh orthu sa phacáiste seo. D'fhéadfadh siad an méid a d'fhoghlaim siad a chur in iúl do dhaoine lasmuigh dá rang ar bhealaí éagsúla. Tá go leor bealaí suimiúla agus cruthaitheacha ina bhféadfadh siad é sin a dhéanamh.

### Cad a d'fhéadfadh muid a chur in iúl?

*D' fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith i measc na n-**ábhar:***

- Tíortha san Afraic, ár naisc leis an Afraic, Fairtrade; trádáil; conas is féidir le cleachtais trádála dochar a dhéanamh; conas is féidir le trádáil a bheith eiticiúil; ó Shíol go Siopa: conas a dhéantar seacláid; an slabhra luacha; gnólachtaí pobail i dtíortha san Afraic; conas is féidir linn cuidiú chun an trádáil a dhéanamh cóir; tomhaltachas eiticiúil

### Conas a d'fhéadfaimis cumarsáid a dhéanamh? Seo roinnt smaointe – d'fhéadfá ceann amháin nó níos mó a úsáid:

- Cruthaigh póstaeir le téacs agus íomhánna, grafaicí, réada.
- Déan cur i láthair Powerpoint nó Prezi ina mbeidh téacs, íomhánna, grafaicí faisnéise, léarscáileanna.
- Ullmhaigh caint ar cheann de na hábhair, le seisiún ceisteanna agus freagraí ag an deireadh.
- Déan suirbhé i measc piaraí sa scoil nó le teaghlaigh, ar aon cheann de na hábhair, mar shampla ár naisc leis an Afraic, Fairtrade, nósanna tomhaltóirí agus tomhaltachas eiticiúil.
- Déan rólimirt a chumadh agus a chur i láthair ina dtarraingítear aird ar roinnt ceisteanna tábhachtacha; d'fhéadfaí é a chur i láthair do lucht féachana agus a thaifeadadh fiú.
- Cruthaigh saothar ealaíne chun léiriú a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna atá pléite acu nó ar an eolas atá foghlamtha acu.

- Rólimirt 'Dragon's Den': Bunaithe ar na Cás-Staidéir ar fhiontair áitiúla in Aonad 3; grúpaí nó péirí éagsúla ag déanamh ionadaíocht orthu agus cur chun cinn ar gach ceann de na gnólachtaí pobail beaga mar a dhéantar ar Dragon's Den. Beidh roinnt daltaí i ról na "ndragan" agus cinnfidh siad cé acu gnólacht ina ndéanfaidh siad infheistíocht, ach tabharfar tús áite do na buntáistí don phobal a bhaineann le gach fiontar. D'fhéadfaí é seo a chur i láthair do lucht féachana scoile.
- Déan amhrán, rap nó ceol a chumadh chun cuid den fhoghlaim a chur in iúl.
- Déan dán, agus/nó gearrscéal a chumadh faoi shaincheisteanna nó daoine a bhfuil eolas foghlamtha acu fúthu.
- Daoine eile?

## Cá háit agus cé leis?

- Ag tionól scoile,
- I seomraí ranga eile,
- I halla pobail áitiúil nó i leabharlann,
- Mar chuid de scéim dámhachtainí
- Eile.

**Nótaí do Mhúinteoirí:** is féidir an leathanach seo a leanas a thabhairt do na daltaí nuair a bheidh an pacáiste críochnaithe. Is bealach é inar féidir leis na daltaí a gcuid foghlama a thaifeadadh.

# Naisc Chóra, Trádáil Chóir: an méid atá foghlamtha agam




**Tar éis na gníomhaíochtaí sa phacáiste a chríochnú:**

Braithim anois go bhfuil i bhfad níos mó ar eolas agam faoi na nithe seo a leanas:

Ba mhaith liom tuilleadh eolais a fháil faoi na nithe seo a leanas:

Bhí iontas orm an méid seo a leanas a fhoghlaim:

Seo a leanas roinnt athruithe ba mhaith liom a fheiceáil ar fud an domhain...

Seo a leanas na daoine a d'fhéadfadh cabhrú chun na hathruithe sin a dhéanamh:

Rudaí a d'fhéadfainn a dhéanamh chun na hathruithe sin a chur i gcrích:

Rud amháin a dhéanfaidh mé i mo shaol anois agus eolas agam faoi na rudaí seo:

Nótaí:

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

PROUDLY
MADE IN
AFRICA